



Uimhir 26 de 2013

**ACHT AN BHAINC CEANNAIS (MAOIRSIÚ AGUS
FORFHEIDHMIÚ), 2013**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.
2. Tosach feidhme.
3. Léiriú.
4. Aisghairm agus cúlghairm.
5. Leasuithe.
6. Cosaintí agus forálacha idirthréimhseacha.

CUID 2

TUARASCÁIL A SHOLÁTHAR DON BHANC

7. Mínithe (*Cuid 2*).
8. Daoine lena mbaineann an Chuid seo.
9. Fógra a thabhairt d'athbhreithní á cheangal tuarascáil a sholáthar.
10. Nithe a dtabharfaidh an Banc aird orthu sula dtabharfaidh sé fógra faoi *alt 9*.
11. An t-athbhreithnitheoir.
12. Conradh leis an athbhreithnitheoir.
13. Costas tuarascála.
14. Cúnamh a thabhairt don athbhreithnitheoir.
15. Dualgas ar an athbhreithní a chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an athbhreithnitheora.

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

16. An t-athbhreithnitheoir do sholáthar míniú don Banc.
17. Ní bheidh an Banc faoi cheangal ag tuarascáil ná faoi dhliteanas ina leith.
18. Cion arb éard é faisnéis bhréagach a sholáthar d'athbhreithnitheoir.
19. Féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú.
20. Treoirlínte d'athbhreithnithe agus d'athbhreithnitheoirí.

CUID 3

FAISNÉIS, ETC.

CAIBIDIL 1

Réamhráiteach

21. Daoine lena mbaineann an Chuid seo.

CAIBIDIL 2

Cumhacht an Bhainc faisnéis, etc. a bhailiú

22. Cumhacht an Bhainc a cheangal go soláthrófar faisnéis, taifid, pleananna, etc.
23. An fhoirm ina mbeidh faisnéis, etc.

CAIBIDIL 3

Oifigigh údaraithe

24. Oifigigh údaraithe a cheapadh.
25. Barántas ceapacháin.
26. Cumhacht oifigigh údaraithe dul isteach in áitreabh.
27. Cumhachtaí oifigigh údaraithe.
28. Is gá barántas chun dul isteach in áitreabh.
29. Féadfaidh oifigeach údaraithe freastal ar chruinnithe.

CAIBIDIL 4

Forlíontach

30. Ní mheasfar gur sárú é faisnéis, taifead nó doiciméad eile a sholáthar ná ní dhéanfaidh an céanna difear do lian.
31. Mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh.
32. Cion.
33. Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid.
34. Faisnéis a úsáid.

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

CUID 4

DEARBHÚ Ó INIÚCHÓIR

35. Leasú ar Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
36. Leasú ar alt 27G d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

CUID 5

COSAINN DO DHAOINE A THUAIRISCEOIDH SÁRUITHE

37. Mínithe (*Cuid 5*).
38. Nochtadh cosanta.
39. Treoirlínte do dhaoine dá dtagraítear in *alt 38(2)(a)*.
40. Cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a rinne nochtadh cosanta.
41. Fostaithe a chosaint ar phionósú mar gheall ar nochtadh cosanta a dhéanamh.
42. Dliteanas tortach duine mar gheall ar íospairt.

CUID 6

COSAINN CUSTAIMÉIRÍ

43. Cumhacht an Bhainc sásamh do chustaiméirí a ordú.
44. Caingne le haghaidh damáistí.

CUID 7

CUMHACHT AN BHAINC ORDACHÁIN A THABHAIRT

45. Cumhacht an Bhainc ordacháin a thabhairt.
46. Ceadú roimh ré ón Ard-Chúirt le haghaidh imeachtaí áirithe.
47. Féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar orduithe chun ordacháin a fhorfheidhmiú.

CUID 8

CUMHACHT AN BHAINC RIALACHÁIN A DHÉANAMH

48. Cumhacht an Bhainc rialacháin a dhéanamh.
49. Comhchomhairle roimh rialacháin a dhéanamh.
50. Nithe a dtabharfaidh an Banc aird orthu le linn rialacháin a dhéanamh.
51. Forálacha forlíontacha a bhaineann le rialacháin.

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

CUID 9

FORFHEIDHMIÚ

52. Orduithe forfheidhmithe ón Ard-Chúirt ar iarratas ón mBanc.
53. Fógraí don phobal.
54. Orduithe aisig.
55. Cionta a ionchúiseamh.
56. Cóipeanna de dhoiciméid do ghiúiréithe.
57. Duine ciontaithe faoi dhliteanas i leith costais agus caiteachais a ghabhann le himscrúdú agus imeachtaí.
58. Teorainn le dliteanas.

CUID 10

LEATHNÚ AR CHUID V D'ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1997 MAIDIR LE GNÓLACHTAÍ BAINISTITHE FIACHAIS, ETC.

59. Leasú ar alt 28 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
60. Leasú ar alt 31 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
61. Leasú ar alt 31A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
62. Leasú ar alt 32A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
63. Leasú ar alt 33A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
64. Foráil idirthréimhseach le haghaidh gnólachtaí bainistithe fiachais láithreacha.
65. Leasú ar alt 36 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
66. Leasú ar alt 36A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

CUID 11

LEASUITHE AR CHUID IIIC D'ACHT 1942

67. Leasú ar alt 33AO d'Acht 1942.
68. Leasú ar alt 33AQ d'Acht 1942.
69. Leasú ar alt 33AV d'Acht 1942.
70. Leasú ar alt 33BA d'Acht 1942.
71. Leasú ar alt 33BC d'Acht 1942.

CUID 12

LEASUITHE EILE AR AN REACHTAÍOCHT A BHAINNEANN LE SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

72. Faisnéis faoi ghearáin le cur san áireamh i dtuarascáil an Ombudsman.

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

73. Brainsí tríú tír.
74. Leasú ar alt 76 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989.
75. Leasú ar alt 43 den Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995.
76. Leasú ar alt 30 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.
77. Leasú ar alt 45 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.
78. Leasú ar alt 149 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.
79. Leasú ar alt 27 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.
80. Leasuithe ar an Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998.
81. Leasú ar an Acht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009.
82. Leasú ar Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011.

CUID 13

ILGHNÉITHEACH

83. Leasú ar alt 1 den Acht Árachais, 1964.
84. Leasú ar alt 6 den Acht Árachais, 1964.
85. Leasú ar alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionótaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978.
86. Leasú ar alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionótaí (Leasú), 1980.
87. Leasú ar alt 3 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.
88. Faisnéis chánach a nochtadh don Bhanc faoi chuideachtaí cáilitheacha agus Corparáidí um Meáin Airgeadais.
89. Leasú ar alt 11 den Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000.
90. Leasú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.
91. Leasú ar alt 56 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.
92. Leasú ar an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008.
93. Leasú ar alt 38 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010.
94. Leasú ar alt 6 den Acht fá Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013.

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

SCEIDEAL 1

AISGHAIRM AGUS CÚLGHAIRM

CUID 1

AISGHAIRM

CUID 2

CÚLGHAIRM

SCEIDEAL 2

LEASUITHE AR ACHTANNA AN BHAINC CEANNAIS

CUID 1

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1942

CUID 2

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1971

CUID 3

LEASÚ AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1997

CUID 4

LEASUITHE AR AN ACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN BHAINC CEANNAIS, 2010

CUID 5

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS AGUS NA BHFORAS
CREIDMHEASA (RÉITEACH), 2011

SCEIDEAL 3

LEASUITHE AR ACHTANNA ÁIRITHE EILE

CUID 1

LEASUITHE AR AN ACHT UM IDIRGHABHÁLAITHE INFHEISTÍOCHTA, 1995

CUID 2

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHOMHAR CREIDMHEASA, 1997

CUID 3

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHÚITEAMH D'INFHEISTEoirí, 1998

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS (SCÉIM RÁTHAÍOCHTA
TAISCÍ), 2009

SCEIDEAL 4

LEASUITHE AR IONSTRAIMÍ REACHTÚLA ÁIRITHE

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

CUID 1

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (MARGAÍ IN IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS), 2007

CUID 2

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (MAIRSEACHT FHORLÍONTACH AR GHRÚPAÍ ÁRACHAIS AGUS ATHÁRACHAIS), 2007

CUID 3

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (FAISNÉIS I DTAOBH AN ÍOCÓRA A BHEITH AG GABHÁIL LE HAISTRITHE CISTÍ), 2007

CUID 4

LEASÚ AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (FORAIS CHREIDMHEASA A ATHEAGRÚ AGUS A FHOIRCEANNADH), 2011

SCEIDEAL 5

SÁSAMH MAR GHEALL AR SHÁRÚ AR *alt 41(1)*

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

| | |
|--|-----------------------|
| An tAcht um Urrúis Faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001 | 2001, Uimh. 47 |
| <i>Bankers' Books Evidence Act 1879</i> | 42 & 43. Vict., c. 11 |
| An tAcht Féimheachta, 1988 | 1988, Uimh. 27 |
| An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 | 1989, Uimh. 17 |
| Acht an Bhainc Cheannais, 1942 | 1942, Uimh. 22 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1971 | 1971, Uimh. 24 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1989 | 1989, Uimh. 16 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1997 | 1997, Uimh. 8 |
| Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 2012 | |
| Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011 | 2011, Uimh. 27 |
| An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 | 2010, Uimh. 23 |
| An tAcht Carthanas, 2009 | 2009, Uimh. 6 |
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Acht na gCuideachtaí, 1990 | 1990, Uimh. 33 |
| Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 | 1990, Uimh. 27 |
| An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 | 1995, Uimh. 24 |
| An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 | 2007, Uimh. 19 |
| An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008 | 2008, Uimh. 18 |
| An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 | 2010, Uimh. 36 |
| An tAcht um Chomhar Creidmheasa, 1997 | 1997, Uimh. 15 |
| An tAcht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche, 2012 | 2012, Uimh. 40 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 | 2005, Uimh. 2 |
| <i>Debtors (Ireland) Act 1840</i> | 3 & 4 Vict., c. 105 |
| An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 | 2001, Uimh. 32 |
| An tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000 | 2000, Uimh. 27 |
| Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú), 1993 | 1993, Uimh. 25 |
| An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthafochta Taiscí), 2009 | 2009, Uimh. 13 |
| An tAcht um Aistrithe Airgeadais, 1992 | 1992, Uimh. 27 |
| An tAcht Árachais (Uimh. 2), 1983 | 1983, Uimh. 29 |
| An tAcht Árachais, 1964 | 1964, Uimh. 18 |
| An tAcht Árachais, 1989 | 1989, Uimh. 3 |
| An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005 | 2005, Uimh. 12 |
| An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 | 1995, Uimh. 11 |
| An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 | 1994, Uimh. 24 |
| An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998 | 1998, Uimh. 37 |
| An tAcht fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013 | 2013, Uimh. 2 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980 | 1980, Uimh. 10 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967 | 1967, Uimh. 3 |
| An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 | 1978, Uimh. 16 |
| An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 | 2003, Uimh. 46 |
| An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 | 2012, Uimh. 44 |

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.* [Uimh. 26.]

| | |
|--|-----------------------|
| <i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851 | 14 & 15. Vict., c. 93 |
| An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 | 2000, Uimh. 30 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 | 1984, Uimh. 21 |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe), 2003 | 2003, Uimh. 29 |
| An tAcht Comharbais, 1965 | 1965, Uimh. 27 |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 1997, Uimh. 39 |
| An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989 | 1989, Uimh. 21 |
| An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 | 2003, Uimh. 2 |
| An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 | 1977, Uimh. 10 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 | |
| An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990 | 1990, Uimh. 37 |



Uimhir 26 de 2013

ACHT AN BHAINC CEANNAIS (MAOIRSIÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ), 2013

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE MAIDIR LE SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE AIRGEADAIS AGUS SEIRBHÍSE AIRGEADAIS A RIALÁIL AGUS A MHAOIRSIÚ; DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE MAIDIR LEIS AN REACHTAÍOCHT A BHAINNEANN LE SEIRBHÍSE AIRGEADAIS A FHORFHEIDHMIÚ; DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE DAOINE A THUAIRSCIONN SÁRUITHE A CHOSAINT; CHUN NA gCRÍOCH SIN AGUS CHUN CRÍOCH EILE DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE LEASUITHE AR ACHTANNA AN BHAINC CEANNAIS, 1942 GO 2012 AGUS AR ACHTANNA AGUS AR IONSTRAIMÍ REACHTÚLA ÁIRITHE EILE AGUS DO DHÉANAMH LEASÚ BREISE AGUS LEATHNÚ AR NA hACHTANNA AGUS AR NA hIONSTRAIMÍ REACHTÚLA SIN, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[11 Iúil 2013]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH

1.—(1) Féadfar Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

(2) Féadfar Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 2013 a ghairm d'Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 2012 agus den Acht seo (seachas *alt 5*, a mhéid a bhaineann sé le *Sceidil 3* agus *4*, agus *ailt 75* go *78*, *80* go *87* agus *89* go *94*) le chéile agus forléireofar le chéile iad.

2.—(1) Tagann an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil nó aicme duine áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla nó aicmí éagsúla duine. Tosach feidhme.

Cd.1 A.2

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

(2) Maidir le haisghairm ar Achtanna áirithe a mhéid a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1* agus maidir le cúlghairm ar ionstraimí reachtúla áirithe a mhéid a shonraítear i *gCuid 2* den *Sceideal* sin, a dhéantar le *halt 4*, féadfar, le hordú faoi *fho-alt (1)*, laethanta éagsúla a cheapadh chun forálacha éagsúla de na hAchtanna a shonraítear amhlaidh a aisghairm nó chun forálacha éagsúla de na hionstraimí reachtúla a shonraítear amhlaidh a chúlghairm agus chun aon fhoráil den sórt sin a aisghairm amhlaidh nó a chúlghairm amhlaidh, de réir mar a bheidh, chun críoch éagsúil.

(3) Maidir le leasú ar Achtanna agus ionstraimí reachtúla a leagtar amach i *Sceidil 2, 3* agus *4*, a dhéantar le *halt 5*, féadfar, le hordú faoi *fho-alt (1)*, laethanta éagsúla a cheapadh chun leasú a dhéanamh ar Achtanna nó ionstraimí reachtúla éagsúla nó ar fhorálacha éagsúla díobh.

Léiriú.

3.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1942” Acht an Bhainc Cheannais, 1942;

ciallaíonn “údarú” údarú, ceadúnas nó aon chead eile is gá chun gnó a sheoladh mar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais arna dheonú ag an mBanc de bhun aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, agus folaíonn sé clárú;

ciallaíonn “oifigeach údaraithe” duine a cheapfaidh an Banc faoi *alt 24* chun bheith ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe;

foláíonn “sáraigh” mainneachtain a dhéanamh maidir le comhlíonadh, agus folaíonn sé freisin—

- (a) iarracht ar shárú a dhéanamh,
- (b) cabhrú nó neartú le duine, nó comhairliú do dhuine nó a thabhairt ar dhuine, sárú a dhéanamh,
- (c) duine a aslú nó iarracht a dhéanamh duine a aslú (cibé acu trí bhagairtí nó trí ghealltanais nó ar shlí eile) chun sárú a dhéanamh,
- (d) a bheith (go díreach nó go neamhdhíreach) bainteach le sárú, nó ina pháirtí nó ina páirtí ann, go feasach, agus
- (e) comhcheilg a dhéanamh le daoine eile chun sárú a dhéanamh;

ciallaíonn “custaiméir”, i ndáil le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais—

- (a) aon duine dá soláthraíonn nó dá dtairgeann an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais seirbhísí airgeadais, nó
- (b) aon duine a iarrann soláthar seirbhísí airgeadais ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,

agus folaíonn sé custaiméir ionchasach agus iarchustaiméir;

ciallaíonn “reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais”—

- (a) na hachtacháin ainmnithe,

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.1 A.3

(b) na hionstraimí reachtúla ainmnithe, agus

(c) *Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 2013* agus ionstraimí reachtúla arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

tá le “sárú forordaithe” an bhrí chéanna atá leis in alt 33AN d’Acht 1942;

tá le “margadh rialáilte” an bhrí chéanna atá leis i Rialachán 3 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007);

ciallaíonn “gnóthas gaolmhar”, i ndáil le duine (“an duine céadluaite”)—

(a) más cuideachta an duine céadluaite, cuideachta eile is cuideachta ghaolmhar de réir bhrí alt 140(5) d’Acht na gCuideachtaí, 1990,

(b) comhpháirtíocht ar comhalta di an duine céadluaite,

(c) má bhí gnóthaí an duine chéadluaite agus duine eile á seoladh ar shlí a fhágann nach bhfuil gnó ar leithligh gach duine díobh, nó cuid mhór den chéanna, inaitheanta go héasca, an duine eile sin,

(d) más ceadmhach don duine céanna, nó don ghrúpa céanna daoine ag gníomhú dóibh de chomhbheart, a chinneadh conas a bhainisteofar, agus cé a bhainisteoidh, gnóthaí an duine chéadluaite agus duine eile, an duine eile sin,

(e) duine a chuireann cuspóir teoranta sonracha i gcrích trí ghnó an duine chéadluaite nó i dtaca leis an gcéanna, nó

(f) má cheanglaítear socrú a dhéanamh maidir leis an duine céadluaite agus maidir le duine eile i gcuntais chomhdhlúite ar bith arna dtiomsú de réir an Seachtú Treoir ón gComhairle, 83/349/CEE, an 13 Meitheamh 1983¹, an duine eile sin.

(2) Aon tagairtí san Acht seo do sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó do ghnóthas gaolmhar, léifear iad, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, mar thagairtí a fholaíonn duine a bhí, an tráth iomchuí, ina sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó ina soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó ina ghnóthas gaolmhar nó ina ghnóthas gaolmhar.

(3) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear san Acht seo agus a úsáidtear freisin in Acht 1942, tá an bhrí chéanna leis nó léi san Acht seo atá leis nó léi in Acht 1942, mura léir a mhalairt a bheith ar intinn.

4.—(1) Aisghairtear na hAchtanna a shonraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin. Aisghairm agus cúlghairm.

(2) Cúlghairtear na hionstraimí reachtúla a shonraítear i *gCuid 2* de *Sceideal 1* a mhéid a shonraítear i *gcolún (4)* den Chuid sin.

¹IO Uimh. L193, 18.7.1983, lch.1

Cd.1 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Leasuithe. 5.—(1) Leasaítear Achtanna an Bhainc Ceannais a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* de *Chodanna 1* go *5* de *Sceideal 2*.

(2) Leasaítear na hAchtanna a shonraítear i *gCodanna 1* go *3* de *Sceideal 3* a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* de gach Cuid díobh sin.

(3) Leasaítear na hionstraimí reachtúla a shonraítear i *gCodanna 1* go *3* de *Sceideal 4* a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* de gach Cuid díobh sin.

(4) Ní choisceann ná ní shrianann leasú ar ionstraim reachtúil le *fo-alt (3)* leasú nó cúlghairm na hionstraime dá éis sin le hionstraim reachtúil eile.

Cosaintí agus forálacha idirthréimhseacha.

6.—(1) Aon duine a bhí ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe, cibé ainm a tugadh air nó uirthi, a ceapadh faoi fhorálacha aon achtacháin a aisghairtear nó a chúlghairtear leis an Acht seo, díreach roimh theacht i ngníomh don aisghairm nó don chúlghairm lena mbaineann, measfar gur ceapadh é nó í faoi *Chuid 3*.

(2) Aon ní a rinne duine a bhí ina oifigeach údaraithe nó ina hoifigeach údaraithe, cibé ainm a tugadh air nó uirthi, a ceapadh faoi fhorálacha aon achtacháin a aisghairtear nó a chúlghairtear leis an Acht seo díreach roimh theacht i ngníomh don aisghairm nó don chúlghairm lena mbaineann, déileálfar leis, tar éis teacht i ngníomh don aisghairm nó don chúlghairm, mar ní arna dhéanamh faoin Acht seo ag oifigeach údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *Chuid 3*.

(3) Aon fhaisnéis a bailíodh, nó aon ní eile a rinneadh, faoi fhorálacha aon achtacháin a aisghairtear nó a chúlghairtear leis an Acht seo, déileálfar léi nó leis, tar éis teacht i ngníomh don aisghairm nó don chúlghairm, mar ní a rinneadh faoi aon fhoráil den Acht seo faoina bhféadfaí é a dhéanamh dá mba rud é go raibh an fhoráil i bhfeidhm an tráth a bhí i gceist.

CUID 2

TUARASCÁIL A SHOLÁTHAR DON BHANC

Mínithe (*Cuid 2*). 7.—Sa *Chuid seo*—

léifear “athbhreithní” de réir *alt 8*;

léifear “athbhreithnitheoir” de réir *alt 11*.

Daoine lena mbaineann an *Chuid seo*.

8.—Chun críocha na *Coda seo*, is athbhreithnithe iad seo a leanas:

(a) soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais;

(b) gnóthas gaolmhar de chuid soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais.

Fógra a thabhairt d’athbhreithní á cheangal tuarascáil a sholáthar.

9.—(1) Féadfaidh an Banc, chun rialáil chuí éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais agus ag féachaint do na nithe a leagtar amach in *alt 10*, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt d’athbhreithní, a cheangal ar an athbhreithní tuarascáil a sholáthar

don Bhanc, de réir an fhógra sin, maidir le ní ar bith a shonrófar san fhógra agus ar cheangail an Banc nó a bhféadfadh an Banc a cheangal faisnéis a sholáthar, nó doiciméid a thabhairt ar aird, ina thaobh faoi fhoráil ar bith den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais.

(2) Is í scríbhinn a bheidh fógra faoi *fho-alt (1)* agus luafar ann—

- (a) an dáta a tugadh an fógra,
- (b) an tréimhse ar laistigh di a ainmneoidh an t-athbhreithní duine don Bhanc lena cheadú a fháil ina leith faoi *alt 11*,
- (c) cuspóir na tuarascála,
- (d) raon feidhme na tuarascála,
- (e) an t-amchlár a gcríochnófar an tuarascáil dá réir,
- (f) na nithe a gceanglófar tuarascáil a thabhairt orthu,
- (g) an mbeidh moltaí le cur san áireamh sa tuarascáil,
- (h) foirm na tuarascála,
- (i) más cuí, an mhodheolaíocht a úsáidfear le linn an tuarascáil a ullmhú, agus
- (j) cibé nithe eile a bhaineann leis an tuarascáil agus is cuí leis an mBanc.

10.—Sula dtabharfaidh sé fógra faoi *alt 9*, déanfaidh an Banc, agus na cuspóirí ar gá an tuarascáil a thabhairt mar gheall orthu á gcur i gcuntas aige, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas, ar a laghad—

Nithe a dtabharfaidh an Banc aird orthu sula dtabharfaidh sé fógra faoi *alt 9*.

- (a) an mbeadh aon chumhachtaí eile a bheadh ar fáil don Bhanc faoi aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais níos cuí sna himthosca lena mbaineann,
- (b) an t-eolas agus an saineolas iomchuí atá ar fáil don athbhreithní, agus
- (c) na himpleachtaí costais don athbhreithní a bhaineann leis an tuarascáil a sholáthar, na hacmhainní atá ar fáil don athbhreithní agus an tairbhe don athbhreithní as an tuarascáil a sholáthar.

11.—(1) Is é nó is í a ullmhóidh tuarascáil a cheanglaítear a sholáthar don Bhanc faoin gCuid seo duine (dá ngairtear “an t-athbhreithnitheoir” sa Chuid seo)—

An t-athbhreithnitheoir.

- (a) a ainmneoidh an t-athbhreithní, laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san fhógra a thabharfar faoi *alt 9*, agus a cheadóidh an Banc, nó
- (b) a ainmneoidh an Banc, más rud é nach n-ainmneoidh an t-athbhreithní aon duine laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra faoi *alt 9* nó nach mbeidh an Banc sásta leis an duine a ainmneofar amhlaidh.

(2) Maidir leis an athbhreithnitheoir, is duine é nó í ar dealraitheach don Bhanc go bhfuil na scileanna aige nó aici a bhaineann le gnó an athbhreithní agus is gá chun tuarascáil oibiachtúil a ullmhú ar na nithe lena mbaineann agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh gur iniúcháir, achtúire, cuntasóir, dlíodóir, nó aon duine eile ag a bhfuil scileanna iomchuí gnó, teicniúla nó teicneolaíochta, atá ar fostú nó ar fruilíú thairis sin ag an athbhreithní é nó í.

(3) Le linn don Bhanc breithniú a dhéanamh i dtaobh an gceadóidh sé ainmniúchán faoi *fho-alt (1)(a)* nó an ndéanfaidh sé ainmniúchán faoi *fho-alt (1)(b)*, tabharfaidh an Banc aird ar na himthosca ba bhun leis an gceanglas tuarascáil a thabhairt agus i dtaobh ar dealraitheach, maidir leis an duine a bheartaíonn sé a cheadú nó a ainmiú amhlaidh—

- (a) go bhfuil an inniúlacht agus na cumais ann nó inti is gá chun an tuarascáil maidir leis an ní lena mbaineann a ullmhú,
- (b) go bhfuil sé nó sí in ann an tuarascáil a chríochnú laistigh den tréimhse a shonróidh an Banc san fhógra a thabharfar faoi *alt 9*,
- (c) go bhfuil eolas sainfheidhmiúil iomchuí ar bith aige nó aici, lena n-áirítear eolas sainfheidhmiúil faoin athbhreithní, faoin gcineál gnó a sheolann an t-athbhreithní, agus faoi na nithe a mbeidh tuarascáil le tabhairt orthu,
- (d) go bhfuil aon easaontacht leasa ionchasach aige nó aici in athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe a bhfuil tuarascáil le tabhairt orthu, lena n-áirítear aon easaontacht leasa ionchasach a éireoidh as na nithe d'ardú ceisteanna a bhaineann le cáilíocht nó le hiontaofacht oibre a rinne an t-athbhreithnitheoir beartaithe roimhe sin,
- (e) go bhfuil neamhspleáchas dóthanach aige nó aici, ag féachaint do chaidreamh gairmiúil nó tráchtála marthanach ar bith, chun tuairim oibiachtúil a thabhairt, agus
- (f) go bhfuil taithí roimhe sin aige nó aici ar thuarascálacha faoin gCuid seo nó tuarascálacha dá samhail a ullmhú.

(4) I gcás go gceadóidh an Banc ainmniúchán faoi *fho-alt (1)(a)* nó go ndéanfaidh sé ainmniúchán faoi *fho-alt (1)(b)*, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don athbhreithní á rá sin.

Conradh leis an athbhreithnitheoir.

12.—(1) I gcás go gceadóidh nó go n-ainmneoidh an Banc athbhreithnitheoir faoi *alt 11*, déanfaidh an t-athbhreithní conradh leis an athbhreithnitheoir.

(2) Beidh téarma sa chonradh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* á rá—

- (a) go gceanglófar ar an athbhreithnitheoir tuarascáil a ullmhú don athbhreithní de réir an fhógra a thabharfar faoi *alt 9*,
- (b) go dtarscaoilfear aon dualgas atá ar an athbhreithnitheoir i leith an athbhreithní agus a d'fhéadfadh teorainn a chur le soláthar faisnéise nó tuairime ag an athbhreithní don

athbhreithnitheoir le linn tuarascáil faoin gCuid seo a ullmhú,

- (c) go gceanglófar ar an athbhreithnitheoir, agus go gceadófar dó nó di, an méid seo a leanas a sholáthar don Bhanc i gcás go n-iarrfaidh an Banc amhlaidh—
 - (i) nuashonrúcháin thréimhsiúla maidir le dul chun cinn agus saincheistanna a eascróidh as an gcéanna,
 - (ii) tuarascálacha eatramhacha,
 - (iii) doiciméid agus páipéir oibre,
 - (iv) cóipeanna d'aon dréacht-tuarascálacha a thabharfar don athbhreithní, agus
 - (v) faisnéis shonrach faoi phleanáil agus dul chun cinn na hoibre atá le déanamh (ina mbeidh pleananna tionscadail, tuarascálacha faoi dhul chun cinn, lena n-áirítear an méid oibre a críochnaíodh, mionsonraí faoin am a caitheadh, costais go dtí sin agus mionsonraí faoi aon fhionnachtana suntasacha agus tátail shuntasacha),
 - (d) go mbeidh an Conradh faoi réir dhlí an Stáit,
 - (e) (i) go mbeidh an ceart ag an mBanc na forálacha a chuirfear ar áireamh sa chonradh faoin bhfo-alt seo a fhorfheidhmiú,
 - (ii) in imeachtaí arna dtionscnamh ag an mBanc chun na forálacha dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* a fhorfheidhmiú, nach mbeidh aon ní nach ní iomchuí é maidir leis na forálacha sin ar fáil don athbhreithnitheoir ar mhodh cosanta, fritháirimh nó frithéilimh,
 - (iii) má tá comhaontú eadrána sa chonradh, nach ndéileálfar leis an mBanc, le linn dó an ceart a shonraítear i *bhfomhír (i)* a fheidhmiú, mar pháirtí sa chomhaontú eadrána nó mar pháirtí atá faoi cheangal ag an gcéanna, agus
 - (iv) gur forálacha neamhinchúlghairthe na forálacha a chuirfear ar áireamh sa chonradh faoin bhfo-alt seo agus nach bhféadfar iad a athrú ná a chealú gan toiliú i scríbhinn a fháil ón mBanc roimh ré,
- agus
- (f) nach ndéanfar an Conradh a athrú ná a chealú ar shlí a mhúchfadh nó a d'athródh na forálacha a chuirfear ar áireamh sa chonradh faoin bhfo-alt seo.

(3) Féadfaidh an Banc, más dóigh leis gur cuí é, a iarraidh ar an athbhreithní cóip den dréachtchonradh a thabhairt don Bhanc sula ndéanfar leis an athbhreithnitheoir é agus féadfaidh an Banc a cheangal go ndéanfar cibé modhnuithe is cuí leis ar an dréachtchonradh.

Cd.2 [Uimh. 26.] Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.

Costas tuarascála. **13.**—Beidh na costais a bhainfidh agus a ghabhfaidh le tuarascáil faoin gCuid seo a ullmhú le híoc ag an athbhreithní.

Cúnamh a thabhairt don athbhreithnitheoir. **14.**—(1) Tabharfaidh athbhreithní an cúnamh sin go léir d'athbhreithnitheoir a theastóidh uaidh nó uaithi le réasún chun tuarascáil faoin gCuid seo a ullmhú.

(2) Aon duine a sholáthróidh, nó a sholáthair tráth ar bith, seirbhísí d'athbhreithní i ndáil le haon ní ar a gceanglófar tuarascáil a thabhairt faoin gCuid seo, tabharfaidh sé nó sí an cúnamh sin go léir d'athbhreithnitheoir a theastóidh uaidh nó uaithi le réasún chun an tuarascáil a ullmhú.

Dualgas ar an athbhreithní a chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an athbhreithnitheora. **15.**—Déanfaidh athbhreithní cibé bearta is gá le réasún chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh athbhreithnitheoir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo de réir théarmaí a chonartha nó a conartha.

An t-athbhreithnitheoir do sholáthar míniú don Bhanc. **16.**—I gcás go n-iarrfaidh an Banc é, soláthróidh athbhreithnitheoir míniú ar thuarascáil faoin gCuid seo ina hiomláine nó ar aon chuid di nó ar na moltaí, más ann, a dhéanfar sa tuarascáil, nó ar cibé nithe eile a bhaineann leis an tuarascáil is cuí leis an mBanc, agus sin i cibé foirm agus laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Banc.

Ní bheidh an Banc faoi cheangal ag tuarascáil ná faoi dhliteanas ina leith. **17.**—(1) Ní bheidh an Banc faoi cheangal ag an ábhar i dtuarascáil faoin gCuid seo agus ní mheasfar chun aon chríche gur breith nó tuairim de chuid an Bhainc tuarascáil den sórt sin.

(2) Ní hionann athbhreithní nó aon duine eile do ghlacadh le cur chuige a mholfar nó a thuirisceofar i dtuarascáil faoin gCuid seo agus an Banc do dhaingniú nó do cheadú an chuir chuige sin.

(3) Ní bheidh an Banc faoi dhliteanas i leith aon ghníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid athbhreithnitheora nó athbhreithní a bhaineann le tuarascáil faoin gCuid seo.

Cion arb éard é faisnéis bhréagach a sholáthar d'athbhreithnitheoir. **18.**—Aon duine—
(a) a chuirfidh bac nó treampán ar athbhreithnitheoir le linn dó nó di tuarascáil faoin gCuid seo a ullmhú,
(b) a dhéanfaidh, i ndáil le tuarascáil faoin gCuid seo a ullmhú, faisnéis a thabhairt d'athbhreithnitheoir is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, nó
(c) is athbhreithnitheoir agus a dhéanfaidh, i ndáil le tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, faisnéis a thabhairt don Bhanc is eol don athbhreithnitheoir a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha,

déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

19.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás gurb é tuairim an Bhainc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag duine aon choinníoll nó ceanglas a fhorchuirtear leis an gCuid seo nó le téarmaí conartha dá dtagraítear in *alt 12(1)* a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú chun oibleagáidí an duine sin faoin gCuid seo nó faoi théarmaí conartha den sórt sin a fhorfheidhmiú.

Féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú.

(2) I gcás gurb é tuairim an Bhainc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais coinníoll nó ceanglas a fhorchuirtear leis an gCuid seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc ordachán a thabhairt faoi *alt 45*.

20.—(1) Féadfaidh an Banc treoirlínte a fhoilsiú, i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis, chun treoir phraiticiúil a sholáthar d'athbhreithnithe agus d'athbhreithnitheoirí maidir le feidhm agus oibriú na Coda seo.

Treoirlínte d'athbhreithnithe agus d'athbhreithnitheoirí.

(2) Féadfaidh forálacha éagsúla i leith aicmí éagsúla athbhreithní nó athbhreithnitheora a bheith ar áireamh sna treoirlínte.

CUID 3

FAISNÉIS, ETC.

CAIBIDIL 1

Réamhráiteach

21.—(1) Is iad seo a leanas na daoine lena mbaineann an Chuid seo (cibé acu sa Stát nó lasmuigh den Stát atá siad):

Daoine lena mbaineann an Chuid seo.

- (a) soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais;
- (b) duine a rinne iarratas ar údarú ach nár cinneadh a iarratas nó a hiarratas;
- (c) duine a gcreideann an Banc nó oifigeach údaraithe le réasún ina leith gur soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó gur soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais é nó í, nó go bhfuil nó go raibh sé nó sí ag gníomhú mar soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó ag éileamh nó á thabhairt le tuiscint ina leith féin gur soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais é nó í;
- (d) duine atá nó a bhí, nó a gcreideann an Banc nó oifigeach údaraithe le réasún ina leith go bhfuil nó go raibh sé nó sí, gan údarú, ag soláthar seirbhís airgeadais a dteastaíonn údarú ina leith;
- (e) gnóthas gaolmhar de chuid aon duine de na daoine dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna roimhe seo;

- (f) aon duine a gcreideann an Banc nó oifigeach údaraithe le réasún ina leith go bhféadfaidh go bhfuil faisnéis ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú—
- (i) faoi sheirbhís airgeadais, nó
- (ii) faoi infheistíocht, urrús nó ionstraim airgeadais eile a ligtear, nó atá le ligean, isteach chun a thrádála nó a trádála faoi rialacha agus córais margaidh rialáilte nó faoi chóras comhionann a bheidh ag oibriú faoi dhlí críche seachas an Stát;
- (g) aon duine eile a gcreideann an Banc nó oifigeach údaraithe le réasún ina leith go bhféadfaidh go bhfuil faisnéis ina sheilbh nó ina seilbh faoi dhuine dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna roimhe seo;
- (h) duine arb éard é nó í, i ndáil le duine dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna roimhe seo, duine a luaitear i *bhfo-alt (2)*;
- (i) duine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach nó ina fhostaí nó ina fostaí nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire de chuid duine dá dtagraítear in aon cheann de na míreanna roimhe seo nó arb éard é nó í, i ndáil le duine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina fhostaí nó ina fostaí nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire den sórt sin, duine a luaitear i *bhfo-alt (2)*.
- (2) Is iad seo a leanas na daoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(h)* agus (i)—
- (a) riarthóir de réir bhrí alt 1(1) den Acht Árachais (Uimh. 2), 1983,
- (b) riarthóir de réir bhrí alt 2 den Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998,
- (c) duine arna cheapadh nó arna cheapadh mar riarthóir ar chomhar creidmheasa de bhua alt 137 den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997 nó arna cheapadh nó arna cheapadh chun gníomhú mar riarthóir sealadach ar chomhar creidmheasa de bhua alt 138 den Acht sin,
- (d) bainisteoir speisialta arna cheapadh nó arna cheapadh de bhun an Achta um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010,
- (e) bainisteoir speisialta arna cheapadh nó arna cheapadh de bhun Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011,
- (f) scrúdaitheoir, leachtaitheoir, glacadóir nó sannaí oifigiúil, agus
- (g) duine ag a bhfuil feidhmeanna atá ar aon dul le feidhmeanna aon duine de na daoine sna míreanna roimhe seo faoi dhlí críche seachas an Stát.

(3) I *bhfo-alt (1)(i)*, folaíonn “gníomhaire”, i ndáil le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* go (h), iarghníomhaire (chomh maith le

gníomhaire láithreach), agus foláionn sé baincéir, cuntasóir, atur nae, iniúchóir agus comhairleoir airgeadais nó comhairleoir eile an duine.

CAIBIDIL 2

Cumhacht an Bhainc faisnéis, etc. a bhailiú

22.—(1) I gcás gur gá déanamh amhlaidh chun feidhmeanna an Bhainc faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais maidir le rialáil chúí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais a fheidhmiú, féadfaidh an Banc, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt do dhuine lena mbaineann an Chuid seo, a cheangal ar an duine—

Cumhacht an Bhainc a cheangal go soláthrófar faisnéis, taifid, pleananna, etc.

- (a) an fhaisnéis a shonrófar san fhógra a sholáthar don Bhanc,
- (b) na taifid a shonrófar amhlaidh a sholáthar don Bhanc, nó
- (c) na réamhaisnéisí, na pleananna, na cuntais nó na doiciméid eile a shonrófar amhlaidh a ullmhú agus a sholáthar don Bhanc.

(2) Déanfaidh duine a bhforchuirfear ceanglas air nó uirthi faoi *fho-alt (1)* an ceanglas sin a chomhlíonadh—

- (a) cibé tráth nó tráthanna, nó laistigh de cibé tréimhse, a shonrófar san fhógra nó i bhfógra breise a thabharfaidh an Banc, agus
- (b) i cibé áit a shonrófar amhlaidh.

(3) Féadfaidh an Banc a cheangal go ndéanfar faisnéis, taifid nó doiciméid eile arna soláthar i gcomhlíonadh ceanglas faoi *fho-alt (1)* a dheimhniú nó a fhianú i dtaobh iad a bheith fíor nó ceart ar cibé modh a éileoidh an Banc le réasún, lena n-áirítear le dearbhú reachtúil.

(4) Féadfaidh an Banc cóipeanna a dhéanamh d'aon taifid nó doiciméid eile arna soláthar i gcomhlíonadh ceanglas faoi *fho-alt (1)*, nó sleachta a thógáil as an gcéanna.

(5) Ní theorannaítear leis an alt seo aon chumhacht eile de chuid an Bhainc a cheangal go soláthrófar faisnéis nó taifid nó go n-ullmhófar agus go soláthrófar doiciméid.

23.—(1) Féadfaidh an Banc a cheangal go ndéanfar faisnéis nó taifid nó doiciméid eile a sholáthrófar mar fhreagra ar cheanglas faoi *alt 22(1)* a sholáthar i cibé foirm agus ar cibé modh a cheanglóidh an Banc le réasún.

An fhoirm ina mbeidh faisnéis, etc.

(2) Maidir le duine a mhainneoidh aon fhaisnéis, taifid nó doiciméid eile a sholáthar san fhoirm a cheanglóidh an Banc le réasún, déileálfar leis nó léi amhail is nach ndearna sé nó sí í nó iad a sholáthar i gcomhlíonadh an cheanglais.

CAIBIDIL 3

Oifigigh údaraithe

Oifigigh údaraithe a cheapadh.

24.—(1) I gcás gur gá déanamh amhlaidh chun go gcomhlíonfaidh an Banc a fheidhmeanna faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais maidir le rialáil chuí éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse airgeadais, féadfaidh an Banc aon duine dá chuid oifigeach nó dá chuid fostaithe nó daoine eile atá cáilithe go hoiriúnach a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe agus chun aon chumhacht de na cumhachtaí a thugtar leis an gCaibidil seo a fheidhmiú.

(2) Féadfaidh an Banc aon cheapachán a bheidh déanta aige faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm.

(3) Is i scríbhinn a bheidh ceapachán nó cúlghairm faoin alt seo.

(4) Scoirfidh ceapachán duine ag an mBanc mar oifigeach údaraithe an tráth is luaithe díobh seo a leanas—

(a) an tráth a dhéanfaidh an Banc an ceapachán a chúlghairm,

(b) i gcás gur le haghaidh tréimhse shonraithe an ceapachán, ag deireadh na tréimhse,

(c) an tráth a éireoidh an duine as an gceapachán, agus

(d) i gcás gur oifigeach nó fostaí de chuid an Bhainc an duine—

(i) an tráth a éireoidh an duine as a bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach nó ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhainc, nó

(ii) an tráth a dhéanfar fostaíocht an duine leis an mBanc a fhoirceannadh, nó nuair a scoirfidh téarma oifige an duine, ar aon chúis.

(5) Aon uair a iarrfaidh an Banc air nó uirthi déanamh amhlaidh, tabharfaidh oifigeach údaraithe tuarascáil don Bhanc ar fheidhmiú na gcumhachtaí go léir, nó aon cheann de na cumhachtaí, a thugtar dó nó di leis an gCaibidil seo, aige nó aici.

(6) San alt seo, ciallaíonn “duine atá cáilithe go hoiriúnach” aon duine (seachas oifigeach nó fostaí de chuid an Bhainc) ag a bhfuil, i dtuairim an Bhainc, na cáilíochtaí agus an taithí is gá chun na cumhachtaí a thugtar d’oifigeach údaraithe leis an gCaibidil seo a fheidhmiú.

Barántas ceapacháin.

25.—Tabharfar barántas a cheapacháin nó a ceapacháin do gach oifigeach údaraithe a cheapfaidh an Banc, agus le linn dó nó di cumhacht a thugtar leis an gCaibidil seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí an barántas sin nó cóip de, mar aon le céannacht phearsanta de chineál éigin, a thabhairt ar aird lena iniúchadh nó lena hiniúchadh má iarrann duine dá ndéanann feidhmiú na cumhachta difear air nó uirthi déanamh amhlaidh.

26.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh oifigeach údaraithe, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh—

Cumhacht oifigigh údaraithe dul isteach in áitreabh.

- (a) a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go n-úsáidtear é nó gur úsáideadh é le haghaidh gnó duine lena mbaineann an Chuid seo, nó i ndáil leis an ngnó sin, nó
- (b) a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go gcoimeádtar taifid maidir le gnó duine lena mbaineann an Chuid seo ag an áitreabh sin, nó air nó ann.

(2) Ní rachaidh oifigeach údaraithe isteach i dteaghais seachas—

- (a) le toiliú an áititheora, nó
- (b) de bhun barántas faoi *alt 28*.

(3) Sa Chaibidil seo, folaíonn “áitreabh” soitheach, aerárthach, feithicil agus aon mhodh iompair eile, chomh maith le talamh agus aon déanmhas daingnithe nó soghluaiste eile.

27.—(1) Féadfaidh oifigeach údaraithe aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

Cumhachtaí oifigigh údaraithe.

- (a) áitreabh a rachfar isteach ann faoi *alt 26* nó de bhun barántas faoi *alt 28* a chuardach agus a iniúchadh;
- (b) a cheangal ar aon duine lena mbaineann an Chuid seo agus ar dealraitheach taifid a bheith faoina rialú, nó rochtain a bheith aige nó aici orthu, na taifid a sholáthar;
- (c) duine lena mbaineann an Chuid seo a thoghairm aon tráth réasúnach—
 - (i) chun cibé faisnéis a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe a thabhairt don oifigeach údaraithe,
 - (ii) chun aon taifid a bheidh faoi rialú an duine nó a mbeidh rochtain aige nó aici orthu, agus a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe, a sholáthar don oifigeach údaraithe, nó
 - (iii) chun míniú a thabhairt ar bhreith, cur chuige, córas nó cleachtas nó ar chineál nó ábhar aon taifead a sholáthrófar faoin alt seo;
- (d) iniúchadh a dhéanamh ar thaifid a sholáthrófar amhlaidh nó a aimseofar i gcúrsa áitreabh a chuardach agus a iniúchadh;
- (e) cóipeanna a dhéanamh de thaifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh, nó sleachta a thógáil astu;
- (f) faoi réir *fho-alt (3)*, taifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh a thabhairt chun siúil agus a choinneáil ar feadh na tréimhse is gá le réasún chun iad a scrúdú tuilleadh;
- (g) aon taifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh agus aon trealamh sonraí, lena n-áirítear aon ríomhaire, ina

mbeidh na taifid sin á sealbhú, a dhaingniú lena n-iniúchadh níos faide anonn;

- (h) áitreabh a rachfar isteach ann faoi *alt 26* nó de bhun barántas faoi *alt 28*, nó aon chuid den áitreabh sin, a dhaingniú, lena iniúchadh nó lena hiniúchadh níos faide anonn, ar feadh cibé tréimhse is gá le réasún chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCaibidil seo a fheidhmiú, ach sin sa chás amháin go measfaidh an t-oifigeach údaraithe gur gá déanamh amhlaidh chun taifid a gcreidfidh sé nó sí le réasún go bhfuil siad á gcoimeád ann a chaomhnú lena n-iniúchadh;
- (i) a cheangal ar dhuine lena mbaineann an Chuid seo ceisteanna a fhreagairt agus dearbhú a dhéanamh i dtaobh fhírinne na bhfreagraí ar na ceisteanna sin;
- (j) a cheangal ar dhuine lena mbaineann an Chuid seo míniú a thabhairt ar bhreith, cur chuige, córas nó cleachtas nó ar chineál nó ábhar aon taifead;
- (k) a cheangal ar dhuine lena mbaineann an Chuid seo tuarascáil a sholáthar i dtaobh aon ní a gcreidfidh an t-oifigeach údaraithe le réasún go bhfuil faisnéis iomchuí ag an duine maidir leis;
- (l) maidir le duine lena mbaineann an Chuid seo agus a gceanglaítear air nó uirthi taifead áirithe a sholáthar, mura bhfuil sé nó sí in ann an taifead sin a sholáthar, a cheangal ar an duine a rá, de réir mar is fearr is eol don duine sin agus a chreidfidh sé nó sí, cá bhfuil an taifead nó cén duine a bhféadfar é a fháil uaidh nó uaithi;
- (m) a cheangal go ndéanfaidh cibé duine nó daoine, agus sin ar cibé modh, a cheanglóidh an Banc nó an t-oifigeach údaraithe, aon fhaisnéis a thabharfar d'oifigeach údaraithe faoin gCaibidil seo a dheimhniú mar fhaisnéis chruinn iomlán.

(2) I gcás nach mbeidh taifid i bhfoirm inléite, féadfaidh oifigeach údaraithe, i bhfeidhmiú aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin gCaibidil seo—

- (a) aon trealamh sonraí, lena n-áirítear aon ríomhaire, a oibriú nó a chur faoi deara go ndéanfaidh duine a bheidh i dteannta an oifigigh údaraithe aon trealamh sonraí nó ríomhaire den sórt sin a oibriú, agus
- (b) a cheangal ar aon duine ar dealraitheach don oifigeach údaraithe go bhfuil sé nó sí in ann rochtain a éascú ar na taifid a stóráiltear in aon trealamh sonraí nó ríomhaire nó ar féidir rochtain a fháil orthu tríd an trealamh sonraí nó an ríomhaire sin a úsáid, gach cabhair réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe i ndáil le hoibriú an trealamh sonraí nó an ríomhaire nó i ndáil le rochtain ar na taifid a stóráiltear ann, lena n-áirítear—
 - (i) na taifid a sholáthar don oifigeach údaraithe i bhfoirm inar féidir iad a thabhairt chun siúil agus ina bhfuil siad inléite agus intuigthe, nó inar féidir taifid inléite agus intuigthe a dhéanamh díobh,

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.3 A.27

(ii) chun aon phasfhocal a thabhairt don oifigeach údaraithe is gá chun taifid inléite agus intuigthe a dhéanamh de na taifid lena mbaineann, nó

(iii) a chumasú ar shlí eile don oifigeach údaraithe na taifid a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil siad inléite agus intuigthe.

(3) I gcás go mbeartóidh an Banc nó oifigeach údaraithe aon taifid a thabharfaidh an t-oifigeach údaraithe chun siúil faoi *fho-alt (I)* a choinneáil de bhun an ailt seo ar feadh tréimhse is faide ná 14 lá tar éis an dáta a thabharfar na taifid chun siúil, déanfaidh an Banc nó an t-oifigeach údaraithe, roimh dheireadh na tréimhse 14 lá sin, nó cibé tréimhse is faide lena n-aontóidh an duine lena mbaineann, cóip de na taifid, ar sin a iarraidh, a thabhairt don duine ar dealraitheach don Bhanc nó don oifigeach údaraithe go bhfuil sé nó sí i dteideal seilbh a bheith aige nó aici uirthi murach feidhmiú na gcumhachtaí faoin alt seo.

(4) Déanfaidh duine lena mbaineann an Chuid seo cibé cabhair a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe a thabhairt don oifigeach údaraithe agus cibé saoráidí réasúnacha a chur ar fáil don oifigeach údaraithe is gá chun go bhfeidhmeoidh an t-oifigeach údaraithe a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear cibé saoráidí a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe chun aon taifid a iniúchadh agus chun cóipeanna díobh a thógáil.

(5) Faoi réir aon bharántas a eiseofar faoi *alt 28*, maidir le hoifigeach údaraithe, féadfaidh cibé oifigigh údaraithe eile, comhaltaí den Gharda Síochána nó daoine eile is cuí leis an oifigeach údaraithe le réasún a bheith ina theannta nó ina teannta, agus féadfaidh siad cabhrú leis nó léi le linn cumhachtaí an oifigigh faoin gCaibidil seo a fheidhmiú.

(6) Féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a thabhairt dó nó di más rud é—

(a) go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint, maidir leis an duine—

(i) go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta aige nó aici faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais,

(ii) go bhfuil sárú forordaithe á dhéanamh nó déanta aige nó aici, nó

(iii) go ndearna sé nó sí fianaise a cheilt nó a scriosadh d'aon ghnó, nó go bhfuil fianaise á ceilt nó á scriosadh d'aon ghnó aige nó aici, nó gur dócha go gceilfidh nó go scriosfaidh sé nó sí fianaise d'aon ghnó, is fianaise ar chion nó sárú forordaithe den sórt sin,

nó

(b) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a cheangal an fhaisnéis sin a thabhairt dó nó di d'fhonn iarratas a dhéanamh ar bharántas faoin gCaibidil seo.

Is gá barántas chun dul isteach in áitreabh.

28.—(1) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe le haon fhoráil eile nó faoi aon fhoráil eile den Chaibidil seo, más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ón oifigeach údaraithe, go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil taifid le fáil ar aon áitreabh, ag aon áitreabh nó in aon áitreabh, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach údaraithe, agus cibé oifigigh údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna laistigh de thréimhse bailíochta an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh—

(a) dul isteach san áitreabh a shonrófar sa bharántas, le forneart réasúnach más gá, agus

(b) na cumhachtaí a thugtar d'oifigigh údaraithe leis an gCaibidil seo, nó cibé cumhacht de na cumhachtaí sin a shonrófar sa bharántas, a fheidhmiú.

(2) Is é a bheidh i dtréimhse bailíochta barántais tréimhse 1 mhí amháin ó dháta a eisiúna ach féadfar an tréimhse bailíochta sin a fhadú de réir *fho-ailt* (3) agus (4).

(3) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe, le linn tréimhse bailíochta barántais (lena n-áirítear an tréimhse sin arna fadú roimhe sin faoi *fho-alt* (4)), iarratas a dhéanamh chun breithimh den Chúirt Dúiche ar ordú lena bhfadófar tréimhse bailíochta an bharántais agus beidh iarratas den sórt sin bunaithe ar fhaisnéis faoi mhionn a a chuirfidh an t-oifigeach údaraithe i láthair agus ina luafar, faoi threoir na críche nó na gcríoch chun ar eisíodh an barántas, na cúiseanna go measfaidh an t-oifigeach údaraithe gur gá an fadú.

(4) Más deimhin leis an mbreitheamh den Chúirt Dúiche go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint, ag féachaint don fhaisnéis sin arna cur i láthair amhlaidh, gur gá tuilleadh ama chun gur féidir déanamh de réir na críche nó na gcríoch chun ar eisíodh an barántas, féadfaidh an breitheamh ordú a dhéanamh lena ndéanfar cibé tréimhse is cuí agus is cóir i dtuairim an bhreithimh a chur le tréimhse bailíochta an bharántais mar fhadú; agus i gcás go ndéanfar ordú den sórt sin, cuirfidh an breitheamh faoi deara an barántas a fhorhnuiniú go cuí chun a thréimhse bailíochta fhadaíthe a chur in iúl.

(5) Ní choisceann aon ní sna fo-ailt roimhe seo ar bhreitheamh den Chúirt Dúiche barántas cuardaigh breise faoin alt seo i ndáil leis an áitreabh céanna a eisiúint ar scór iarratas nua arna dhéanamh faoi *fho-alt* (1).

Féadfaidh oifigeach údaraithe freastal ar chruinnithe.

29.—(1) Féadfaidh oifigeach údaraithe freastal ar aon chruinniú a bhaineann le gnó soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais má mheasann an t-oifigeach údaraithe gur gá freastal chun cabhrú leis an mBanc i gcomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais.

(2) Ní dhéanfar, de bharr oifigeach údaraithe d'fhreastal de bhun *fho-alt* (1) ar chruinniú dá dtagraítear san *fho-alt* sin, teorainn a chur, in imthosca ar bith, le cumhachtaí an oifigigh údaraithe ná le cumhachtaí an Bhainc.

CAIBIDIL 4

Forlíontach

30.—(1) Ní mheasfar, maidir le duine do sholáthar aon fhaisnéis, taifead nó doiciméad eile don Bhanc nó d'oifigeach údaraithe faoin gCuid seo, gur sárú é, chun aon chríche, ar aon srian faoi aon achtachán nó riail dlí maidir le soláthar ag an duine, nó ag aon duine eile a ndéantar an fhaisnéis, an taifead nó an doiciméad a sholáthar thar a cheann nó thar a ceann.

Ní mheasfar gur sárú é faisnéis, taifead nó doiciméad eile a sholáthar ná ní dhéanfaidh an céanna difear do lian.

(2) I gcás go n-éilíonn duine a gceanglaítear air nó uirthi faoin gCuid seo taifead nó doiciméad eile a sholáthar lian ar an taifead nó ar an doiciméad, ní dochar don lian é an taifead nó an doiciméad a sholáthar.

31.—(1) Má mhainníonn nó má dhiúltaíonn aon duine lena mbaineann an Chuid seo ceanglas arna fhorchur ag an mBanc nó ag oifigeach údaraithe faoin gCuid seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc nó an t-oifigeach údaraithe an mhainneachtain nó an diúltú a dheimhniú don Ard-Chúirt.

Mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh.

(2) Nuair a dhéanfaidh an Banc nó oifigeach údaraithe mainneachtain nó diúltú dá dtagraítear i *bhfo-alt (I)* a dheimhniú don Ard-Chúirt, féadfaidh an Ard-Chúirt an cás a fhiosrú agus féadfaidh sí cibé ordú (lena n-áirítear orduithe eatramhacha nó idirbhreitheacha) nó ordachán a dhéanamh is cuí leis an Ard-Chúirt—

(a) tar éis aon fhinnéithe a thabharfar ar aird i gcoinne nó thar ceann an duine lena mbaineann a éisteacht, agus

(b) tar éis aon ráiteas a thairgfear mar chosaint a éisteacht.

32.—(1) Déanfaidh duine cion, más rud é—

Cion.

(a) go gcuirfidh sé nó sí bac nó treampán ar an mBanc nó ar oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú aon chumhachtaí faoin gCuid seo,

(b) nach gcomhlíonfaidh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, ceanglas arna fhorchur faoin gCuid seo,

(c) go ndéanfaidh sé nó sí, i gcomhlíonadh airbheartaithe ceanglais den sórt sin, faisnéis nó taifid nó doiciméid eile is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, a sholáthar don Bhanc nó d'oifigeach údaraithe, nó

(d) go dtabharfaidh sé nó sí le fios go bréagach gur oifigeach údaraithe é nó í.

(2) Maidir le haon duine a dhéanfaidh cion faoin alt seo, dlífeair—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Más rud é go ndiúltoídh duine ceist a chuirfear air nó uirthi a fhreagairt nó aon cheanglas eile a chuirfear air nó uirthi faoin gCuid seo a chomhlíonadh ar na forais go bhféadfadh an freagra nó comhlíonadh an cheanglais an duine a ionchoiriú agus go gcuirfear in iúl don duine go bhfuil oibleagáid air nó uirthi an cheist a fhreagairt nó an ceanglas a chomhlíonadh, ní dhiúltoídh an duine an cheist a fhreagairt nó an ceanglas a chomhlíonadh ach ní bheidh an freagra a thabharfar nó an fhaisnéis a sholáthrófar ar an ócáid sin inghlactha mar fhianaise in imeachtaí coiriúla i gcoinne an duine seachas imeachtaí ina choinne nó ina coinne faoin alt seo.

Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid.

33.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “an Chúirt” an Ard-Chúirt;

ciallaíonn “ábhar dlíthiúil faoi phribhléid” faisnéis a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na hArd-Chúirte, diúltú í a thabhairt ar aird ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

(2) Má dhiúltaíonn duine faisnéis a thabhairt ar aird nó rochtain uirthi a thabhairt, de bhun ceanglas faoin gCuid seo, ar na forais go bhfuil ábhar dlíthiúil faoi phribhléid san fhaisnéis, féadfaidh an Banc, aon tráth laistigh de 6 mhí (nó cibé tréimhse is faide a cheadóidh an Chúirt) ó dháta an diúltaithe sin, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis nó aon chuid den fhaisnéis, más rud é—

(a) i ndáil leis an bhfaisnéis lena mbaineann—

- (i) go bhfuil forais réasúnacha ag an mBanc chun a chreidiúint nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid í, nó
- (ii) de dheasca an mhodha ar a ndéantar agus a mhéid a dhéantar an fhaisnéis sin a thíolacadh i dteannta aon fhaisnéis eile, nach bhfuil sé indéanta ná praiticiúil an fhaisnéis sin amháin a asbhaint,

agus

(b) go bhfuil amhras ar an mBanc ar fhorais réasúnacha go bhfuil fianaise a bhaineann le sárú forordaithe nó cion a dhéanamh faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais san fhaisnéis.

(3) Aon duine a dhiúltaíonn faisnéis a thabhairt ar aird nó rochtain uirthi a thabhairt, de bhun ceanglas faoin gCuid seo, ar na forais go bhfuil ábhar dlíthiúil faoi phribhléid san fhaisnéis, caomhnóidh sé nó sí an fhaisnéis agus coimeádfaidh sé nó sí í in áit agus ar mhodh atá slán sábháilte go dtí go ndéanfar cinneadh i dtaobh iarratas faoi *fho-alt* (2) agus, má chinntear amhlaidh nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis, tabharfaidh sé nó sí ar aird í de réir cibé ordú is cuí leis an gCúirt.

(4) Measfar gur chomhlíon duine an ceanglas faoi *fho-alt* (3) faisnéis a chaomhnú i gcás gur chomhlíon an duine cibé ceanglais a bheidh forchurtha ag oifigeach údaraithe faoi *mhír* (g) nó (h) *d’alt* 27(1).

(5) I gcás go ndéanfaidh an Banc iarratas faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Chúirt cibé ordacháin eastramhacha nó idirbhreitheacha a thabhairt is cuí leis an gCúirt, lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, ordacháin maidir le duine a cheapadh ag a bhfuil cáilíochtaí dlí oiriúnacha agus ag a bhfuil an leibhéal taithe, agus an neamhspleáchas ar aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an gCúirt is cuí—

- (a) chun an fhaisnéis a scrúdú, agus
- (b) chun tuarascáil a ullmhú don Chúirt d'fhonn cabhrú leis an gCúirt, nó d'fhonn a éascú don Chúirt, a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(6) Is trí fhorarratas a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (2)* agus féadfar, má ordaíonn an Chúirt amhlaidh, é a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

34.—Maidir le haon fhaisnéis a gheobhaidh an Banc nó oifigeach údaraithe i gcomhlíonadh aon fheidhmeanna a thugtar don Bhanc nó don oifigeach údaraithe faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, féadfaidh an Banc í a úsáid chun aon cheann dá fheidhmeanna faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais a chomhlíonadh. Faisnéis a úsáid.

CUID 4

DEARBHÚ Ó INIÚCHÓIR

35.—Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais, 1997 tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 27B: Leasú ar Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

“Dearbhú ó iniúchóir.

27BA.—(1) I gcás go measann an Banc gur gá é mar gheall ar chineál, scála nó castacht gníomhaíochtaí soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt d’iniúchóir an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, a cheangal ar an iniúchóir scrúdú a dhéanamh chun ráiteas a sholáthar don Bhanc i dtaobh a mhéid a chomhlíon an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais oibleagáidí arna bhforchur le cibé forálacha, nó faoi cibé forálacha, den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais a shonrófar san fhógra.

- (2) Maidir leis an bhfógra—
 - (a) tabharfar é tráth nach luaithe ná 3 mhí roimh an dáta a bheidh tuarascáil an iniúchóra ar chuntais an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais le cur faoi bhráid an Bhainc, agus
 - (b) sonrófar ann na caighdeáin a mbeidh an scrúdú le déanamh dá réir.

(3) Déanfaidh an t-iniúchóir scrúdú de réir an fhógra agus, le linn an scrúdaithe, déanfaidh sé nó sí cibé nósanna imeachta tástála a ghabháil de láimh agus cibé faisnéis a fháil is cuí leis an iniúchóir.

(4) Déanfaidh an t-iniúchóir, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a bheidh tuarascáil an iniúchára ar chuntais an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais le cur faoi bhráid an Bhainc, ráiteas a sholáthar don Bhanc ina leagfar amach fionnachtana an scrúdaithe (lena n-áirítear, go háirithe, toradh na nósanna imeachta tástála a ghabh an t-iniúchóir de láimh agus an fhaisnéis a fuair an t-iniúchóir le linn an scrúdaithe).

(5) Mura deimhin leis an iniúchóir gur chomhlíon an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais oibleagáid arna forchur leis na forálacha den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais a shonrófar san fhógra, nó faoin gcéanna, déanfaidh an t-iniúchóir na cúiseanna nach deimhin leis nó léi amhlaidh a chur san áireamh sa ráiteas.

(6) Féadfaidh an Banc rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar na hoibleagáidí a bheidh forchurtha le forálacha, nó faoi fhorálacha, den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, a bhféadfar aon cheann díobh, nó iad go léir, a shonrú i bhfógra faoi fho-alt (1).

(7) Féadfaidh an Banc oibleagáid arna forchur le foráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, nó faoin gcéanna, a fhorordú i rialacháin faoi fho-alt (6) sa chás go mbaineann an fhoráil leis an méid seo a leanas, agus sa chás sin amháin—

- (a) nósanna imeachta riaracháin nó cuntasáíochta soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais,
- (b) sásraí inmheánacha rialaithe de chuid soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais nó bainistiú priacail acu, nó
- (c) struchtúr eagraíochta nó rialú soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais.

(8) Sula ndéanfaidh sé rialacháin faoin alt seo, rachaidh an Banc i gcomhairle leis an Aire agus leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

(9) Le linn dó na caighdeáin a ndéanfar scrúdú dá réir a shonrú faoi fho-alt (2)(b), beidh aird ag an mBanc ar chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta le haghaidh dearbhú agus iniúchadh.”.

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Cd.4

36.—Leasaítear alt 27G d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997—

Leasú ar alt 27G d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “27BA(4) nó (5),” a chur isteach i ndiaidh “alt 27B(2),” agus
- (b) i bhfo-alt (3), trí “27BA,” a chur isteach i ndiaidh “d’alt 27B,”.

CUID 5

COSAINT DO DHAOINE A THUAIRISCEOIDH SÁRUITHE

37.—(1) Sa Chuid seo agus i *Sceideal 5*—

Mínithe (*Cuid 5*).

ciallaíonn “duine cuí”, i ndáil le nochtadh cosanta a dhéanamh, an Banc, oifigeach nó fostaí de chuid an Bhainc nó oifigeach údaraithe;

ciallaíonn “conradh fostaíochta” conradh fostaíochta nó seirbhíse nó printíseachta, cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó conradh i scríbhinn é;

ciallaíonn “fostaí” duine a rinne conradh fostaíochta nó a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, a rinne conradh fostaíochta nó a d’oibrigh faoi chonradh fostaíochta) agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin;

ciallaíonn “fostóir”, i ndáil le fostaí, an duine lena bhfuil conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí nó dá n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta (nó, i gcás deireadh a bheith leis an bhfostaíocht, lena ndearna an fostaí conradh fostaíochta nó dár oibrigh an fostaí faoi chonradh fostaíochta), agus foláíonn sé—

- (a) duine (seachas fostaí de chuid an duine sin) a n-oibríonn fostaí faoina rialú agus faoina stiúradh, agus
- (b) más cuí, comharba an fhostóra nó fostóir comhlachaithe de chuid an fhostóra;

ciallaíonn “pionósú” aon ghníomh nó neamhghníomh ag fostóir, nó ag duine atá ag gníomhú thar ceann fhostóra, a dhéanann difear d’fhostaí, chun a aimhleasa nó chun a haimhleasa, maidir le haon téarma nó le haon choinníoll a ghabhann lena fhostaíocht nó lena fostaíocht agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, foláíonn sé—

- (a) fionraí, asleagan nó dífhostú,
- (b) fionraí, asleagan nó dífhostú a bhagairt,
- (c) íslíú céime, nó deis ar ardú céime a chailleadh,
- (d) dualgais a aistriú, suíomh áite oibre a athrú, pá a laghdú nó uaireanta oibre a athrú,
- (e) aon araíonacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a chur i bhfeidhm,

- (f) cóir éagórach,
- (g) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,
- (h) idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir dhochrach,
- (i) díobháil, damáiste nó cailteanas, agus
- (j) bagairtí díoltais;

léifear “nochtadh cosanta” de réir *alt 38*.

(2) Chun críocha na Coda seo agus *Scideal 5*, measfar beirt fhostóirí a bheith comhlachaithe más comhlacht corpraithe fostóir amháin díobh a bhfuil rialú ag an bhfostóir eile air (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) nó más comhlachtaí corpraithe iad araon a bhfuil rialú ag tríú duine orthu (cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach) agus déanfar “fostóir comhlachaithe” a léamh dá réir sin.

(3) Chun críocha na Coda seo agus *Scideal 5*, foláionn tagairt do “dífhostú”—

- (a) dífhostú de réir bhrí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007, agus
- (b) dífhostú arna dhéanamh go hiomlán nó go páirteach chun nach measfar gur Conradh d’fhad éiginnte faoi alt 9(3) den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 Conradh téarma shocraithe, nó arna dhéanamh i dtaca leis an gcríoch sin.

Nochtadh cosanta.

38.—(1) I gcás go ndéanann duine nochtadh, de mheon macánta, cibé acu i scríbhinn nó ar shlí eile, do dhuine cuí agus go bhfuil forais réasúnacha ag an duine a dhéanann an nochtadh chun a chreidiúint go suífead leis an nochtadh ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) go bhféadfadh sé go bhfuil cion déanta nó á dhéanamh faoi aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais;
- (b) go bhféadfadh sé go bhfuil sárú forordaithe déanta nó á dhéanamh;
- (c) go bhféadfadh sé go bhfuil sárú ar fhoráil ar bith eile den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais déanta nó á dhéanamh;
- (d) go ndearnadh fianaise ar aon ní a thagann faoi réim *mhír (a), (b),* nó *(c)* a cheilt nó a scriosadh d’aon ghnó nó go bhfuil sí, nó gur dócha go mbeidh sí, á ceilt nó á scriosadh d’aon ghnó,

is nochtadh cosanta chun críocha na Coda seo an nochtadh.

- (2) (a) Aon duine a cheapfar chun feidhm rialaithe réamhcheadaitheach (de réir bhrí alt 18 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010) a chomhlíonadh, nochtfaidh sé nó sí don Bhanc, a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh, faisnéis a bhaineann le ní amháin nó

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.5 A.38

níos mó de na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (1)(a)* go *(d)* ar faisnéis í a gcreidfidh sé nó sí gur cúnamh ábhartha don Bhanc í.

- (b) Is nochtadh cosanta chun críocha na Coda seo nochtadh faoi *mhír (a)*.
- (c) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* i gcás go mbeidh leithscéal réasúnach ag an duine.
- (d) Is leithscéal réasúnach é chun críocha *mhír (c)* duine do mhainneachtain nochtadh a dhéanamh ar an bhforas go bhféadfadh an nochtadh an duine a ionchoiriú.
- (e) Is leithscéal réasúnach é chun críocha *mhír (c)* duine do mhainneachtain nochtadh a dhéanamh ar an bhforas gur nocht duine eile an fhaisnéis cheana féin.
- (f) Ní dhéantar le *míreanna (d)* agus *(e)* an ní is leithscéal réasúnach ann chun críocha *mhír (c)* a theorannú.

(3) Ní nochtadh cosanta chun críocha na Coda seo nochtadh arna dhéanamh go hanaithnid.

- (4) (a) Soláthróidh an Gobharnóir tuarascáil do Choimisiún an Bhainc Ceannais uair amháin sa bhliain ar a laghad maidir le haon ghníomh a bheidh nó nach mbeidh déanta mar fhreagra ar nochtadh cosanta.
- (b) Cinnfidh Coimisiún an Bhainc Ceannais foirm agus ábhar na tuarascála a sholáthrófar faoi *mhír (a)*.

39.—(1) Féadfaidh an Banc treoirlínte a fhoilsiú, i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis, chun treoir phraiticiúil a sholáthar do dhaoine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* d'*alt 38* maidir le feidhm agus oibriú an ailt sin i leith na ndaoine sin, lena n-áirítear treoirlínte maidir leis na daoine sin do dhéanamh measúnú i dtaobh an gá nochtadh a dhéanamh.

Treoirlínte do dhaoine dá dtagraítear in *alt 38(2)(a)*.

(2) Féadfaidh forálacha éagsúla i leith aicmí éagsúla daoine dá dtagraítear in *alt 38(2)(a)* a bheith ar áireamh sna treoirlínte.

40.—(1) Ní bheidh duine faoi dhliteanas maidir le damáistí i leith nochtadh cosanta a dhéanamh.

Cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a rinne nochtadh cosanta.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le duine—

- (a) a dhéanfaidh nochtadh agus a fhios aige nó aici go bhfuil sé bréagach nó míthreorach, nó
- (b) a thabharfaidh faisnéis, i dtaca le nochtadh, agus a fhios aige nó aici go bhfuil sí bréagach nó míthreorach.

(3) Léifear an tagairt i *bhfo-alt (1)* do dhliteanas maidir le damáistí mar thagairt a fholaíonn tagairt do dhliteanas i leith faoiseamh d'aon chineál eile.

(4) Maidir le *fo-alt (1)*, is *fo-alt* é i dteannta, agus ní *fo-alt* é in ionad, aon phribhléid nó cosaint atá ar fáil in imeachtaí dlíthiúla, de bhua aon achtachán nó riail dlí atá i bhfeidhm díreach roimh thosach

feidhme an ailt seo, i leith duine do nochtadh ceann amháin nó níos mó de na nithe a shonraítear i *míreanna (a) go (d) d'alt 38(1)* do dhuine eile (cibé acu is duine cuí an duine eile sin nó nach ea).

(5) Faoi réir aon achtacháin nó riail dlí, ní ceadmhach don Bhanc céannacht duine a rinne nochtadh cosanta a nochtadh gan toiliú an duine a fháil i dtosach, ach amháin a mhéid is gá sin—

- (a) chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar aon ní lena mbaineann an nochtadh, nó
- (b) chun críocha na nithe seo a leanas—
 - (i) fiosrúchán ag an mBanc faoi alt 33AO nó 33AR d'Acht 1942,
 - (ii) faoi réir alt 57W d'Acht 1942, achomharc chun an Bhinse Achomhairc faoi Chuid VIIA d'Acht 1942,
 - (iii) measúnú faoi Chuid 5 de na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE), 2005 (I.R. Uimh. 342 de 2005),
 - (iv) measúnú faoi Chuid 15 de na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 (I.R. Uimh. 324 de 2005),
 - (v) measúnú faoi Chuid 10 de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007), nó
 - (vi) imscrúdú nó éisteacht faoi Chuid 3 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010,

i ndáil le haon ní lena mbaineann an nochtadh.

(6) Sula nochtfaidh sé céannacht duine de réir *fho-alt (5)*, déanfaidh an Banc gach iarracht réasúnach fógra a thabhairt don duine.

Fostaithe a chosaint ar phionósú mar gheall ar nochtadh cosanta a dhéanamh.

41.—(1) Ní dhéanfaidh fostóir fostaí a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara, ná ní cheadóidh sé nó sí d'aon duine eile, fostaí a phionósú nó pionósú a bhagairt i gcoinne fostaí—

- (a) mar gheall ar nochtadh cosanta a dhéanamh, mura rud é, maidir leis an bhfostaí—
 - (i) le linn an nochtadh a dhéanamh, go ndearna sé nó sí amhlaidh agus a fhios aige nó aici go raibh sé bréagach nó míthreorach, nó
 - (ii) gur thug sé nó sí faisnéis, i dtaca leis an nochtadh, agus a fhios aige nó aici go raibh sí bréagach nó míthreorach,
- (b) mar gheall ar fhianaise a thabhairt in aon imeachtaí faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, nó

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.5 A.41

- (c) mar gheall ar fhógra a thabhairt á rá go raibh sé ar intinn aige nó aici aon cheann de na nithe dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* a dhéanamh.
- (2) Ní fhorléireofar *míreanna (a), (c), (d), (e)* agus *(f)* den mhíniú ar “pionósú” in *alt 37* ar mhodh trína gcoiscfear ar fhostóir—
- (a) a chinntiú go seolfar an gnó lena mbaineann ar mhodh éifeachtúil, nó
- (b) aon ghníomh a dhéanamh a bhfuil gá leis ar chúiseanna eacnamaíocha, teicniúla nó eagrúcháin.
- (3) Tá éifeacht le *Sceideal 5* i ndáil le sárú líomhnaithe ar *fho-alt (1)* agus i ndáil le nithe a leanfaidh as sárú den sórt sin.
- (4) Aon fhostóir a sháróidh *fo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (5) (a) Más é atá i bpionósú fostaí, de shárú ar *fho-alt (1)*, dífhostú an fhostaí, ar dífhostú é dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar “pionósú” in *alt 37*, féadfaidh an fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, le toiliú an fhostaí) imeachtaí a thionscnamh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 maidir leis an dífhostú sin nó chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach agus, má dhéanann an fostaí nó tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, de réir mar a bheidh, an méid sin, ní ceadmhach gearán mar gheall ar dhífhostú den sórt sin a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(1)* de *Sceideal 5*.
- (b) Má dhéanann fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, má dhéanann tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, le toiliú an fhostaí) gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(1)* de *Sceideal 5* i ndáil le dífhostú dá dtagraítear i *mír (a)*, ní ceadmhach don fhostaí nó do thuismitheoir nó do chaomhnóir an fhostaí, de réir mar a bheidh, imeachtaí a thionscnamh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 maidir leis an dífhostú sin ná chun damáistí a ghnóthú faoin dlí coiteann mar gheall ar dhífhostú éagórach.
- (6) In imeachtaí faoi *Sceideal 5* os comhair coimisinéir um chearta nó na Cúirte Oibreachais i ndáil le gearán gur sáraíodh *fo-alt (1)*, toimhdeofar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur ghníomhaigh an fostaí lena mbaineann go réasúnach agus de mheon macánta nuair a rinne sé nó sí nochtadh cosanta.
- (7) Aon duine a dhéanfaidh, ar é nó í a cheistiú faoi mhionn nó faoi dhearbhasc a údaraítear faoi *mhír 3(1)* de *Sceideal 5*, aon ráiteas a thabhairt go toiliúil atá ábhartha chun na críche sin agus a fhios ag

an duine go bhfuil sé bréagach nó nach gcreideann sé nó sí ina leith go bhfuil sé fíor, déanfaidh sé nó sí cion agus, ar é nó í a chiontú go hachomair, dlífead fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(8) Aon duine ar tugadh fógra dó nó di faoi *mhír 3(2)* de *Sceideal 5* agus a dhiúltóidh, nó a fhailleoidh go toiliúil, freastal de réir an fhógra nó a dhiúltóidh, tar éis freastal amhlaidh, fianaise a thabhairt nó a dhiúltóidh, nó a mhainneoidh go toiliúil, aon doiciméad lena mbaineann an fógra a thabhairt ar aird, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífead, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(9) Maidir le doiciméad a airbheartóidh a bheith sínithe ag cathaoirleach na Cúirte Oibreachais, nó ag leaschathaoirleach de chuid na Cúirte Oibreachais, á rá—

- (a) gur ceanglaíodh, trí fhógra faoi *mhír 3(2)* de *Sceideal 5*, ar dhuine a ainmnítear sa doiciméad freastal os comhair na Cúirte Oibreachais ar lá agus ag tráth agus in áit a shonraítear sa doiciméad chun fianaise a thabhairt nó doiciméad a thabhairt ar aird, nó chun iad araon a dhéanamh, agus
- (b) gur tionóladh suí den Chúirt Oibreachais ar an lá sin agus ag an tráth sin agus san áit sin, agus nár fhreastail an duine os comhair na Cúirte Oibreachais de bhun an fhógra nó, tar éis freastal amhlaidh, gur dhiúltaigh sé nó sí fianaise a thabhairt nó gur dhiúltaigh sé nó sí, nó gur mhainnigh sé nó sí go toiliúil, an doiciméad a thabhairt ar aird,

beidh sé, in ionchúiseamh an duine faoi *fho-alt (8)*, ina fhianaise ar na nithe a déarfad amhlaidh gan a thuilleadh cruthúnais mura suífead a mhalairt.

(10) Féadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta imeachtaí achoimre i leith cion faoi *fho-alt (7)* nó *(8)* a thionscnamh agus a ionchúiseamh.

Dliteanas tortach duine mar gheall ar íospairt.

42.—(1) Más rud é go gcuireann duine faoi deara aimhleas duine eile (dá ngairtear an “dara duine a luaitear” san alt seo) a dhéanamh toisc—

- (a) go ndearna an dara duine a luaitear nó tríú duine nochtadh cosanta, mura rud é—
 - (i) agus an nochtadh cosanta á dhéanamh, go ndearna sé nó sí amhlaidh agus a fhios aige nó aici go raibh sé bréagach nó míthreorach, nó
 - (ii) gur thug sé nó sí faisnéis, i dtaca leis an nochtadh, agus a fhios aige go raibh sí bréagach nó míthreorach,
- (b) gur thug an dara duine a luaitear nó tríú duine fianaise in aon imeachtaí faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, nó

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.5 A.42

- (c) gur thug an dara duine a luaitear nó tríú duine fógra á rá go raibh sé ar intinn aige nó aici aon cheann de na nithe dá dtagraítear i *mír (a)* nó *(b)* a dhéanamh,

beidh ag an dara duine a luaitear ceart caingne i dtort i gcoinne an duine a chuireann faoi deara an t-aimhleas a dhéanamh.

(2) San alt seo, folaíonn “aimhleas”—

- (a) imeaglú nó ciapadh,
- (b) idirdhealú, míbhuntáiste nó cóir dhochrach i ndáil le fostaíocht duine,
- (c) díobháil, damáiste nó cailteanas, nó
- (d) bagairt díoltais.

(3) Ní ceadmhach d’fhostaí ceart caingne a shaothrú faoin alt seo agus faoi aon fhoráil d’aon achtachán eile i leith an ní chéanna.

CUID 6

COSAINT CUSTAIMÉIRÍ

43.—(1) I gcás gur deimhin leis an mBanc—

Cumhacht an Bhainc sásamh do chustaiméirí a ordú.

- (a) go ndearna soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais mainneachtainí iomchuí rialta nó forleathana, agus
- (b) gur fhulaing custaiméirí de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais cailteanas nó damáiste de dhroim na mainneachtainí iomchuí, go bhfuil an céanna á fhulaingt acu nó go bhfulaingoidh siad an céanna,

féadfaidh an Banc ordachán a thabhairt don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais á cheangal go dtabharfar sásamh cuí do na custaiméirí.

(2) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn “mainneachtain iomchuí”—

- (a) méid a mhuirearú ar chustaiméir nach bhfuil an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais i dteideal é a mhuirearú,
- (b) seirbhís airgeadais a sholáthar do chustaiméir nár chomhaontaigh an custaiméir í a fháil,
- (c) seirbhís airgeadais a sholáthar do chustaiméir, nach raibh oiriúnach don chustaiméir an tráth a soláthraíodh í,
- (d) faisnéis mhíchruinn a sholáthar do chustaiméir a imreoidh tionchar ar an gcustaiméir le linn dó nó di cinneadh a dhéanamh i dtaobh aon seirbhís airgeadais,
- (e) cliseadh aon chórais nó rialuithe de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó
- (f) sárú forordaithe.

(3) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn “sásamh cuí” cibé sásamh airgid nó sásamh eile a shonrófar san ordachán agus (i gcás sásamh i leith cailteanas airgid) nach mó ná méid an chailteanas a fulaingíodh nó a measfar go bhfulaingíodh é, mar aon (más cuí) le hús de réir ráta a shonrófar amhlaidh.

(4) Féadfar a cheangal le hordachán a thabharfar faoi *fho-alt (1)* go n-íocfaidh an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais dá dtabharfar an t-ordachán na costais a thabhóidh an Banc le linn dó an t-ordachán a thabhairt.

(5) Ní hionann ann féin, chun aon chríche, soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do thabhairt sásamh i gcomhlíonadh ordacháin arna thabhairt faoi *fho-alt (1)* agus an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais d’admháil dliteanas.

(6) Is breith inachomhairc chun críocha Chuid VIIA d’Acht 1942 breith ón mBanc ordachán a thabhairt faoi *fho-alt (1)*.

(7) Beidh éifeacht le forálacha ordacháin a thabharfar faoi *fho-alt (1)* ón dáta a shonrófar san ordachán i ndáil leo.

(8) Leagfar amach in ordachán a thabharfar faoi *fho-alt (1)*—

(a) téarmaí uile an ordacháin, lena n-áirítear aon sonrú ar dháta faoina mbeidh, nó ar thréimhse ar laistigh di a bheidh, aon fhoráil a dhéanfar leis le comhlíonadh, agus

(b) aon fhorálacha teagmhasacha, iarmhartacha nó forlíontacha chun an t-ordachán a chur i ngníomh agus chun a áirithiú go gcuirfear i gcrích é go hiomlán agus go héifeachtach.

(9) Féadfaidh an Banc ordachán a thabharfar faoi *fho-alt (1)* a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an mBanc.

(10) I gcás go bhfuil gearán á bhreithniú ag an mBanc nó go bhfuil imscrúdú á dhéanamh aige ar aon ní eile, d’fhonn breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfaidh sé ordachán faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh sé fógra a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an mBanc á rá go bhfuil an méid sin á dhéanamh aige.

(11) Maidir leis an dualgas a fhorchuirtear ar an mBanc le halt 57BX(11) d’Acht 1942 gearán a tharchur chuig an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, ní bheidh feidhm aige i ndáil le gearán más rud é gur dhéileáil an Banc leis an ngearán trí ordachán a thabhairt faoi *fho-alt (1)* nó le linn aon tréimhse ina mbeidh an gearán á bhreithniú ag an mBanc d’fhonn breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfaidh sé ordachán den sórt sin.

(12) Maidir leis an dualgas a fhorchuirtear ar an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais imscrúdú a dhéanamh ar ghearán, ní bheidh feidhm aige más rud é gur dhéileáil an Banc leis an ngearán trí ordachán a thabhairt faoi *fho-alt (1)* ná le linn aon tréimhse ina mbeidh an gearán á bhreithniú ag an mBanc d’fhonn breith a thabhairt i dtaobh an dtabharfaidh sé ordachán den sórt sin.

Caingne le haghaidh damáistí.

44.—Maidir le mainneachtain ag soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais aon oibleagáid faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais a chomhlíonadh, féadfaidh aon chustaiméir de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a ffulaingíonn cailteanas nó

damáiste de dhroim na mainneachtana sin caingean a thionscnamh i ndáil leis an mainneachtain sin.

CUID 7

CUMHACHT AN BHAINC ORDACHÁIN A THABHAIRT

45.—(1) I gcás gur deimhin leis an mBanc gurb ann d'imhoisc amháin nó níos mó de na himthosca a shonraítear i *bhfo-alt (2)* i ndáil le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó le gnóthas gaolmhar de chuid soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, féadfaidh an Banc, ar mhaithe le rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais, ordachán i scríbhinn a thabhairt don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó don ghnóthas gaolmhar, cibé bearta a shonraítear i *bhfo-alt (3)* agus a luafar san ordachán a dhéanamh.

Cumhacht an Bhainc ordacháin a thabhairt.

(2) Is iad seo a leanas na himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

- (a) go bhfuil an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó an gnóthas gaolmhar, éirithe neamhábalta, nó gur dóigh dó éirí neamhábalta, freastal dá oibleagáidí i leith a chreidiúnaithe nó a chustaiméirí;
- (b) nach bhfuil caipiteal leordhóthanach nó acmhainní airgeadais eile leordhóthanacha á chothabháil nó á gcothabháil ag an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó ag an ngnóthas gaolmhar, nó gur dócha nach mbeidh ar a chumas iad a chothabháil, ag féachaint do mhéid agus do chineál an ghnó a sheolann sé;
- (c) go raibh, go bhfuil nó gur dócha go mbeidh, mainnithe ag an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó ag an ngnóthas gaolmhar, aon choinníoll nó ceanglas a fhorchuirtear leis an reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, nó dá bua, a chomhlíonadh;
- (d) go bhfuil an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó an gnóthas gaolmhar, ag seoladh gnó ar dhóigh a chuireann na nithe seo a leanas i mbaol nó a dhéanann dochar dóibh—
 - (i) airgead, urrúis nó ionstraimí infheistíochta eile nó maoin eile a shealbhaíonn nó a rialaíonn sé thar ceann custaiméirí, nó
 - (ii) cearta agus leasanna custaiméirí;
- (e) go bhféadfaidh go mbeidh forais ann chun údarú an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a chúlghairm, nó gan é a athnuachan.

(3) Is iad seo a leanas na bearta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

- (a) aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a fhionraí ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 12 mhí a shonrófar san ordachán:
 - (i) aon seirbhís airgeadais, nó tuairisc ar sheirbhís airgeadais, a shonrófar san ordachán a sholáthar;

- (ii) íocaíochtaí nach mbaineann *fomhír (i)* leo nó aon íocaíochtaí nó tuairisc ar íocaíochtaí den sórt sin a shonrófar san ordachán a dhéanamh;
- (iii) aon sócmhainní nó dliteanais, nó tuairisc ar shócmhainní nó dliteanais, a shonrófar san ordachán a fháil nó a dhiúscairt;
- (iv) idirbhearta nó comhaontuithe, nó tuairisc ar idirbhearta nó comhaontuithe, a shonrófar san ordachán a dhéanamh nó iad a dhéanamh seachas in imthosca sonraithe nó go feadh méid sonraithe;
- (v) gnó a shireadh ar dhaoine d'aicme a shonrófar san ordachán;
- (vi) gnó a sheoladh ar mhodh a shonrófar san ordachán nó ar shlí seachas slí a shonrófar amhlaidh;
- (b) sócmhainní nó dliteanais a shonrófar san ordachán, nó cuid nó codanna dá ghnó a shonrófar amhlaidh, a dhiúscairt, ar théarmaí a shonrófar san ordachán, laistigh de cibé tréimhse a shonrófar amhlaidh;
- (c) cibé caipiteal nó acmhainní airgeadais eile a shonrófar san ordachán a chruinniú agus a chothabháil;
- (d) cibé modhnuithe a shonrófar san ordachán a dhéanamh ar a chórais agus ar a rialuithe;
- (e) cibé modhnuithe a shonrófar san ordachán a dhéanamh ar a chleachtais ghnó agus ar a dhéileálacha le tríú páirtithe;
- (f) an coinníoll nó an ceanglas dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(c)* a chomhlíonadh;
- (g) fógra a thabhairt do thríú páirtithe maidir le haon bhearta den sórt sin a thagann faoi réim *mhíreanna (a)* go *(f)* agus a shonrófar san ordachán.

(4) I gcás go dtabharfaidh an Banc ordachán faoi *fho-alt (1)* do sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó do ghnóthas gaolmhar (dá ngairtear an “príomhsholáthraí” san *fho-alt seo*), féadfaidh an Banc, i gcás gur dóigh leis gur gá é chun comhlíonadh an ordacháin sin a áirithiú, ordachán i scríbhinn a thabhairt d’aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena sealbhaíonn an príomhsholáthraí cuntas d’aon tuairisc scor d’íocaíochtaí a dhéanamh as an gcuntas sin nó d’idirbhearta eile a dhéanamh nó a chur i gcrích ina leith gan údarú a fháil ón mBanc roimh ré.

(5) Beidh éifeacht le forálacha ordacháin faoi *fho-alt (1)* nó *(4)* ón dáta a shonrófar san ordachán i ndáil leo.

(6) Leagfar amach in ordachán faoi *fho-alt (1)* nó *(4)*—

- (a) téarmaí uile an ordacháin, lena n-áirítear aon sonrú ar dháta faoina mbeidh, nó ar thréimhse ar laistigh di a bheidh, aon fhoráil a dhéanfar leis le comhlíonadh, agus
- (b) aon fhorálacha teagmhasacha, iarmhartacha nó forlíontacha, chun an t-ordachán a chur i ngníomh agus

chun a chinntiú go gcuirfear i gcrích é go hiomlán agus go héifeachtach.

(7) Má thugann an Banc ordachán faoi *fho-alt (1)* nó *(4)*, arb é atá beartaithe leis, nó le cuid de, staid airgeadais forais creidmheasa a chaomhnú nó a athbhunú de réir bhrí Threoir 2001/24/CE an 4 Aibreán 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus ar féidir leis difear a dhéanamh do chearta tríú páirtithe a bhí ann roimh theacht in éifeacht don ordachán, dearbhóidh an Banc san ordachán go ndéantar an t-ordachán nó cuid den ordachán, agus an méid sin beartaithe, de réir na Treorach sin.

(8) Féadfaidh an Banc ordachán faoi *fho-alt (1)* nó *(4)* a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an mBanc.

(9) Féadfaidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó gnóthas gaolmhar, a dtabharfar ordachán dó faoi *mhír (a)* nó *(b) d'fho-alt (3)* iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú chun an t-ordachán a chur ar ceal.

(10) Féadfaidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a dtabharfar ordachán dó faoi *fho-alt (4)* iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú chun an t-ordachán a chur ar ceal.

(11) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (9)* chun na hArd-Chúirte laistigh de 14 lá dar tosach an dáta a gheobhaidh an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an gnóthas gaolmhar an t-ordachán nó laistigh de cibé tréimhse bhreise a mheasfaidh an Ard-Chúirt a bheith cóir cothromasach sna himthosca, agus féadfaidh an Ard-Chúirt cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is cuí léi.

(12) Déanfar iarratas faoi *fho-alt (10)* chun na hArd-Chúirte laistigh de 14 lá dar tosach an dáta a gheobhaidh an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an t-ordachán nó laistigh de cibé tréimhse bhreise a mheasfaidh an Ard-Chúirt a bheith cóir cothromasach sna himthosca, agus féadfaidh an Ard-Chúirt cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is cuí léi.

(13) Más deimhin leis an Ard-Chúirt, mar gheall ar chineál nó imthosca an cháis, nó thairis sin ar mhaithe leis an gceartas, gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, féadfar na himeachtaí go léir, nó aon chuid d'imeachtaí, a bhaineann le hiarratas faoi *fho-alt (9)* nó *(10)* a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(14) Is breith inachomhairc chun críocha Chuid VIIA d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 breith ón mBanc ordachán a eisiúint faoi aon cheann de *mhíreanna (c)* go *(g) d'fho-alt (3)*.

46.—(1) I gcás go ndéanfar foráil amhlaidh le hordachán a thabharfar faoi *fho-alt (1)* nó *(4) d'alt 45* i leith soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó gnóthas gaolmhar—

Ceadú roimh ré ón Ard-Chúirt le haghaidh imeachtaí áirithe.

(a) ní ceadmhach aon imeachtaí iomchuí a thionscnamh ná leanúint díobh, agus

(b) ní ceadmhach aon sócmhainní de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó de chuid an ghnóthais ghaolmhair a astú, a fhorlámhú nó a thochsal ar shlí eile,

²IO Uimh. L125, 5.5.2001, lch.15

ach amháin le ceadú roimh ré ón Ard-Chúirt fad a bheidh an t-ordachán fós le comhlíonadh.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, ciallaíonn “imeachtaí iomchuí”, i ndáil le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó le gnóthas gaolmhar—

- (a) imeachtaí a bhaineann le foirceannadh nó díscáoileadh an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an ghnóthais ghaolmhair,
- (b) imeachtaí glacadóireachta nó féimheachta arb é an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an gnóthas gaolmhar is ábhar dóibh, nó
- (c) aon imeachtaí eile faoina dtiocfaidh sannaí nó duine eile chun bheith freagrach as gnóthaí an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an ghnóthais ghaolmhair go dtí go scoirfidh an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an gnóthas gaolmhar de ghnó a sheoladh.

Féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordúithe chun ordacháin a fhorfheidhmiú.

47.—(1) Más dóigh leis an mBanc nach ndearnadh ordachán arna thabhairt faoi *fho-alt (1)* nó (4) *d’alt 45* a chomhlíonadh, nó nach bhfuil ordachán den sórt sin á chomhlíonadh, féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú á cheangal ar dhuine an t-ordachán a chomhlíonadh.

(2) Más deimhin leis an Ard-Chúirt gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh duine, nó go bhfuil sé nó sí ag diúltú nó ag mainneachtain, beart a dhéanamh a cheanglaítear ar an duine a dhéanamh le hordachán arna thabhairt faoi *fho-alt (1)* nó (4) *d’alt 45*, nó faoi ordachán den sórt sin, féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh á cheangal ar an duine an beart sin a dhéanamh.

(3) Ar iarratas chuici faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh an Ard-Chúirt cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach a dhéanamh is cuí léi.

(4) Maidir le hordú faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh ordú a bheith ar áireamh ann go ndéanfar cibé bearta coimhdeacha nó teagmhasacha is dóigh leis an Ard-Chúirt is cuí chun lánéifeacht a thabhairt don ordú.

(5) Más deimhin leis an Ard-Chúirt, mar gheall ar chineál nó imthosca an cháis, nó thairis sin ar mhaithe leis an gceartas, gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, féadfar na himeachtaí go léir, nó aon chuid d’imeachtaí, faoin alt seo a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

CUID 8

CUMHACHT AN BHAINC RIALACHÁIN A DHÉANAMH

Cumhacht an Bhainc rialacháin a dhéanamh.

48.—(1) Féadfaidh an Banc rialacháin a dhéanamh chun rialáil chuí éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais.

(2) Is mar a leanas don fhoráil a fhéadfar a dhéanamh leis na rialacháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

- (a) foráil maidir leis na nósanna imeachta a bheidh le glacadh ag soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais chun na priacail a bhfuil nó a mbeidh siad faoina lé (lena n-áirítear na priacail atá ann mar gheall ar staid an gheilleagair) a aithint, chun faireachán a dhéanamh orthu agus chun iad a thuairisciú agus chun na priacail sin a bhfuil siad faoina lé a bhainistiú d'fhonn iad a íoslghdú;
- (b) foráil lena rialófar socruithe riaracháin, cuntasáíochta, iniúchta agus tuairiscithe soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais;
- (c) foráil maidir le soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais do dhéanamh faireachán agus taifeadadh ar oiliúint agus cáilíochtaí a n-oifigeach, a bhfostaithe, a ngníomhairí agus a n-idirghabhálaithe;
- (d) foráil maidir leis na hacmhainní a bheidh le cothabháil, agus na nósanna imeachta, na córais agus na seiceálacha a bheidh le glacadh ag soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais d'fhonn a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, agus a n-oibleagáidí i leith custaiméirí, a chomhlíonadh ar mhodh a bheidh i gcomhréir lena n-oibleagáidí eile a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go ndéanfaidh a ngníomhairí agus a n-idirghabhálaithe a n-oibleagáidí i leith a gcustaiméirí a urscaoileadh;
- (e) foráil chun a áirithiú nach gcoiscfidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais rochtain ar sheirbhísí airgeadais is gá, i dtuairim an Bhainc, chun a chumasú do chustaiméirí fócaíochtaí a dhéanamh agus a fháil nó gabháil d'idirbhearta airgeadais eile ar cuid riachtanach iad de rannpháirteachas na gcustaiméirí i mbunghníomhaíocht eacnamaíochta;
- (f) foráil lena sonrúfar an fhaisnéis a thabharfaidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais do chustaiméirí, lena n-áirítear foráil lena gceanglófar—
 - (i) ábhar margaíochta, fógraíochta nó cur chun cinn (i cibé meáin) a bhaineann le seirbhísí airgeadais a shainaithint mar ábhar den sórt sin,
 - (ii) faisnéis shonraithe a thabhairt faoin soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais agus faoi na seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn sé nó sí,
 - (iii) na priacail a ghabhann le seirbhísí airgeadais a shainaithint,
 - (iv) rabhaidh a thabhairt, ar mhodh sonraithe, faoi aon luaineacht praghais nó luacha i ndáil le haon táirgí airgeadais arna soláthar, faoi aon teorainneacha leis an margadh atá ar fáil le haghaidh na dtáirgí airgeadais agus faoi nithe sonraithe eile,
 - (v) faisnéis a thabhairt do chustaiméirí faoi dhreasachtaí i ndáil le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear faisnéis i dtaobh na mbuntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na dreasachtaí a ghlacadh, ré a n-infhaighteachta, na dtoimhdí a bhfuil siad bunaithe

orthu, a gcostas, aon fhaisnéis ábhartha eile ba chóir a bheith ag custaiméirí chun a chinneadh an nglacfaidh siad iad agus a inmhianaithe atá sé comhairle neamhspleách a lorg roimh iad a ghlacadh,

- (vi) aon oibleagáidí airgeadais breise nó gealltanais airgeadais bhreise a aithint a d'fhéadfadh eascirt do chustaiméirí tar éis seirbhísí airgeadais a fháil,
 - (vii) comparáidí a dhéanamh idir seirbhísí airgeadais agus seirbhísí airgeadais eile agus toimhdí malartacha sonraithe a chur chun feidhme i ndáil le seirbhísí airgeadais,
 - (viii) faisnéis a thabhairt maidir le costais agus muirir ghaolmhara a bhaineann le seirbhísí airgeadais,
 - (ix) ráitis a dhéanamh le custaiméirí i dtaobh an bhfuil seirbhísí airgeadais oiriúnach,
 - (x) nach ndéanfaí aon mholtaí maidir le seirbhísí airgeadais, ná aon fhaomhadh orthu, ach amháin de réir coinníollacha sonraithe, agus
 - (xi) go mbeidh an fhaisnéis go léir a sholáthrófar cruinn (agus gan a bheith míthreorach), soiléir agus sothuigte ag an ngnáthchustaiméir;
- (g) foráil lena gcuirfear srian le soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais do chur glaonna teileafóin nár iarradh, nó do thabhairt cuairteanna nár iarradh, ar chustaiméirí;
- (h) foráil lena gceanglófar ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais faisnéis ó chustaiméirí a lorg agus (má sholáthraítear í) í a chur i gcuntas chun na nithe seo a leanas a mheasúnú—
- (i) eolas agus tuiscint na gcustaiméirí ar sheirbhísí airgeadais, agus a dtaithí i ndáil leo, agus
 - (ii) oiriúnacht seirbhísí airgeadais do chustaiméirí (ag féachaint dá riachtanais, dá n-imthosca pearsanta, dá staid airgeadais agus d'imthosca iomchuí eile),
- agus foráil maidir lena ndéanfaidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, nó maidir lena bhféadfaidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais a dhéanamh, mura soláthrófar faisnéis a lorgófar ó chustaiméirí;
- (i) foráil lena sonrófar ceanglais a mbeidh feidhm acu maidir le seirbhísí airgeadais a sholáthar do chustaiméirí d'fhonn cinneadh a dhéanamh i dtaobh oiriúnacht na seirbhísí airgeadais do na custaiméirí;
 - (j) foráil maidir le bainistiú easaontachtaí leasa a eascróidh amhail idir custaiméirí agus soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, a n-oifigigh, a bhfostaithe, a ngníomhairí nó a n-idirghabhálaithe nó a ngnóthais ghaolmhara, le linn seirbhísí airgeadais a sholáthar;
 - (k) foráil maidir leis na caighdeáin (mar shampla, i dtaobh luais, costais agus cruinnis) atá le comhlíonadh ag

soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais i ndáil le forghníomhú orduithe nó iarrataí ó chustaiméirí chun seirbhísí airgeadais a sholáthar;

- (l) foráil maidir le soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais do thabhairt iasachtaí agus do chur saoráidí creidmheasa eile ar fáil, nó do sholáthar seirbhísí airgeadais eile, do chustaiméirí, lena n-áirítear foráil—
- (i) lena srianfar iasachtaí nó saoráidí creidmheasa nár iarradh a sholáthar do chustaiméirí,
 - (ii) lena sonrófar próisis trína ndéanfaidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais measúnú agus próiseáil ar iarratais ar iasachtaí nó ar chreidmheas eile nó ar sheirbhísí airgeadais eile,
 - (iii) lena leagfar amach imthosca ina mbeidh, agus coinníollacha ar faoina réir a bheidh, urrús nó ráthaíochtaí ag teastáil i ndáil le custaiméirí dá dtabharfar iasachtaí nó dá gcuirfear creidmheas ar fáil nó dá soláthrófar seirbhísí airgeadais eile,
 - (iv) lena gceanglófar fógra a thabhairt do dhaoine a bheidh ag tabhairt urrús nó ráthaíochtaí i leith iasachtaí, saoráidí creidmheasa eile nó seirbhísí airgeadais eile faoi athruithe ar théarmaí na n-iasachtaí, na saoráidí creidmheasa eile nó na seirbhísí airgeadais eile,
 - (v) lena sonrófar próisis trína bhféadfaidh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais diúltú iasachtaí a thabhairt nó creidmheas a chur ar fáil nó a tharraingt siar, nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, lena n-áirítear mínithe a thabhairt,
 - (vi) lena sonrófar na coinníollacha ar faoina réir a fhéadfar iasachtaí a thabhairt, creidmheas a chur ar fáil nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, agus
 - (vii) lena dtoirmiscfear soláthar seirbhíse airgeadais amháin do chustaiméir a chur ag brath ar sholáthar seirbhíse airgeadais eile don chustaiméir, ach amháin i gcás go gceanglaítear sin le dlí;
- (m) foráil maidir le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do thabhairt iasachtaí, do chur saoráidí creidmheasa eile ar fáil agus do sholáthar seirbhísí airgeadais eile do dhuine srianta, lena n-áirítear foráil—
- (i) lena bhforchuirfear srianta ar na téarmaí ar a bhféadfar iasachtaí a thabhairt, a athrú nó a bhainistiú, ar a bhféadfar saoráidí creidmheasa eile a chur ar fáil, a athrú nó a bhainistiú, nó ar a bhféadfar seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, do dhaoine srianta,
 - (ii) maidir leis na córais a ghlacfar chun bainistiú a dhéanamh ar iasachtaí a thabhairt, saoráidí creidmheasa eile a chur ar fáil, nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, do dhaoine srianta,

- (iii) lena sonrúfar imthosca inar gá ceadú a fháil ón mBanc chun iasachtaí a thabhairt, chun saoráidí creidmheasa eile a chur ar fáil, nó chun seirbhísí airgeadais eile a sholáthar, do dhaoine srianta, agus
 - (iv) lena gceanglófar iasachtaí a thabharfar, saoráidí creidmheasa eile a chuirfear ar fáil, nó seirbhísí airgeadais eile a sholáthrófar, do dhaoine srianta a thuirisciú;
- (n) foráil lena gceanglófar—
- (i) go dtabharfar cúiseanna le diúltuithe luachana a sholáthar le haghaidh cumhdach árachais a ndearnadh iarratas air agus cúiseanna nár glacadh le héilimh faoi pholasaithe nó conarthaí árachais,
 - (ii) fógra a thabhairt i ndáil le breitheanna ar éilimh faoi pholasaithe agus conarthaí árachais agus i ndáil le hobair a dhéanamh chun maoin a dheisiú faoi na polasaithe agus na conarthaí sin, lena n-áirítear costas agus raon na hoibre sin agus a deimhniú, agus
 - (iii) faisnéis a thabhairt i ndáil le nósanna imeachta achomhairc;
- (o) foráil lena gceanglófar ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais ráitis chuntais a thabhairt do chustaiméirí i leith seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear an fhaisnéis a bheidh le tabhairt sna ráitis sin, foirm agus minicíocht na ráiteas sin agus an modh ar a dtabharfar na ráitis sin;
- (p) foráil maidir leis na caighdeáin a bheidh le comhlíonadh ag soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, agus na nósanna imeachta, na córais agus na seiceálacha a bheidh le glacadh acu, chun déileáil le sócmhainní agus airgead custaiméirí, agus chun an céanna a shealbhú, lena n-áirítear foráil—
- (i) maidir le cearta custaiméirí a chosaint, go háirithe i gcás dócmhainneachta,
 - (ii) maidir leis an úsáid a fhéadfar a bhaint as sócmhainní agus airgead custaiméirí, agus
 - (iii) maidir le cuntais custaiméirí a bhainistiú;
- (q) foráil chun a cheangal ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais a éascú do chustaiméirí gnó a aistriú chuig soláthraithe seirbhíse airgeadais eile, lena n-áirítear foráil—
- (i) maidir le faisnéis a thabhairt do chustaiméirí i dtaobh aistriú, agus
 - (ii) lena sonrúfar na nósanna imeachta agus na socrúithe eile a bheidh le cur ar bun chun aistriú a chumasú;
- (r) foráil maidir leis an gcaoi a ndéileálfadh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais le custaiméirí atá, nó ar dóigh go mbeidh siad, i mbroid airgid (lena n-áirítear custaiméirí atá, nó ar dóigh go mbeidh siad, faoi

riaráiste), lena n-áirítear, i ndáil le custaiméirí den sórt sin, foráil—

- (i) lena leagfar amach na cúinsí a bheidh le cur i gcuntas le linn breithniú a dhéanamh ar conas déileáil le custaiméirí den sórt sin,
 - (ii) lena sonrófar an fhaisnéis a bheidh le soláthar do na custaiméirí sin faoi bhainistiú an riaráiste, agus na hiarmhairtí a leanfaidh as mainneachtain, agus
 - (iii) lena sonrófar na próisis réitigh a bheidh le glacadh i ndáil le riaráiste,
- (s) foráil maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta a bheidh le glacadh ag soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais maidir le próiseáil lacáistí agus aisíocaíochtaí a bheidh dlite do chustaiméirí;
- (t) foráil maidir leis na slite ar a gceartófar earráidí arna ndéanamh ag soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais i leith a gcustaiméirí;
- (u) foráil lena gceanglófar nósanna imeachta réitigh simplí neamhchostasacha a chur ar fáil le haghaidh díospóidí idir soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais agus custaiméirí agus chun a áirithiú go ndéileálfar go tapaigh, go héifeachtúil agus go cóir cothrom le gearáin ó chustaiméirí i dtaobh soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, lena n-áirítear foráil—
- (i) maidir leis an gcéad phointe teagmhála do ghearánaigh,
 - (ii) lena rialófar taifeadadh gearán,
 - (iii) lena sonrófar scálaí ama chun gearáin a fhreagairt,
 - (iv) maidir leis na leigheasanna agus an sásamh, lena n-áirítear aisíocaíocht nó cúiteamh (nó iad araon), a bheidh ar fáil i gcásanna gearán,
 - (v) maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh cé air nó uirthi a bheidh freagracht as déileáil le gearáin i gcásanna ina mbeidh níos mó ná soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais amháin i gceist, agus
 - (vi) maidir le taifid a bhaineann le gearáin a choimeád agus a choinneáil;
- (v) i ndáil le haon aistriú nó scor beartaithe i leith aon chuid iomchuí de ghnó aon soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó i ndáil le cumasc an ghnó sin le gnó duine eile—
- (i) foráil maidir le faisnéis a thabhairt a bhaineann leis an aistriú, leis an scor nó leis an gcumasc sin, agus
 - (ii) foráil a dhéanamh chun a chinntiú go dtabharfar leorchosaint do leasanna custaiméirí i gcás an aistrithe, an scoir nó an chumaisc sin;

- (w) foráil lena gcumasófar don Bhanc a cheangal ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais na nithe seo a leanas a bhunú agus a chothabháil—
 - (i) pleananna chun téarnamh ó aon mheathlú ar imthosca sonraithe airgeadais, go háirithe trí bhearta a leagan amach a d'fhéadfaí a dhéanamh chun go n-éascófaí leanúint den ghnó nó den chuid den ghnó le linn éagobhsaíocht airgeadais a bheith ann, agus
 - (ii) pleananna le haghaidh foirceannadh nó aistriú ordúil gnó in imthosca airgeadais sonraithe;
 - (x) foráil maidir le soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais do choimeád cibé taifead is gá chun bainistiú agus rialáil éifeachtach a dhéanamh, lena n-áirítear foráil—
 - (i) maidir leis an bhfoirm ina ndéanfar agus an modh ar a ndéanfar iad a choimeád, agus an tréimhse a gcoimeádfar iad ar a feadh,
 - (ii) lena gcumasófar a bhfíorú, agus
 - (iii) maidir le rochtain ag an mBanc a cheadú;
 - (y) aon fhoráil eile a bhaineann le haon cheann de na nithe a leagtar amach i *míreanna (a)* go *(x)* agus is cúí leis an mBanc.
- (3) Féadfar a shonrú le rialacháin arna ndéanamh faoi *fho-alt (2)(m)* gur duine srianta duine—
- (a) má shealbhaíonn sé nó sí oifig nó fostaíocht, de thairisc a shonraítear sna rialacháin, leis an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais,
 - (b) má chomhlíonann sé nó sí feidhm, nó má sholáthraíonn sé nó sí seirbhís, de thairisc a shonraítear sna rialacháin, don soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó
 - (c) i cibé imthosca a shonrófar sna rialacháin, más gaol, nó más duine den teaghlach céanna, é nó í le duine a thagann faoi réim *mhír (a)* nó *(b)*.

Comhchomhairle roimh rialacháin a dhéanamh.

49.—(1) Sula ndéanfaidh an Banc rialacháin faoi *alt 48*—

- (a) rachaidh sé i gcomhairle leis an Aire agus, chun na críche sin, soláthróidh sé dréacht de na rialacháin bheartaithe don Aire,
 - (b) i gcás rialacháin faoi *alt 48(2)(b)*, rachaidh sé i gcomhairle leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta freisin agus, chun na críche sin, soláthróidh sé dréacht de na rialacháin bheartaithe don Aire sin, agus
 - (c) féadfaidh sé dul i gcomhairle le cibé daoine eile ar dóigh leis an mBanc gur cúí dul i gcomhairle leo sna himthosca.
- (2) (a) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le comhair chreidmheasa ag gníomhú dóibh faoi údarú ón mBanc faoi Chuid II den Acht um Chomhar Creidmheasa, 1997.

- (b) Sula ndéanfaidh an Banc rialacháin faoi *alt 48* i leith comhair chreidmheasa lena mbaineann an fo-alt seo, rachaidh an Banc i gcomhairle freisin—
- (i) leis an gCoiste Comhairleach um Chomhar Creidmheasa (de réir bhrí an Achta um Chomhar Creidmheasa, 1997), agus
- (ii) le haon chomhlacht eile ar dealraitheach don Bhanc go bhfuil saineolas nó eolas aige maidir le comhair chreidmheasa.

50.—Le linn dó rialacháin a dhéanamh faoi *alt 48*, tabharfaidh an Banc aird ar an ngá atá ann a chinntiú go bhfuil na ceanglais a fhorchuirtear leis na rialacháin lena mbaineann éifeachtach agus comhréireach ag féachaint do chineál, méid agus castacht gníomhaíochtaí soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais nó na haicme nó na n-aicmí soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann na rialacháin.

Nithe a dtabharfaidh an Banc aird orthu le linn rialacháin a dhéanamh.

51.—(1) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 48*—

- (a) féadfaidh aon fhorálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith iontu is dóigh leis an mBanc is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán,
- (b) féadfaidh feidhm a bheith acu i gcoitinne nó maidir le haicme shonraithe nó le haicmí sonraithe soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, custaiméirí nó seirbhísí airgeadais,
- (c) féadfaidh forálacha éagsúla a bheith iontu i ndáil le haicmí éagsúla soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais, custaiméirí nó seirbhísí airgeadais.

Forálacha forlíontacha a bhaineann le rialacháin.

(2) Déanfar rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 48* a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta.

CUID 9

FORFHEIDHMIÚ

52.—(1) Más rud é, i dtuairim an Bhainc, go raibh nó go bhfuil duine ag gabháil, nó go bhfuil sé nó sí ar tí gabháil, d'iompar ina raibh, ina bhfuil nó ina mbeadh sárú ar fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais i gceist, féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú lena srianfar an duine ar ghabháil don iompar.

Orduithe forfheidhmithe ón Ard-Chúirt ar iarratas ón mBanc.

(2) Más rud é gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh duine, go bhfuil sé nó sí ag diúltú nó ag mainneachtain, nó go bhfuil sé nó sí ar tí diúltú nó mainneachtain, gníomh a dhéanamh a cheanglaítear ar an duine a dhéanamh le foráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais nó fúithi, féadfaidh an Chúirt ordú a dhéanamh á cheangal ar an duine an gníomh sin a dhéanamh.

(3) Féadfaidh an Banc iarratas *ex parte* a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú faoin alt seo agus féadfaidh an Chúirt ordú a dheonú

i gcás den sórt sin más dóigh leis an gCúirt gur gá déanamh amhlaidh d'fhonn críocha an ailt seo a bhaint amach, lena n-áirítear (go háirithe) d'fhonn infhaighteacht aon mhaoine, faisnéise, taifid nó ruda eile a chaomhnú.

(4) Féadfar ordú faoin alt seo a dhéanamh ar cibé téarmaí is cuí leis an gCúirt.

(5) Féadfaidh an Chúirt ordú eatramhach a dheonú go dtí go ndéanfar cinneadh ar iarratas faoin alt seo.

(6) Féadfaidh an Chúirt ordú arna dhéanamh faoin alt seo a urscaoileadh nó a athrú.

(7) Maidir le cumhacht na Cúirte ordú a dhéanamh lena srianfar duine ar ghabháil d'iompar dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfar í a fheidhmiú—

- (a) cibé acu is dealraitheach don Chúirt, nó nach ea, go bhfuil sé ar intinn ag an duine gabháil don iompar arís nó leanúint den iompar,
- (b) cibé acu a ghabh nó nár ghabh an duine don chineál sin iompair roimhe sin, agus
- (c) cibé acu atá nó nach bhfuil contúirt ann go ndéanfar damáiste d'aon duine eile má ghabhann an duine don chineál sin iompair.

(8) Maidir le cumhacht na Cúirte ordú a dhéanamh lena gceanglófar ar dhuine gníomh a dhéanamh, féadfar í a fheidhmiú—

- (a) cibé acu is dealraitheach don Chúirt, nó nach ea, go bhfuil sé ar intinn ag an duine diúltú nó mainneachtain arís, nó leanúint de dhiúltú nó de mhainneachtain, an gníomh sin a dhéanamh,
- (b) cibé acu a dhiúltaigh nó a mhainnigh, nó nár dhiúltaigh nó nár mhainnigh, an duine an gníomh sin a dhéanamh roimhe sin, agus
- (c) cibé acu atá nó nach bhfuil contúirt ann go ndéanfar damáiste d'aon duine eile má dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine an gníomh sin a dhéanamh.

(9) Más deimhin leis an gCúirt, mar gheall ar chineál nó imthosca an cháis, nó thairis sin ar mhaithe leis an gceartas, gurb inmhanaithe déanamh amhlaidh, féadfar na himeachtaí go léir, nó aon chuid d'imeachtaí, os a comhair faoin alt seo a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(10) Má dhéanann an Banc iarratas chuig an gCúirt chun ordú a dhéanamh faoin alt seo, ní ceadmhach don Chúirt a cheangal ar an iarratasóir nó ar aon duine eile gealltanais a thabhairt i dtaobh damáistí mar choinníoll a ghabhann le hordú eatramhach a dheonú.

(11) Aon uair a bhíonn cumhacht ag an gCúirt faoin alt seo ordú a dhéanamh lena srianfar duine ar ghabháil d'iompar áirithe, nó lena gceanglófar ar dhuine gníomh áirithe a dhéanamh, féadfaidh sí, i dteannta ordú den sórt sin a dhéanamh nó ina ionad, a ordú don duine damáistí a íoc le duine eile.

(12) San alt seo, ciallaíonn “an Chúirt” an Ard-Chúirt.

53.—(1) Féadfaidh an Banc fógra a fhoilsiú de réir *fho-alt (3)* i gcás go gcreidfidh an Banc le réasún, maidir le cuideachta atá cláraithe sa Stát, nó maidir le haon duine eile atá ag oibriú sa Stát— Fógraí don phobal.

- (a) go bhfuil aon seirbhís airgeadais á soláthar aige nó aici, d'éagmais cibé údarú is gá faoi aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais i leith an tseirbhís airgeadais sin a sholáthar, nó
- (b) go bhfuil sé nó sí ag éileamh nó á thabhairt le tuiscint ina leith féin gur soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais é nó í, d'éagmais cibé údarú is gá faoi aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais i leith aon seirbhís airgeadais a n-éilíonn an soláthraí seirbhíse airgeadais, nó a dtugann an soláthraí seirbhíse airgeadais le tuiscint ina leith féin, go bhfuil sí á soláthar aige nó aici.

(2) Féadfaidh an Banc le fógra 7 lá a sholáthar don chuideachta nó don duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* á rá go bhfuil sé ar intinn ag an mBanc fógra a fhoilsiú faoin alt seo.

(3) Féadfaidh an Banc fógra faoin alt seo a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis an mBanc.

54.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le duine—

Orduithe aisig.

- (a) ar forchuireadh aon smachtbhanna air nó uirthi faoi alt 33AQ, 33AR nó 33AV d'Acht 1942,
- (b) ar forchuireadh aon smachtbhanna air nó uirthi faoi aon cheann díobh seo a leanas:
 - (i) Rialachán 99 de na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 (I.R. Uimh. 324 de 2005),
 - (ii) Rialachán 41 de na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE), 2005 (I.R. Uimh. 342 de 2005), nó
 - (iii) Rialachán 67 de na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007),nó,
- (c) a ciontaíodh i gcion faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais.

(2) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ón mBanc, ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (3)* i leith duine lena mbaineann an t-alt seo i gcás gur deimhin leis an Ard-Chúirt gur tharla, de dheasca an tsáraithe fhorordaithe nó an chiona lena mbaineann—

- (a) gur saibhríodh an duine go míchóir, nó
- (b) gur bhain cailteanas nó dochar eile do dhuine eile nó do dhaoine eile.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú don duine a ndéanfar iarratas ina leith faoi *fho-alt (2)* cibé suim a íoc leis an mBanc is dóigh leis an Ard-Chúirt is cóir ag féachaint do na nithe seo a leanas—

- (a) i gcás a thagann faoi réim *fho-alt (2)(a)*, a mhéid is dealraitheach don Ard-Chúirt gur saibhríodh an duine lena mbaineann go míchóir,
- (b) i gcás a thagann faoi réim *fho-alt (2)(b)*, méid an chailteanais nó an dochair eile,
- (c) i gcás a thagann faoi réim *fho-alt (2)(a)* agus (b), a mhéid is dealraitheach don Ard-Chúirt gur saibhríodh an duine go míchóir agus méid an chailteanais nó an dochair eile.

(4) Déanfaidh an Banc aon mhéid a íocfar leis de bhun ordú faoi *fho-alt (3)* a íoc le cibé daoine, nó a dháileadh ar cibé daoine, a ordóidh an Ard-Chúirt.

(5) Ar iarratas faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Ard-Chúirt a cheangal ar an duine lena mbaineann cibé cuntais nó faisnéis eile a sholáthar di a theastóidh uaithi chun aon chríche amháin nó níos mó de na críocha seo a leanas:

- (a) chun a shuíomh ar saibhríodh an duine go míchóir mar a luaitear i *mír (a)* den *fho-alt* sin, agus má saibhríodh, chun a mhéid a saibhríodh amhlaidh é nó í a shuíomh;
- (b) chun a shuíomh ar bhain aon chailteanas nó dochar eile d'aon duine nó daoine mar a luaitear i *mír (b)* den *fho-alt* sin, agus má bhain, chun méid an chailteanais nó an dochair eile sin a shuíomh;
- (c) chun a chinneadh conas a íocfar nó a dháilfear aon mhéideanna faoi *fho-alt (4)*.

(6) Féadfaidh an Ard-Chúirt a cheangal go ndéanfar aon chuntais nó faisnéis eile a sholáthrófar faoi *fho-alt (5)* a fhíorú ar cibé modh a ordóidh sí.

(7) Ní dhéanann aon ní san alt seo difear don cheart atá ag aon duine seachas an Banc imeachtaí a thionscnamh i leith na nithe lena mbaineann an t-alt seo.

Cionta a ionchúiseamh.

55.—(1) San alt seo, ciallaíonn “cion iomchuí faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais” cion faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais agus a bhfuil feidhm ag alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851* maidir leis.

(2) D’ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851* agus aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, féadfar imeachtaí achoimre i leith cion iomchuí faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais a thionscnamh—

- (a) aon tráth laistigh de 3 bliana ón dáta a rinneadh an cion, nó
- (b) más rud é, tráth éagtha na tréimhse sin, go mbeidh an duine a mbeidh na himeachtaí le tionscnamh ina choinne nó ina coinne lasmuigh den Stát, laistigh de 6 mhí ón dáta a thiocfaidh sé nó sí isteach sa Stát den chéad uair eile, nó

- (c) aon tráth laistigh de 3 bliana ón dáta a thagann fianaise ar iúl an duine a thionscnaíonn na himeachtaí ar fianaise í is leor, i dtuairim an duine sin, chun gur cóir na himeachtaí a thionscnamh,

cibé acu is déanaí, ar choinníoll nach dtosófar aon imeachtaí den sórt sin tráth is déanaí ná 5 bliana ón dáta a rinneadh an cion lena mbaineann.

(3) Chun críche an ailt seo, beidh deimhniú arna shíniú ag an duine, nó thar ceann an duine nó i gcomhpháirt leis an duine, a thionscnaíonn na himeachtaí, ar deimhniú é i dtaobh an dáta a tháinig an fhianaise maidir leis an gcion lena mbaineann ar a iúl nó ar a hiúl, ina fhianaise *prima facie* agus, maidir le doiciméad a airbheartóidh gur deimhniú é a eisíodh chun críche an fho-ailt seo agus gur síníodh amhlaidh é, measfar, in aon imeachtaí dlíthiúla, gur síníodh amhlaidh é agus glacfar mar fhianaise é gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartóidh gurbh é nó gurbh í a shínigh an deimhniú.

56.—(1) I dtriail ar díotáil i leith cion faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, féadfaidh breitheamh na trialach a ordú go dtabharfar cóipeanna d'aon cheann de na doiciméid seo a leanas don ghiúiré, agus sin i cibé foirm is cuí leis an mbreitheamh: Cóipeanna de doiciméid do ghiúiréithe.

- (a) aon doiciméad a glacadh i bhfianaise sa triail;
- (b) an athscríbhinn d'óráidí oscailte na n-abhcóidí;
- (c) aon chairteacha, léaráidí, grafaicí, sceidil nó achoimrí comhaontaithe ar fhianaise a tugadh ar aird sa triail;
- (d) an athscríbhinn den fhianaise go léir nó d'aon chuid den fhianaise a tugadh sa triail;
- (e) an athscríbhinn d'óráidí deiridh na n-abhcóidí;
- (f) an athscríbhinn de choimriú bhreitheamh na trialach don ghiúiré;
- (g) aon doiciméad eile a bheadh, i dtuairim bhreitheamh na trialach, ina chabhair don ghiúiré ina chuid pléití, lena n-áirítear, más cuí, mionnscríbhinn ó chuntasóir nó ó dhuine eile a bheadh cáilithe go hoiriúnach ina mbeidh achoimre, i bhfoirm ar dócha go dtuigfeadh an ghiúiré í, ar aon idirbhearta ag an gcúisí nó ag daoine eile atá iomchuí maidir leis an gcion.

(2) Má bheartaíonn an t-ionchúisitheoir iarratas a dhéanamh chuig breitheamh na trialach ar ordú go dtabharfar doiciméad a luaitear i *bhfo-alt (1)(g)* don ghiúiré, tabharfaidh an t-ionchúisitheoir cóip den doiciméad don chúisí roimh an triail agus, ar an iarratas a éisteacht, cuirfidh breitheamh na trialach i gcuntas aon uirill a dhéanfaidh an cúisí nó a dhéanfar thar ceann an chúisí i ndáil leis.

(3) I gcás go mbeidh ordú déanta ag breitheamh na trialach go dtabharfar mionnscríbhinn ó chuntasóir nó ó dhuine eile a luaitear i *bhfo-alt (1)(g)* don ghiúiré, maidir leis an gcuntasóir nó, de réir mar a bheadh, maidir leis an duine eile a luaitear amhlaidh—

- (a) déanfaidh an t-ionchúisitheoir é nó í a thoghairm chun freastal ar an triail mar fhinné saineolach, agus

Cd.9 A.56

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

- (b) féadfaidh breitheamh na trialach a cheangal air nó uirthi, i gcás gur cuí é, fianaise a thabhairt maidir le haon nósanna imeachta nó prionsabail iomchuí atá ina réimse saineolais.

Duine ciontaithe faoi dhliteanas i leith costais agus caiteachais a ghabhann le himscrúdú agus imeachtaí.

57.—(1) I gcás go gciontófar duine i gcion faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh an Banc i ndáil le himscrúdú, brath agus ionchúiseamh an chiona a fóc leis an mBanc, lena n-áirítear na caiteachais a bhainfidh agus a ghabhfaidh le haon fhaisnéis arna soláthar don Bhanc nó d'oifigeach údaraithe a scrúdú.

(2) Maidir le hordú le haghaidh costais agus caiteachais faoi *fho-alt (1)*, is ordú é i dteannta, agus ní ordú é in ionad, aon fhíneáil nó pionós eile a fhorchuirfidh an chúirt.

Teorainn le dliteanas.

58.—(1) Aon duine a thabharfaidh faisnéis don Bhanc de bhun ceanglas arna fhorchur ag an mBanc i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais nó d'oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoi *Chuid 3*, measfar nár sháraigh sé nó sí aon dualgas rúndachta a dhlítear d'aon duine mar gheall ar fhaisnéis a thabhairt amhlaidh.

(2) Aon duine atá nó a bhí ina iniúchóir nó ina hiniúchóir de chuid soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó ina achtúire nó ina hachtúire ag gníomhú thar ceann an chéanna, agus a thabharfaidh don Bhanc—

- (a) faisnéis maidir le ní a tháinig nó a thiocthadh ar a iúl nó ar a hiúl ina cháil nó ina cáil mar iniúchóir de chuid an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó mar achtúire ag gníomhú thar ceann an chéanna, nó

- (b) a thuairim nó a tuairim maidir le ní den sórt sin,

measfar nár sháraigh sé nó sí aon dualgas rúndachta a dhlítear d'aon duine mar gheall ar fhaisnéis a thabhairt amhlaidh, más rud go bhfuil sé nó sí ag gníomhú de mheon macánta agus go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go bhfuil an fhaisnéis nó an tuairim iomchuí maidir le haon fheidhmeanna de chuid an Bhainc.

CUID 10

LEATHNÚ AR CHUID V D'ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1997 MAIDIR LE GNÓLACHTAÍ BAINISTITHE FIACHAIS, ETC.

Leasú ar alt 28 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

59.—Leasaítear alt 28 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “údarú”—

“ciallaíonn ‘údarú’ duine a údarú chun gnó rialáilte a sheoladh agus, má leasaítear údarú de réir alt 34, ciallaíonn sé an t-údarú arna leasú;”,

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.10 A.59

(b) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach—

“ciallaíonn ‘tomhaltóir’—

(a) pearsa aonair ag gníomhú dó nó di ar shlí seachas i gcúrsa gnó, nó

(b) micrifhiontar de réir na brí a thugtar le Moladh 2003/361/CE an 6 Bealtaine 2003 ón gCoimisiún³ a bhaineann leis an míniú ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide;

ciallaíonn ‘gnólacht bainistithe fiachais’ duine a sholáthraíonn, ar luach saothair, seirbhísí bainistithe fiachais do thomhaltóir amháin nó níos mó, seachas do dhuine eisceithe;

ciallaíonn ‘seirbhísí bainistithe fiachais’—

(a) comhairle a thabhairt maidir le fiacha a urscaoileadh (go hiomlán nó go páirteach), lena n-áirítear comhairle maidir le buiséadú i dtaca le fiacha a urscaoileadh,

(b) caibidlíocht a dhéanamh le creidiúnaithe duine maidir le fiacha an duine a urscaoileadh (go hiomlán nó go páirteach), nó

(c) aon ghníomhaíocht dá samhail a bhaineann le fiacha a urscaoileadh;

ciallaíonn ‘duine eisceithe’—

(a) aon eagraíocht charthanúil de réir bhrí alt 2(1) den Acht Carthanas, 2009,

(b) an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid,

(c) aon bhanc, cumann foirgníochta, comhar creidmheasa nó cara-chumann ceadúnaithe,

(d) abhcóide, atur nae nó cuntasóir nach soláthraíonn seirbhísí bainistithe fiachais ach amháin ar mhodh teagmhasach agus atá faoi réir a rialála ag comhlacht gairmiúil,

(e) duine is páirtí sa Phrótacal um Chomhairle Neamhspleách d’Íasachtaithe a bhfuil Staonadh Fadtéarma Morgáiste á Fháil Acu arna dhéanamh an 2 Lúnasa 2012 (arna leasú ó am go ham) agus a thugann comhairle de réir an Phrótacail sin,

(f) Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, aon idirghabhálaí ceadaithe arna údarú nó arna húdarú faoi alt 47 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, a bheidh ag gníomhú sa cháil sin, nó aon chleachtóir dócmhainneachta pearsanta arna údarú nó arna húdarú faoi Chaibidil 1 de Chuid 5 den Acht sin a sheolann cleachtas sa cháil sin,

(g) ionadaithe pearsanta (de réir bhrí alt 3 den Acht Comharbais, 1965),

³IO Uimh. L124, 20.5.2003, lch.36

- (h) iontaobhaithe iontaobhais, seachas iontaobhas a bhunaítear chun seirbhísí bainistithe fiachais a sholáthar,
- (i) an Banc,
- (j) An Post,
- (k) an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní,
- (l) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta,
- (m) an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, agus
- (n) aon duine eile a bhunaítear, nó a shealbhaíonn oifig, faoi achtachán nó a bheidh maoinithe (go hiomlán nó go páirteach) ag Aire den Rialtas;

ciallaíonn ‘scairshealbhóir cáilitheach’, i ndáil le duine eile, duine ag a bhfuil sealúchas díreach nó neamhdhíreach sa duine eile—

- (a) a fhreagraíonn do 10 faoin gcéad nó níos mó de chaipiteal an duine eile, nó de na cearta vótála sa duine eile, nó
- (b) a fhágann gur féidir tionchar suntasach a imirt ar bhainistiú an duine eile;

ciallaíonn ‘luach saothair’, i ndáil le seirbhísí bainistithe fiachais, aon choimisiún nó íocaíocht eile, cibé acu a íoctar é nó í go díreach nó go neamhdhíreach, i leith na seirbhísí bainistithe fiachais agus folaíonn sé íocaíocht arna déanamh i leith soláthar seirbhísí seachas seirbhísí bainistithe fiachais arb é an toradh atá air go ndéantar seirbhísí bainistithe fiachais a sholáthar ar shlí seachas ar íocaíocht;”,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “seirbhís tarchurtha airgid”—

“ciallaíonn ‘seirbhís tarchurtha airgid’ seirbhís arb é atá i gceist inti airgead a tharchur ar aon mhodh, seachas seirbhís—

- (a) is seirbhís íocaíochta lena mbaineann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Íocaíochta), 2009 (I.R. Uimh. 383 de 2009),
- (b) a sholáthraítear do chustaiméirí ar bhonn atá coimhdeach le haon seirbhísí eile seachas seirbhísí bainistithe fiachais,
- (c) a sholáthraíonn—
 - (i) aon eagraíocht charthanúil de réir bhrí alt 2(1) den Acht Carthanas, 2009,
 - (ii) an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid,
 - (iii) aon bhanc, cumann foirgníochta, comhar creidmheasa nó cara-chumann ceadúnaithe,
 - (iv) abhcóide, aturnae nó cuntasóir nach soláthraíonn seirbhísí tarchurtha airgid ach amháin ar mhodh

teagmhasach agus atá faoi réir a rialála ag comhlacht gairmiúil,

- (v) Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, aon idirghabhálaí ceadaithe arna údarú nó arna húdarú faoi alt 47 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, ag gníomhú dó nó di sa cháil sin, nó aon chleachtóir dócmhainneachta pearsanta arna údarú nó arna húdarú faoi Chaibidil 1 de Chuid 5 den Acht sin a sheolann cleachtas sa cháil sin,
- (vi) ionadaithe pearsanta (de réir bhrí alt 3 den Acht Comharbais, 1965),
- (vii) iontaobhaithe iontaobhais, seachas iontaobhas a bhunaítear chun seirbhísí tarchurtha airgid a sholáthar,
- (viii) an Banc,
- (ix) An Post,
- (x) an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní,
- (xi) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta,
- (xii) an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, agus
- (xiii) aon duine eile bhunaítear, nó a shealbhaíonn oifig, faoi achtachán nó a bheidh maoinithe (go hiomlán nó go páirteach) ag Aire den Rialtas.”,

agus

- (d) sa mhíniú ar “gnó rialáilte” trí “, gnólacht miondíola creidmheasa nó gnólacht bainistithe fiachais” a chur in ionad “nó gnólacht miondíola creidmheasa”.

60.—Leasaítear alt 31 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997, i bhfo-alt (2)(b), trí “nó le haon achtachán ainmnithe eile, nó faoi, agus le haon ionstraim reachtúil ainmnithe, nó fúithi, nó le haon ionstraim reachtúil ainmnithe, nó fúithi” a chur isteach i ndiaidh “leis an gCuid seo nó fúithi”.

Leasú ar alt 31 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

61.—Leasaítear alt 31A d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997—

Leasú ar alt 31A d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

- (a) trí “duine a bheartaíonn gnó rialáilte a sheoladh nó a bhfuil gnó rialáilte á sheoladh aige nó aici” a chur in ionad “gnólacht creidmheasa miondíola nó gnólacht frithdhílse baile”,
- (b) i mír (a), trí “a mheabhrán comhlachais agus a airteagail chomhlachais” a chur in ionad “meabhrán comhlachais agus airteagail chomhlachais an ghnólachta”,
- (c) i mír (b), trí “an duine nó (i gcás gur gnólacht é) gach” a chur in ionad “gach” agus, i mír (c), trí “an duine nó (i gcás gur gnólacht é) gach scairshealbhóra)” a chur in ionad “gach scairshealbhóra”,

Cd.10 A.61

[*Uimh. 26.*] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

- (d) i mír (d), trí “an duine” a chur in ionad “an ghnólachta” agus, i mír (e), trí “an duine” a chur in ionad “an gnólacht”,
- (e) i mír (f), trí “an duine” a chur in ionad “an ghnólachta”, agus
- (f) i mír (g)—
 - (i) trí “an duine” a chur in ionad “an ghnólachta”, agus
 - (ii) trí “gnó rialáilte” a chur in ionad “gnólachtaí údaraithe”.

Leasú ar alt 32A d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

62.—Leasaítear alt 32A d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997—

- (a) i bhfo-alt (1)—
 - (i) trí “do dhuine” a chur in ionad “do ghnólacht creidmheasa miondíola nó frithdhílse baile”, agus
 - (ii) trí “leis an duine” a chur in ionad “leis an ngnólacht”,
- (b) i bhfo-alt (3)—
 - (i) trí “creidmheasa miondíola nó seirbhísí eile”, a scriosadh, agus
 - (ii) trí “daoine” a chur in ionad “gnólachtaí”,
- (c) i bhfo-alt (4), trí “daoine” a chur in ionad “gnólachtaí”,
- (d) i bhfo-alt (5), tríd an leagan cuí gramadaí de “duine” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “gnólacht” gach áit a bhfuil sé, agus
- (e) i bhfo-alt (6)—
 - (i) trí “duine” a chur in ionad “gnólachta creidmheasa miondíola nó frithdhílse baile”, agus
 - (ii) trí “ar an duine” a chur in ionad “ar an ngnólacht” agus “leis an duine” a chur in ionad “leis an ngnólacht”.

Leasú ar alt 33A d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

63.—Leasaítear alt 33A d’Acht an Bhainc Ceannais, 1997—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “, i leith duine atá údaraithe chun gnó rialáilte a sheoladh” a chur in ionad “i leith gnólachta creidmheasa miondíola údaraithe nó gnólachta frithdhílse baile údaraithe”,
- (b) i bhfo-alt (1)(a)—
 - (i) trí “an duine” a chur in ionad “an ghnólachta”, agus
 - (ii) trí “ar dhaoine atá údaraithe chun gnó rialáilte a sheoladh” a chur in ionad “ar ghnólachtaí creidmheasa miondíola nó ar ghnólachtaí frithdhílse baile údaraithe”,

(c) i bhfo-alt (1)(c)—

(i) trí “ar aon doiciméad iomchuí” a chur in ionad “ar chomhaontú creidmheasa nó ar chomhaontú frithdhílse baile, nó ar aon doiciméad iomchuí eile”, agus

(ii) trí “leis an doiciméad” a chur in ionad “leis an gcomhaontú”,

(d) i bhfo-alt (1)(d), trí “ar dhuine” a chur in ionad “ar ghnólacht”,

(e) i bhfo-ailt (2) agus (3), tríd an leagan cuí gramadaí de “duine” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “gnólacht” gach áit a bhfuil sé, agus

(f) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3)—

“(4) Féadfaidh an Banc freisin coinníoll nó ceanglas a fhorchur ar dhaoine atá údaraithe chun gnó tarchurtha airgid a sheoladh cibé caipiteal nó acmhainní airgeadais eile a shonróidh an Banc a chruinniú agus a chothabháil.

(5) Féadfaidh an Banc freisin coinníoll nó ceanglas a fhorchur ar ghnólacht bainistithe fiachais polasaí árachais slánaíochta gairmiúla a bhaint amach—

(a) i cibé foirm,

(b) a thabharfaidh slánaíocht suas le cibé suim agus i leith cibé nithe, agus

(c) a bheidh bailí ar feadh cibé tréimhse íosta,

a shonróidh an Banc ó am go ham.”.

64.—Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais, 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 34C—

Foráil idirthréimhseach le haghaidh gnólachtaí bainistithe fiachais láithreacha.

“Foráil idirthréimhseach le haghaidh gnólachtaí bainistithe fiachais láithreacha.

34D.—(1) D’ainneoin alt 29, measfar go bhfuil duine a sheolann gnó gnólachta bainistithe fiachais díreach roimh thosach feidhme *Chuid 10 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013 údaraithe chun gnó gnólachta bainistithe fiachais a sheoladh go dtí go ndeonóidh nó go ndíúltóidh an Banc údarú don duine sin, ar an gcoinníoll go ndéanfaidh an duine iarratas chun an Bhainc faoi alt 30 ar údarú tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an tosach feidhme sin.

(2) I gcás go measfar go bhfuil duine údaraithe chun gnó gnólachta bainistithe fiachais a sheoladh faoi fho-alt (1), féadfaidh an Banc ceachtar de na nithe seo a leanas, nó iad araon, a dhéanamh:

(a) cibé coinníollacha nó ceanglais, nó cibé coinníollacha agus ceanglais, a fhorchur ar an duine sin is cú leis an mBanc maidir le rialáil chúil ordúil agus

Cd.10 A.64 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

maoirsiú cuí ordúil a dhéanamh ar ghnólachtaí bainistithe fiachais;

(b) a ordú don duine sin gan gnó gnólachta bainistithe fiachais a sheoladh ar feadh cibé tréimhse (nach faide ná 3 mhí) a shonrófar san ordachán.

(3) Chun críocha Chuid VIIA d'Acht 1942, is breith inachomhairc aon choinníoll nó aon cheanglas a fhorchuirfear, nó aon ordachán a thabharfar, faoin alt seo.”.

Leasú ar alt 36 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

65.—Leasaítear alt 36 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997 trí “, agus forálacha cibé achtachán agus ionstraimí reachtúla de na hachtacháin ainmnithe eile agus de na hionstraimí reachtúla ainmnithe eile a bhfuil feidhm acu,” a chur isteach i ndiaidh “forálacha na Coda seo”.

Leasú ar alt 36A d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997.

66.—Leasaítear alt 36A(1) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997—

(a) i mír (d), trí “nó d'aon achtachán ainmnithe eile nó d'aon ionstraim reachtúil ainmnithe eile” a chur isteach i ndiaidh “den Chuid seo” agus trí “nó le haon achtachán ainmnithe eile nó le haon ionstraim reachtúil ainmnithe eile, nó faoin gcéanna,” a chur isteach i ndiaidh “leis an gCuid seo nó fúithi,”

(b) i mír (l)(ii), trí “sceimhlitheoireachta, nó” a chur in ionad “sceimhlitheoireachta.”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (l):

“(m) maidir le sealbhóir an údaraithe, nach duine inniúil cuí é nó í, i dtuairim an Bhainc, chun an t-údarú a shealbhú, nó

(n) maidir le haon oifigeach nó scairsealbhóir cáilitheach de chuid shealbhóir an údaraithe, nach duine inniúil cuí é nó í, i dtuairim an Bhainc, chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach nó ina scairsealbhóir den sórt sin, nó

(o) gur gá é ar mhaithe le rialáil chuí ordúil agus maoirsiú cuí ordúil a dhéanamh ar an ngnó rialáilte lena mbaineann.”.

CUID 11

LEASUITHE AR CHUID IIIC D'ACHT 1942

Leasú ar alt 33AO d'Acht 1942.

67.—Leasaítear alt 33AO d'Acht 1942—

(a) i bhfo-alt (2), tríd an dara habairt a scriosadh, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(3) Gan dochar d’fheidhmiú chumhachtaí an Bhainc faoi fho-alt (2), féadfaidh fiosrúchán dá dtagraítear san fho-alt sin a bheith ina chuid d’fhiosrúchán a sheolfar faoin alt seo i ndáil le drochamhras a bheith ann go ndearna an soláthraí seirbhíse airgeadais sárú forordaithe.”.

68.—Leasaítear alt 33AQ d’Acht 1942—

Leasú ar alt 33AQ d’Acht 1942.

(a) i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) a údarú a fhionraí i leith aon cheann amháin nó níos mó dá ghníomhaíochtaí, ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 12 mhí, is cuí leis an mBanc;

(cb) a údarú a chúlghairm;”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Chun críche fho-alt (3)(c), is é an méid forordaithe—

(a) más comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe an soláthraí seirbhíse airgeadais, an méid is mó díobh seo a leanas—

(i) €10,000,000, agus

(ii) méid atá comhionann le 10 faoin gcéad de láimhdeachas an chomhlachta don bhliain airgeadais iomlán is déanaí a bhí aige roimh an gcinneadh a dhéanamh,

(b) más duine nádúrtha an soláthraí seirbhíse airgeadais, €1,000,000, nó

(c) má dhéantar méid éigin eile a fhorordú leis na rialacháin le haghaidh mhír (a) nó (b), an méid eile sin.”,

(c) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) €1,000,000, nó”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(9) San alt seo, ciallaíonn ‘údarú’ údarú, ceadúnas nó aon chead eile is gá chun gnó a sheoladh mar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais arna dheonú ag an mBanc de bhun aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, agus foláíonn sé clárú.”.

69.—Leasaítear alt 33AV d’Acht 1942 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Leasú ar alt 33AV d’Acht 1942.

Cd.11 A.69 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

“(3A) Faoi réir fho-alt (4), más rud é go mainníonn an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an duine a bhfuil baint aige nó aici le bainistiú an tsoláthraí seirbhíse airgeadais a ndearna an Banc comhaontú leis nó léi faoin alt seo aon cheann de théarmaí an chomhaontaithe a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú faoi fho-alt (3B).

(3B) Más deimhin leis an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici faoi fho-alt (3A), gur mhainnigh an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an duine lena mbaineann aon cheann de théarmaí an chomhaontaithe faoin alt seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Ard-Chúirt ordú a dhéanamh á cheangal ar an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais sin, nó ar an duine sin, na téarmaí sin, nó an téarma sin, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh.”.

Leasú ar alt 33BA d’Acht 1942. **70.**—Leasaítear alt 33BA d’Acht 1942 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Gan fo-ailt (1) go (4) a theorannú, beidh ag an mBanc na cumhachtaí céanna atá ag breitheamh den Ard-Chúirt le linn imeachtaí sibhialta atá os comhair na Cúirte sin a éisteacht i leith finnéithe a cheistiú (lena n-áirítear finnéithe atá lasmuigh den Stát).

(7) Aon duine a thoghairfear chun láithriú os comhair an Bhainc faoin alt seo, beidh sé nó sí i dteideal na gceart agus na bpribhléidí céanna atá ag finné ag láithriú dó nó di in imeachtaí sibhialta os comhair na hArd-Chúirte.

(8) Ní bheidh aon fhreagra a thabharfar ar cheist a chuirfear ar dhuine mar fhreagairt ar cheanglas faoi fho-alt (4)(a) ná aon fhaisnéis a sholáthróidh duine mar fhreagairt ar cheanglas faoi fho-alt (4)(b) inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine in imeachtaí coiriúla, seachas imeachtaí i leith mionnú éithigh, más faoi mhionn a soláthraíodh an fhaisnéis.

(9) Aon duine—

- (a) a chuirfidh bac ar an mBanc le linn dó cumhacht a thugtar dó leis an gCuid seo a fheidhmiú,
- (b) a mhainneoidh, gan leithscéal réasúnach, déanamh de réir ceanglas nó iarraidh ón mBanc faoin gCuid seo,
- (c) a dhéanfaidh, i gcomhlíonadh airbheartaithe ceanglais nó iarrata den sórt sin, faisnéis a thabhairt is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach, nó
- (d) a mhainneoidh déanamh de réir toghairm chun freastal os comhair an Bhainc, nó chun dul faoi cheistiú faoi mhionn ag an mBanc,

déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—

- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

71.—Cuirtear an méid seo a leanas in ionad alt 33BC d’Acht 1942: Leasú ar alt 33BC d’Acht 1942.

“An Banc d’fhoilsiú faisnéis áirithe maidir le smachtbhannaí riaracháin a fhorchur.

33BC.—(1) Más rud é, ar fhiosrúchán a sheoladh faoi alt 33AO, go mbeidh an Banc tar éis fionnachtain a dhéanamh—

- (a) go bhfuil sárú forordaithe á dhéanamh nó déanta ag soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, nó
- (b) go bhfuil nó go raibh duine a bhfuil baint aige nó aici le bainistiú an tsoláthraí seirbhíse airgeadais páirteach i sárú den sórt sin,

déanfaidh sé, faoi réir fho-alt (4), an fhionnachtain agus cibé sonraí (más aon sonraí iad) is cuí leis de na sonraí a shonraítear i bhfo-alt (3) a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis.

(2) Más rud é go ndearna an Banc, de réir alt 33AR—

- (a) smachtbhanna a fhorchur ar sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais i leith sárú forordaithe a dhéanamh, nó
- (b) smachtbhanna a fhorchur ar dhuine a bhfuil baint aige nó aici le bainistiú soláthraí seirbhíse airgeadais i leith an duine do bheith páirteach i sárú den sórt sin a dhéanamh ag an soláthraí seirbhíse airgeadais,

déanfaidh sé, faoi réir fho-alt (4), cibé sonraí (más aon sonraí iad) is cuí leis de na sonraí a shonraítear i bhfo-alt (3) a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis.

(3) Is iad seo a leanas na sonraí dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2):

- (a) ainm an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó an duine lena mbaineann ar ar forchuireadh smachtbhanna;
- (b) mionsonraí i dtaobh an tsáraithe fhorordaithe ar ina leith a forchuireadh an smachtbhanna;
- (c) mionsonraí i dtaobh an smachtbhanna a forchuireadh;
- (d) na forais ar a bhfuil an fhionnachtain bunaithe.

Cd.11 A.71 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

(4) Níl feidhm ag fo-ailt (1) ná (2) maidir leis an bhfionnachtain ná leis na sonraí a shonraítear i bhfo-alt (3)—

(a) más rud é go bhfuil nochtadh faisnéise rúnda i gceist leis an bhfionnachtain nó leis na sonraí a fhoilsíú, a dtoirmisctear a nochtadh le Conradh na Róimhe, le Reacht CEBC nó leis na Treoracha Maoirseachta (de réir bhrí alt 33AK(10)), nó

(b) má chinneann an Banc—

(i) gur fionnachtain nó sonraí de ghné rúnda an fhionnachtain nó na sonraí nó go mbaineann an fhionnachtain nó na sonraí le cion a dhéanamh i gcoinne dlí de chuid an Stáit, nó

(ii) go ndéanfaí dochar míchuí do dheachlú duine dá bhfoilseofaí an fhionnachtain nó na sonraí.

(5) Déanfaidh an Banc faisnéis i dtaobh a ghníomhartha faoin gCuid seo a fhoilsíú gach bliain i bhfoirm achomair.”.

CUID 12

LEASUITHE EILE AR AN REACHTAÍOCHT A BHAINNEANN LE SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Faisnéis faoi ghearán le cur san áireamh i dtuarascáil an Ombudsman.

72.—(1) Leasaítear alt 57BS d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Má mheasann an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais go mba é leas an phobail é déanamh amhlaidh, féadfaidh go mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i bhfo-alt (6) ar áireamh i dtuarascáil faoi fho-alt (1), de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 57BF, i leith gach soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a thagann faoi réim fho-alt (5).

(5) Tagann soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais faoi réim an fho-ailt seo más rud é, le linn na bliana airgeadais roimhe sin, go ndearna an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais fionnachtain go bhféadfaí 3 ghearán ar a laghad i ndáil leis an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a rinneadh chuig an Ombudsman sin a shuíomh, nó a shuíomh go páirteach.

(6) Is í an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (4)—

(a) ainm an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, lena n-áirítear aon ainm trádála (murab é an t-ainm céanna é),

(b) más infheidhme, céannacht aon ghrúpa ar comhalta de an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais, agus

- (c) líon na ngearán a ndearnadh fionnachtain go bhféadfaí iad a shuíomh, nó a shuíomh go páirteach, i leith an tsoláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais le linn na bliana airgeadais roimhe sin.

(7) Chun críocha dhlí an chlúmhille, beidh foilsíú na faisnéise dá dtagraítear i bhfo-alt (4) i dtuarascáil faoi fho-alt (1) faoi phribhléid iomlán.

(8) Ní nochtfar céannacht aon ghearánaigh i dtuarascáil faoi fho-alt (1) ná ní fhoilseofar aon ní sa tuarascáil a d'fhéadfadh a thabhairt go n-aithneofaí aon ghearánach mura dtoilíonn an gearánach leis sin i scríbhinn.

(9) Chun críocha an ailt seo, más rud é go ndearna an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais achomharc i gcoinne fhionnachtain an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais go bhféadfaí gearán a shuíomh, nó a shuíomh go páirteach, ní mheasfar go ndearnadh fionnachtain amhlaidh i dtaobh an ghearáin ach amháin—

- (a) nuair a dhaingneofar an fhionnachtain (fara modhnú nó gan mhodhnú) ar achomharc, nó
- (b) nuair a tharraingeofar siar an t-achomharc, nuair a scriosfaidh an Ard-Chúirt amach é nó nuair a thréigfeadh é.

(10) Chun críocha fho-alt (6)(b), is comhalta de ghrúpa duine más gnóthas é a ndéantar déileáil leis i ngrúpchuntais (de réir bhrí alt 150(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1963)."

(2) Leasaítear alt 57BF d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942, i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) chun críocha tuarascáil faoi alt 57BS(1), foráil a dhéanamh—

- (i) maidir leis an bhfoirm ina dtugtar agus leis an modh ar a dtugtar an fhaisnéis a shonraítear sa tuarascáil, lena n-áirítear foráil a dhéanamh maidir le haicmiú na n-aicmí éagsúla soláthraithe rialáilte seirbhíse airgeadais a aithnítear sa tuarascáil, na n-aicmí éagsúla seirbhísí airgeadais lena mbaineann na gearáin a n-aithnítear iad amhlaidh dá mbarr agus thuairiscí éagsúla na ngearán sin, agus
- (ii) maidir leis an bhfoirm ina bhféadfar agus leis an modh ar a bhféadfar an tuarascáil a fhoilsíú agus an fhaisnéis a chur ar fáil;”

73.—Leasaítear Acht an Bhainc Ceannais, 1971—

Brainsí tríú tír.

(a) in alt 7—

- (i) i bhfo-alt (1), trí “nó sealbhóir ar údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnais”, agus
- (ii) i bhfo-alt (6)(b), trí “nó sealbhóir ar údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnais”,

agus

(b) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9:

“Brainsí tríú
tír a údarú.

9A.—(1) San alt seo agus in ailt 9B agus 9C—

ciallaíonn ‘brainse’ brainse de chuid foras creidmheasa iomchuí;

tá le ‘Comhaontú LEE’ an bhrí chéanna atá leis in Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú), 1993;

ciallaíonn ‘stát de chuid LEE’—

(a) ballstát de na Comhphobail Eorpacha, nó

(b) stát (seachas ballstát de na Comhphobail Eorpacha) is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

ciallaíonn ‘foras creidmheasa iomchuí’ foras creidmheasa a bhfuil a cheannoifig suite i stát nó i gcríoch seachas stát de chuid LEE agus a shealbhaíonn údarú chun gnó baincúireachta a sheoladh sa stát sin nó sa chríoch sin ón údarás a fheidhmíonn feidhmeanna sa stát sin nó sa chríoch sin atá ar aon dul le feidhmeanna an Bhainc faoin gCuid seo (‘údarás tríú tír iomchuí’).

(2) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh an Banc údarú a dheonú d’fhoras creidmheasa iomchuí chun brainse a oibriú sa Stát chun gnó baincúireachta a sheoladh sa Stát.

(3) Ní dheonóidh an Banc údarú faoi fho-alt (2) mura deimhin leis—

(a) go bhfuil an foras creidmheasa iomchuí, sa stát nó sa chríoch ina bhfuil a cheannoifig suite, faoi réir forálacha rialaitheacha nó riaracháin a bhaineann le húdarú chun gnó baincúireachta a sheoladh sa stát sin nó sa chríoch sin agus le maoirsiú atá ar aon dul leis na forálacha sin sa Stát, agus

(b) go bhfuil cosaint taiscí leis an mbrainse, atá ar aon dul leis an gcosaint a sholáthraítear le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí), 1995 (I.R. Uimh. 168 de 1995), ar fáil do thaisceoirí.

(4) Beidh iarratas ar údarú faoi fho-alt (2) i cibé foirm, agus beidh ann cibé faisnéis, a chinnfidh an Banc ó am go ham.

(5) Tabharfaidh an Banc fógra don Choimisiún Eorpach, don Údarás Baincéireachta Eorpach agus don Choiste Baincéireachta Eorpach maidir le haon údarú arna dheonú faoi fho-alt (2).

(6) Ní hionann údarú a dheonú faoi fho-alt (2) agus baránta maidir le sócmhainneacht an fhorais creidmheasa iomchuí dá ndeonaítear é agus ní bheidh an Banc faoi dhliteanas maidir le haon chaillteanas arna dtabhú mar gheall ar dhócmhainneacht nó mainneachtain forais creidmheasa iomchuí dá ndeonaítear an t-údarú sin.

Diúltú údarú a dheonú faoi alt 9A.

9B.—(1) Ní dhiúltóidh an Banc údarú a dheonú faoi alt 9A(2) mura deimhin leis nár ar mhaithe le rialáil ordúil chuí na baincéireachta é an t-údarú a dheonú.

(2) Aon uair a bheartaíonn an Banc diúltú údarú a dheonú faoi alt 9A(2), déanfaidh sé—

- (a) laistigh den tréimhse 6 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh sé an t-iarratas ar an údarú, nó
- (b) i gcás go mbeidh an Banc tar éis faisnéis bhreise i ndáil leis an iarratas a lorg, laistigh den tréimhse 6 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an Banc an fhaisnéis bhreise nó laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh sé an t-iarratas ar údarú, cibé tréimhse is tuisce a rachaidh in éag,

fógra i scríbhinn a thabhairt don iarratasóir ar an údarú faoi na cúiseanna atá aige chun diúltú agus féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh den tréimhse 21 lá tar éis an dáta a thabharfaidh sé nó sí an fógra, uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBanc i ndáil leis an diúltú beartaithe.

(3) Sula dtabharfaidh sé breith an t-údarú a dhiúltú, déanfaidh an Banc aon uiríll a bheidh déanta go cuí chuige faoi fho-alt (2) i ndáil leis an diúltú beartaithe a bhreithniú.

Údaruithe arna ndeonú faoi alt 9A a chúlghairm.

9C.—(1) Féadfaidh an Banc údarú arna dheonú faoi alt 9A(2) a chúlghairm—

- (a) má iarrann sealbhóir an údaraithe amhlaidh,
- (b) más rud é, maidir le sealbhóir an údaraithe—
 - (i) nár thosaigh sé ar ghnó baincéireachta a sheoladh de bhun an údaraithe laistigh de 12 mhí ón dáta a deonaíodh an t-údarú,
 - (ii) gur scoir sé de ghnó baincéireachta a sheoladh de bhun an údaraithe agus nár sheol sé é le linn tréimhse is faide ná 6 mhí díreach tar éis an scoir,
 - (iii) go bhfuair sé an t-údarú trí ráitis bhréagacha nó ar aon mhodh mírialta eile,
 - (iv) go dtiocfaidh sé chun bheith neamhábalta freastal dá oibleagáidí i leith a chreidiúnaithe nó go gcuirfidh sé fócaíochtaí atá dlite go dleathach de ar fionraí nó nach féidir brath air a thuilleadh chun freastal dá oibleagáidí i leith a chreidiúnaithe, agus go háirithe, nach soláthróidh sé urrús a thuilleadh i leith na sócmhainní atá ar a iontaoibh,
 - (v) go gciontófar ar díotáil é i gcion faoi aon fhoráil den Acht seo nó i gcion lena ngabhann calaois, mímhacántacht nó sárú iontaoibhe, nó
 - (vi) gur cuideachta í atá á foirceannadh,
- (c) i gcás nach sealbhóidh sealbhóir an údaraithe údarú ón údarás iomchuí trídís a thuilleadh chun gnó baincéireachta a sheoladh sa stát nó sa chríoch ina bhfuil a cheannoifig suite,
- (d) más rud é gur eagraíodh gnó, nó struchtúr corparáideach, shealbhóir an údaraithe, nó gur tháinig sealbhóir an údaraithe faoi rialú aon ghnóthais eile nach ndéanann an Banc

maoirsiú air, ionas nach féidir an sealbhóir a mhaoirsiú a thuilleadh chun sástacht an Bhainc, nó

- (e) más rud é gur tháinig athrú, ón uair a deonaíodh an t-údarú, ar na himthosca is iomchuí maidir leis an deonú agus gur de chineál iad a fhágann go ndiúltófaí údarú a dheonú dá ndéanfaí iarratas air sna himthosca athraithe.

(2) Aon uair a bheartaíonn an Banc údarú a chúlghairm faoi fho-alt (1) (seachas in imthosca lena mbaineann mír (a) d'fho-alt (1))—

- (a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn do shealbhóir an údaraithe maidir leis na cúiseanna atá leis an gcúlghairm agus á rá go bhféadfaidh an sealbhóir, laistigh de 21 lá tar éis an dáta a thabharfar an fógra dó, uirill a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBanc i ndáil leis an gcúlghairm bheartaithe,
- (b) féadfaidh sealbhóir an údaraithe uirill den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBanc laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír (a), agus
- (c) déanfaidh an Banc, sula dtabharfaidh sé breith i dtaobh cibé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé an t-údarú a chúlghairm, breithniú ar aon uirill a bheidh déanta go cuí chuige faoin bhfo-alt seo i ndáil leis an gcúlghairm bheartaithe.

(3) I gcás go ndéanfar údarú a chúlghairm faoi fho-alt (1) agus nach cuideachta atá á foirceannadh sealbhóir an údaraithe—

- (a) leanfaidh an duine sin de bheith faoi réir na ndualgas agus na n-oibleagáidí a forchuireadh air le *hAchtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 2013*, nó fúthu, go dtí go mbeidh dlíteanais uile an duine sin i leith taiscí (lena n-áirítear taiscí i gcuntais reatha) nó cistí inaisíoctha eile a ghlac sé ó dhaoine (dá ngairtear ‘taisceoirí’ san fho-alt seo) de

bhun an údaraithe urscaoilte chun sástacht an Bhainc,

(b) déanfaidh an duine sin, a luaithe is féidir tar éis an t-údarú a chúlghairm—

(i) fógra a thabhairt don Bhanc, agus

(ii) fógra a thabhairt, a mhéid is indéanta le réasún, do gach taisceoir lena mbaineann,

maidir leis na bearta atá á ndéanamh aige, nó a bheartaíonn sé a dhéanamh, chun a dhliteanais i leith na dtaiscí sin a urscaoileadh go hiomlán gan moill mhíchuí,

(c) más rud é—

(i) gur thug an duine sin fógra don Bhanc de réir mhír (b) agus gurb é tuairim an Bhainc nach bearta sásúla na bearta atá á ndéanamh nó a bheartaítear a dhéanamh chun críocha na míre sin, nó

(ii) nár thug an duine sin fógra don Bhanc agus gurb é tuairim an Bhainc gur mhainnigh sé fógra a thabhairt amhlaidh a luaithe ab fhéidir tar éis an t-údarú a chúlghairm, nó

(iii) gurb é tuairim an Bhainc nach ndearna an duine sin gach beart réasúnach chun fógra a thabhairt amhlaidh do gach taisceoir lena mbaineann,

ansin, féadfaidh an Banc ordachán a thabhairt i scríbhinn don duine sin go ceann cibé tréimhse, nach faide ná 6 mhí, de réir mar a shonrófar ann, á thoirmeasc air—

(I) déileáil le haon sócmhainní nó le sócmhainní sonraithe dá chuid nó an céanna a dhiúscairt ar mhodh ar bith, nó

(II) gabháil d'aon idirbheart nó d'aon aicme idirbhirt nó d'idirbheart sonraithe, nó

(III) íocaíochtaí a dhéanamh,

gan údarú a fháil roimh ré ón mBanc, agus féadfaidh an Banc a cheangal ar an duine sin scéim chun urscaoileadh ordúil iomlán a dhéanamh ar a dhliteanais i leith na dtaisceoirí lena mbaineann a ullmhú agus a chur faoina bhráid, chun a cheadú a fháil di, laistigh de 2 mhí ó dháta an ordacháin.

(4) I gcás go dtabharfar ordachán lena mbaineann fo-alt (3)(c), beidh feidhm ag forálacha alt 21 fara aon mhodhnuithe is gá.

(5) Sula dtabharfaidh sé breith údarú a chúlghairm faoi fho-alt (1), rachaidh an Banc i gcomhairle leis an údarás iomchuí tríd tír, ar choinníoll, áfach, más gá beart láithreach ón mBanc, nach mbeidh sé riachtanach don Bhanc dul i gcomhairle leis an údarás iomchuí tríd tír mar a dúradh ach, i gcás den sórt sin, tabharfaidh an Banc fógra don údarás lena mbaineann i dtaobh chúlghairm an údaráithe.

(6) San alt seo, folaíonn 'rialú' aon chumhacht, cibé acu de bharr conradh nó comhaontú nó eile é, trínar féidir le páirtí amháin gnóthaí páirtí eile a stiúradh agus measfar go rialaíonn máthairghnóthas a chuid foghnóthas agus tá le 'máthairghnóthas' an bhrí a shanntar dó le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachtaí: Grúpchuntais), 1992 (I.R. Uimh. 201 de 1992).".

74.—Leasaítear alt 76 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

Leasú ar alt 76 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989.

“(3) Déanfar iarratas faoi fho-alt (2) iar bhfógra don Bhanc, agus beidh an Banc i dteideal láithriú, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird le linn an t-iarratas a éisteacht.

(4) Déanfar fógra maidir leis an iarratas a sheirbheáil ar an mBanc 14 lá ar a laghad roimh an dáta a dhéanfar an t-iarratas a éisteacht.

(5) Déanfaidh an t-iarratasóir mionnscríbhinn ina mbeidh ainm agus seoladh na ndaoine uile ar ar seirbheáladh an fógra iarratais, an mhionnscríbhinn forais agus na foilseáin (más ann), agus na háiteanna inar seirbheáladh agus na dátaí ar ar seirbheáladh an fógra iarratais orthu, a chomhdú 4 lá ar a laghad roimh an iarratas a éisteacht. Más rud é, maidir le haon duine

Cd.12 A.74 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

ar cheart, faoin alt seo, an fógra iarratais a sheirbheáil air nó uirthi, nár seirbheáladh air nó uirthi é, luafar an méid sin agus an chúis atá leis sin sa mhionnscribhinn.

(6) San alt seo, ciallaíonn ‘an Chúirt’ an Ard-Chúirt.”.

Leasú ar alt 43 den Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995. **75.**—Leasáítear alt 43 den Acht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 tríd an bhforáil atá ann a athuimhriú mar fho-alt (1) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an fho-ailt sin:

“(2) Féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú, ar cibé coinníollacha a dtabharfaidh an Chúirt breith ina leith, á dhearbhú, d’ainneoin gur mhainnigh an duine sin fógra a thabhairt don Bhanc mar a cheanglaítear leis an gCuid seo, gur idirbheart bailí, agus gurbh idirbheart bailí i gcónaí, an t-idirbheart fála agus gur aistríodh teideal chun aon scaireanna nó chun aon leasa eile lena mbaineann agus gur feidhmiú cumhachtaí bailí, agus gurbh fheidhmiú cumhachtaí bailí i gcónaí, gach feidhmiú airbheartaithe cumhachtaí; agus má fhionnann an Chúirt gur mar gheall ar neamhaire ar thaobh an duine a tharla an mhainneachtain fógra a thabhairt don Bhanc i dtaobh an idirbhirt fála bheartaithe, nó má mheasann an Chúirt gur ar mhaithe leis an gceartas thairis sin é déanamh amhlaidh, deonóidh sí an t-ordú a bheidh á lorg.

(3) Déanfar iarratas faoi fho-alt (2) iar bhfógra don Bhanc, agus beidh an Banc i dteideal láithriú, éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird le linn an t-iarratas a éisteacht.

(4) Déanfar fógra maidir leis an iarratas a sheirbheáil ar an mBanc 14 lá ar a laghad roimh an dáta a dhéanfar an t-iarratas a éisteacht.

(5) Déanfaidh an t-iarratasóir mionnscribhinn ina mbeidh ainm agus seoladh na ndaoine uile ar ar seirbheáladh an fógra iarratais, an mhionnscribhinn forais agus na foilseáin (más ann), agus na háiteanna inar seirbheáladh agus na dátaí ar ar seirbheáladh an fógra iarratais orthu, a chomhdú 4 lá ar a laghad roimh an iarratas a éisteacht. Más rud é, maidir le haon duine ar cheart, faoin alt seo, an fógra iarratais a sheirbheáil air nó uirthi, nár seirbheáladh air nó uirthi é, luafar an méid sin agus an chúis atá leis sin sa mhionnscribhinn.”.

Leasú ar alt 30 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995. **76.**—Leasáítear alt 30 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (a) agus (b):

“(a) cuirfidh an creidiúnaí cóip den chomhaontú chuig an tomhaltóir laistigh de thréimhse 10 lá ón gcomhaontú a dhéanamh, agus

(b) i gcás aon chonradh ráthaíochta a bhaineann leis an gcomhaontú, déanfaidh an creidiúnaí cóip den ráthaíocht agus den chomhaontú a chur chuig an ráthóir laistigh de thréimhse 10 lá ón gconradh a dhéanamh.”.

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [Uimh. 26.]

CD.12

77.—Leasaítear alt 45 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995, i bhfo-alt (1), trí “aon chumarsáid ar pháipéar” a chur in ionad “aon chumarsáid i scríbhinn”. Leasú ar alt 45 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.

78.—Leasaítear alt 149 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995— Leasú ar alt 149 den Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.

(a) i bhfo-alt (5), trí “3 mhí” a chur in ionad “4 mhí”,

(b) i bhfo-alt (6), trí “3 mhí” a chur in ionad “3 seachtaine”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Le linn na tréimhsí 3 mhí a shonraítear i bhfo-alt (5) agus (6) a ríomh, maidir le haon fhaisnéis a gceanglóidh an Banc ar an bhforas creidmheasa í a sholáthar chun go gcomhlíonfaidh an Banc a fheidhmeanna faoin alt seo, ní chuirfear aon lá i gcuntas nach ndearnadh í a sholáthar amhlaidh fós.”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (14):

“(15) Maidir le hordachán arna thabhairt faoi alt 28 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1989 agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh theacht i ngníomh *d’alt 78(d) d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013, pléifear leis mar ordachán a leanann d’éifeacht a bheith leis amhail is dá mba faoin alt seo a tugadh é agus, dá réir sin, is ordachán marthanach faoin alt seo é chun críocha fho-alt (10).

(16) Ní bheidh feidhm ag an dualgas a fhorchuirtear le fo-alt (1) maidir le foras creidmheasa iomchuí nua go dtí deireadh na tréimhse 3 bliana tar éis dó tosú ar ghnó sa Stát; ach, ag deireadh na tréimhse sin, tabharfaidh an foras creidmheasa fógra don Bhanc faoi na breitheanna uile chun muirir a fhorchur i ndáil le haon seirbhís a sholáthar do chustaiméir nó do ghrúpa custaiméirí le linn na tréimhse sin agus faoi aon togra chun déanamh amhlaidh nár cuireadh i ngníomh le linn na tréimhse sin.

(17) Déileálfar le fógra faoi fho-alt (16) mar fhógra faoi fho-alt (1) chun críocha an ailt seo; agus folóidh tagairtí san alt seo do thogra tagairtí do bhreith chun muirir a fhorchur ar tugadh fógra ina leith faoi fho-alt (16).

(18) I bhfo-alt (16), ciallaíonn ‘foras creidmheasa iomchuí nua’ foras creidmheasa a thosaíonn ar ghnó mar fhoras creidmheasa sa Stát tar éis *d’alt 78(d) d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013 teacht i ngníomh agus nach gnóthas gaolmhar é (de réir bhrí an Achta sin) de chuid forais creidmheasa eile a sheolann gnó mar fhoras creidmheasa sa Stát nuair a dhéanann sé amhlaidh.”.

Cd.12 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Leasú ar alt 27 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997. **79.**—Leasaítear alt 27 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1997 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) (a) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) má tá leithscéal réasúnach ag an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais lena mbaineann.

(b) Maidir le soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais do mhainneachtain ceanglas faoi alt 25 nó 26 a chomhlíonadh, is leithscéal réasúnach chun críocha mhír (a) é go bhféadfadh an comhlíonadh sin an soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a ionchoiriú.

(c) Ní dhéantar an ní is leithscéal réasúnach chun críocha mhír (a) a theorannú le mír (b).”.

Leasuithe ar an Acht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998. **80.**—Leasaítear an tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998—

(a) in alt 33, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Tar éis dul i gcomhairle leis an gCuideachta, féadfaidh riarthóir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt chun aon cheist a chinneadh a éireoidh i ndáil lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna faoin Acht seo.

(5) Déanfar fógra maidir le hiarratas faoi fho-alt (4) a thabhairt don Chuideachta.”.

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 33A:

“Cumhacht rialacháin a dhéanamh maidir le cistí infheisteoirí nó ionstraimí infheistíochta a thabhairt ar ais.

33B.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc agus leis an gCuideachta, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le cistí infheisteoirí nó le hionstraimí infheistíochta, de réir mar a bheidh, a thabhairt ar ais, tar éis riarthóir a cheapadh, i gcás go measfaidh an tAire gur gá déanamh amhlaidh chun foráil a dhéanamh maidir leis an gcéanna a thabhairt ar ais go héifeachtúil, go cothrom agus go pras.

(2) Féadfaidh foráil maidir leis na nithe seo a leanas a bheith i rialacháin faoi fho-alt (1)—

(a) na nósanna imeachta agus na bearta a bheidh le déanamh chun leabhair, taifid nó doiciméid eile an ghnólachta infheistíochta a aithint, a thairfeadh agus, a mhéid is gá, a réiteach chun na nithe seo a leanas a shuíomh—

(i) an t-airgead, na hionstraimí infheistíochta nó na doiciméid teidil a bhaineann le hionstraimí infheistíochta den sórt sin a

shealbhaíonn, nó ar chóir go sealbhódh, an gnólacht infheistíochta nó a ainmní thar ceann cliant, agus

- (ii) éilimh chliant an ghnólachta infheistíochta i gcoinne an airgid sin, na n-ionstraimí infheistíochta sin nó na ndoiciméad teidil sin (cibé acu atá an t-airgead sin, na hionstraimí infheistíochta sin nó na doiciméid teidil sin fós ann nó nach bhfuil),
- (b) éilimh a shásamh agus a rangú i gcoinne ionstraimí infheistíochta nó aicmí ionstraimí infheistíochta,
- (c) líon, luach agus cineál na n-éileamh i gcoinne airgead a shealbhaíonn, nó ar chóir go sealbhódh, gnólacht infheistíochta thar ceann cliant,
- (d) mar a dhéileálfar le héilimh ó chliant, agus an céanna a laghdú,
- (e) díbhinní, airgead agus ionstraimí infheistíochta a thabhairt ar ais do chliant,
- (f) caiteachais réasúnacha leachtaitheora, glacadóra, riarthóra, scrúdaitheora nó sannaí oifigiúil a leithroinnt agus a sholáthar faoi réir Rialacháin 157 agus 158 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007), agus
- (g) riarthóir do thabhairt tuarascálacha don Chuideachta ina mbeidh cibé faisnéis i ndáil le riaradh éileamh, agus sin ag cibé tráth nó tráthanna agus ar cibé modh, a shonrófar sna rialacháin,”

agus

- (c) in alt 35, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Tabharfar fógra i dtaobh achomharc faoi fho-alt (7) don Chuideachta agus beidh sí i dteideal láithriú,

Cd.12 A.80 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird le linn an t-achomharc a éisteacht.”.

Leasú ar an Acht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009— **81.**—Leasaítear an tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009—

(a) in alt 1, tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘foras Ballstáit iomchuí’ foras arna údarú i mBallstát eile a bhunaigh brainse sa Stát agus a chothabhálann taisce sa chuntas cosanta taiscí de bhun Rialachán 26 de na Rialacháin Ráthaíochta Taiscí;”,

agus

(b) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8:

“Cumhacht an Bhainc rialacháin a dhéanamh maidir le faisnéis a choinneáil i ndáil le taiscí cáilithe.

8A.—(1) I gcás go measann an Banc gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe le leas an phobail, féadfaidh an Banc rialacháin a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chruinn i ndáil le daoine a chothabhálann taiscí cáilithe le forais chreidmheasa nó le forais Bhallstáit iomchuí (dá ngairtear ‘taisceoirí’ san alt seo) ar fáil dóibh agus don Bhanc (go háirithe chun a chumasú don Bhanc freastal dá oibleagáidí íocaíochtaí ráthaíochta a dhéanamh as an gcuntas cosanta taiscí le taisceoirí de réir na Rialachán Ráthaíochta Taiscí).

(2) Féadfaidh foráil a bheith sna rialacháin—

(a) á cheangal ar fhorais chreidmheasa agus ar fhorais Bhallstáit iomchuí cibé faisnéis a choinneáil a fhorordóidh an Banc i ndáil le taisceoirí,

(b) maidir leis an bhfoirm ina mbeidh agus leis an modh ar a mbeidh an fhaisnéis fhorordaithe le coinneáil, agus maidir leis an tréimhse a mbeidh an fhaisnéis fhorordaithe le coinneáil ar a feadh, agus

(c) chun a chumasú an fhaisnéis fhorordaithe a fhíorú.

Ceanglas faisnéis a sholáthar don Bhanc.

8B.—Féadfaidh an Banc a cheangal ar fhoras creidmheasa nó ar fhoras Ballstáit iomchuí na nithe seo a leanas a sholáthar don Bhanc cibé tráth nó tráthanna agus ar cibé modh a cheanglóidh an Banc—

- (a) aon fhaisnéis a bheidh á coinneáil aige i gcomhlíonadh rialachán faoi alt 8A, agus
- (b) aon fhaisnéis a theastóidh le réasún ón mBanc chun a dheimhniú dó féin go bhfuil na ceanglais arna bhforchur le rialacháin faoin alt sin comhlíonta, agus á gcomhlíonadh, ag an bhforas creidmheasa nó ag an bhforas Ballstáit iomchuí.

Ordachán d'fhoras creidmheasa.

8C.—(1) Má mheasann an Banc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag foras creidmheasa nó ag foras Ballstáit iomchuí aon cheanglas arna fhorchur le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 8A a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc a ordú dó bearta sonraithe a dhéanamh chun an ceanglas a chomhlíonadh.

(2) Má mheasann an Banc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag foras creidmheasa nó ag foras Ballstáit iomchuí ordachán faoi fho-alt (1) a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte, agus féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas den sórt sin a bheith déanta, ordú a dhéanamh á cheangal air an t-ordachán a chomhlíonadh.

Ordachán faoi alt 8C: forlíontach.

8D.—(1) Beidh éifeacht le forálacha ordacháin faoi alt 8C ón dáta a shonrófar san ordachán i ndáil leo.

(2) Déanfar na nithe seo a leanas a leagan amach in ordachán faoi alt 8C—

- (a) téarmaí uile an ordacháin, lena n-áirítear aon dáta a shonraítear mar an dáta faoina mbeidh, nó aon tréimhse a shonraítear mar an tréimhse ar laistigh di a bheidh, aon fhoráil den ordachán le comhlíonadh, agus
- (b) aon fhoráil theagmhasach, fhorlíontach nó iarmhartach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an t-ordachán go hiomlán.

(3) Ar iarratas chuici faoi alt 8C(2), féadfaidh an Ard-Chúirt aon ordú eatramhach nó idirbheitheach den sórt sin a dhéanamh is dóigh léi is cú.

(4) Maidir le hordú faoi fho-alt (3), féadfaidh ordú a bheith ar áireamh ann chun cibé bearta coimhdeacha nó teagmhasacha a dhéanamh is dóigh leis an

Cd.12 A.81 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Ard-Chúirt is cuí chun lánéifeacht a thabhairt don ordú.”,

agus

- (c) in alt 9(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “Aon duine a sháróidh alt 4(1), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—”:

“Aon duine a sháróidh alt 4(1), a mhainneoidh ceanglas faoi alt 8B nó ordachán faoi alt 8C a chomhlíonadh nó a sholáthróidh faisnéis faoi alt 8B agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó míthreorach, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—”.

Leasú ar Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011.

82.—(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 2011” Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011.

(2) Leasaítear alt 10 d’Acht 2011—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) trí mhír (a) a scriosadh, agus

(ii) i mír (b), trí “46,” a chur isteach i ndiaidh “42(5),”

agus

(b) i bhfo-alt (4), trí “Faoi réir alt 11(3), ní sholáthróidh an Banc” a chur in ionad “Ní sholáthróidh an Banc”.

(3) Leasaítear alt 11 d’Acht 2011 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) D’ainneoin alt 10(4), déanfaidh an Banc ús a íoc ó am go ham de réir an ráta a chinnfear faoi fho-alt (2) ar airgead a bheidh chun sochair don Chiste.”.

(4) Leasaítear Acht 2011 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11:

“Cuntais agus iniúchadh.

11A.—(1) Cuirfidh an Banc faoi deara—

(a) na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar ioncam agus ar chaiteachas a choimeád don Chiste i cibé foirm a cheadóidh an tAire, agus

(b) na cuntais sin a tharchur tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

(2) Déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an Chiste a tharchuirfeadh chuige nó chuici faoi fho-alt (1) agus ullmhóidh sé nó sí tuarascáil i scríbhinn i ndáil leis na cuntais sin.

(3) Laistigh d'aon mhí amháin ón tráth a chríochnófar an t-iniúchadh dá dtagraítear i bhfo-alt (2), déanfaidh an Banc cóip de na cuntais agus de thuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar na cuntais a thíolacadh don Aire agus, a luaithe is indéanta, cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den chéanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”.

(5) Leasaítear Acht 2011 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 12:

“12.—(1) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc, cibé suimeanna is cuí leis an Aire a ranníoc leis an gCiste as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Phríomh-Chiste.

(2) Tá an tAire i dteideal cúiteamh a fháil ón gCiste i leith na ranníocaí go léir faoi fho-alt (1) agus i leith aon ús, de réir an ráta a chinnfear faoi alt 11(2), a bheidh fabhráithe ar na ranníocaí sin de réir an ráta a chinnfear.

(3) Maidir leis na suimeanna go léir a íocfar as an gCiste chun ranníoc faoi fho-alt (2) a aisíoc, déanfar iad a íoc isteach sa Phríomh-Chiste.”.

(6) Leasaítear Acht 2011 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 46:

“46.—(1) Féadfaidh an tAire, ar iarraidh ón mBanc, comhaontú go soláthrófar dreasú airgeadais, go díreach nó go neamhdhíreach, ar théarmaí agus ar choinníollacha is cuí leis an Aire, do dhuine chun bheith ina aistrí nó ina haistrí—

(a) faoi ordú aistrithe, nó

(b) i gcás gur athraíodh ordú aistrithe faoi alt 33, faoin ordú aistrithe arna athrú amhlaidh.

(2) Chun críocha fho-alt (1)(a), féadfaidh gur droicheadbhanc an duine dá dtugtar an dreasú airgeadais.

(3) Féadfaidh dreasú airgeadais a bheith i bhfoirm íocaíochta, iasachta, ráthaíochta, malartú sócmhainní, nó garaíochta nó cúnaimh airgeadais d'aon chineál eile, agus féadfaidh gurb éard é, nó gur cuid de, tacaíocht airgeadais de réir bhrí Acht 2008.

(4) I gcás go gcomhaontóidh an tAire dreasú airgeadais a sholáthar faoin Acht seo agus go mbeidh sé i bhfoirm íocaíochta nó go n-eascróidh íocaíocht as, déanfaidh an Banc an íocaíocht as an gCiste le cibé duine a ordóidh an tAire.

(5) I gcás go gcomhaontóidh an tAire dreasú airgeadais a sholáthar faoin Acht seo, féadfaidh téarma i leith na haisíocaíochta i gcás go gcuirfear an t-ordú aistrithe ar ceal a bheith ar áireamh sna téarmaí a ghabhann leis an dreasú airgeadais a sholáthar, cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar aon sócmhainní nó dliteanais a athaistriú chun an aistreora.

(6) Is éard é méid aon dreasaithe airgeadais arna sholáthar faoin Acht seo fiach atá dlite agus ag dul don Bhanc le haghaidh chuntas an Chiste den aistreoir agus féadfaidh an Banc é a

Cd.12 A.82 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013. [2013.]

ghnóthú le haghaidh chuntas an Chiste mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

(7) Déanfar aon suim a ghnóthóidh an Banc faoi fho-alt (6) a íoc isteach sa Chiste.”.

(7) Leasaítear alt 47 d’Acht 2011 trí “Má eascraíonn dliteanas faoi alt 46(5) chun aisíocaíocht a dhéanamh” a chur in ionad “Má eascraíonn dliteanas faoi alt 46(4) chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an gCiste nó leis an Aire”.

(8) Measfar gur tháinig *fo-alt (1), (2)(b) agus (3)* i ngníomh ar theacht i ngníomh d’Acht 2011.

CUID 13

ILGHNÉITHEACH

Leasú ar alt 1 den Acht Árachais, 1964. **83.**—Leasaítear alt 1 den Acht Árachais, 1964 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) den mhíniú ar “fiontar eisiata”:

“(a) fiontar a bhaineann le hárachas a thagann faoi réim na n-aicmí seo a leanas den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCéad Treoir ón gComhairle, 73/239/CEE, dar dáta an 24 Iúil 1973⁴—

(i) 4, 5, 6, 7, 11 agus 12,

(ii) 1 agus 10, a mhéid a bhaineann siad le hárachú paisinéirí i bhfeithiclí muirí agus eitlíochta agus le hárachas dliteanais iompróra, faoi seach,

(iii) 14, a mhéid a bhaineann sé le creidmheas onnmhairiúcháin;”.

Leasú ar alt 6 den Acht Árachais, 1964. **84.**—Leasaítear alt 6 den Acht Árachais, 1964 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “préimh” i bhfo-alt (14):

“ciallaíonn ‘préimh’, i ndáil le polasaí arna eisiúint i leith fiontair sa Stát agus i leith fiontair nach fiontair sa Stát, an chuid sin den phréimh arna híoc i leith fiontair sa Stát;”.

Leasú ar alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 (dá ngairtear “Acht 1978” san alt seo) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(bb) ar Bhanc Ceannais na hÉireann;”.

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir leis na níthe seo a leanas—

(a) iarratas, arna dhéanamh roimh thosach feidhme an ailt seo, chuig Cláráitheoir na dTeideal faoi Chuid III d’Acht 1978,

⁴IO Uimh. L228, 16.8.1973, lch. 3

- (b) fógra go bhfuiltear chun feo simplí a fháil, faoi alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967 (dá ngairtear “Acht 1967” san alt seo), arna sheirbheáil roimh thosach feidhme an ailt seo,
- (c) iarratas chuig cláraitheoir contae faoi alt 17 d’Acht 1967, nó eadráin faoin Acht sin, maidir le fógra lena mbaineann *mír (b)*,
- (d) eadráin faoi Chuid III d’Acht 1978 maidir le hiarratas lena mbaineann *mír (a)*,
- (e) achomharc chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh breith ó chláraitheoir contae faoi Acht 1967, maidir le fógra lena mbaineann *mír (b)*, nó
- (f) achomharc chuig an gCúirt Chuarda in aghaidh breith ó Chláraitheoir na dTeideal faoi Chuid III d’Acht 1978, maidir le hiarratas lena mbaineann *mír (a)*.

86.—(1) Leasaítear alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980—

Leasú ar alt 4 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980.

- (a) i bhfo-alt (1), trí “nó Banc Ceannais na hÉireann, de réir mar a bheidh,” a chur isteach i ndiaidh “údarás Stáit”, agus
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1)—

“(1A) Faoi réir fho-ailt (1B) agus (1C), ní chuirfidh an tAcht seo ceangal ar Bhanc Ceannais na hÉireann (dá ngairtear ‘an Banc’ san fho-alt seo agus i bhfo-ailt (1B) agus (1C)) ina cháil mar léasóir nó mar neasléasóir ar aon áitreabh.

(1B) I gcás go bhfaighidh an Banc leas an léasóra nó an neasléasóra ar aon áitreabh tar éis teacht i ngníomh *d’alt 86 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú)*, 2013 agus nach raibh aon leas roimhe sin ag an mBanc san áitreabh mar léasóir nó neasléasóir, beidh feidhm ag alt 13 amháil is dá mba thagairtí don dáta iomchuí na habairtí ‘tráth ar bith’ agus ‘an tráth sin’ i bhfo-alt (1) den alt sin, agus beidh éifeacht le Cuid II dá réir sin, ach amháin nach mbeidh ag tionónta de chuid an Bhainc, a ndéantar a thionóntacht nó a tionóntacht san áitreabh a athnuachan faoin gCuid sin arna cur chun feidhme leis an alt seo, teideal chun athnuachan eile ar an tionóntacht sin.

(1C) I gcás lena mbaineann fo-alt (1B), ní bheidh feidhm ag fo-alt (1A) ar shlí a dhícháileoidh aon duine chun cúiteamh a íoc leis nó léi le haghaidh feabhsúcháin i leith cibé feabhsúcháin a bheidh déanta roimh an dáta iomchuí.”.

(2) Ní bheidh feidhm ag na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)* maidir le léasanna a deonaíodh roimh theacht i ngníomh don alt seo.

Leasú ar alt 3 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

87.—Leasaítear alt 3 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990—

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a), trí “féadfaidh an Banc Ceannais, nó féadfaidh an chuideachta ag gníomhú di le toiliú roimh ré ón mBanc Ceannais, agus féadfaidh an Banc sin nó an chuideachta sin amháin” a chur in ionad “féadfaidh an tAire, agus eisean amháin”,

(ii) i mír (b), trí “féadfaidh an Banc Ceannais, nó féadfaidh an chuideachta le toiliú i scríbhinn roimh ré ón mBanc Ceannais, agus an Banc sin nó an chuideachta sin amháin” a chur in ionad “féadfaidh an Banc Ceannais, agus an Banc sin amháin”, agus

(iii) trí mhír (c)(ii), a scriosadh,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go dtíolacfar achainí faoi fho-alt (2) ar shlí seachas ag an mBanc Ceannais—

(a) déanfaidh an t-achainíoch—

(i) faoi réir fho-alt (2B), sula ndéanfaidh sé nó sí an achainí a thíolacadh ag oifig na cúirte, a chur faoi deara go bhfaighidh an Banc Ceannais fógra i scríbhinn á rá go bhfuil ar intinn aige nó aici an achainí a thíolacadh, agus

(ii) cóip den achainí a sheirbheáil ar an mBanc Ceannais a luaithe is féidir tar éis í a thíolacadh ag oifig na cúirte,

agus

(b) beidh an Banc Ceannais i dteideal láithriú agus éisteacht a fháil ag aon éisteacht i ndáil leis an achainí.

(2B) Ní cheanglófar fógra a thabhairt faoi fho-alt (2A)(a)(i) más í an chuideachta an t-achainíoch.”.

Faisnéis chánach a nochtadh don Bhanc faoi chuideachtaí cáilitheacha agus Corparáidí um Meáin Airgeadais.

88.—(1) Ní dhéanfaidh aon ní san Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 cosc a chur le faisnéis a nochtadh don Bhanc, ar faisnéis í atá i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na nithe seo leanas—

(a) cuideachtaí cáilitheacha, de réir bhrí alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(b) Corparáidí um Meáin Airgeadais, de réir bhrí Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 24/2009 an 19 Nollaig 2008 ón mBanc Ceannais Eorpach⁵ maidir le staidreamh i dtaobh

⁵IO Uimh. L15, 20.1.2009, lch. 1

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Cd.13 A.88

sócmhainní agus dliteanais corparáidí um meáin airgeadais atá ag gabháil d'idirbhearta urrúsaithe.

(2) Ní ceadmhach don Bhanc faisnéis arna nochtadh don Bhanc de bhua *fho-alt (1)* a úsáid ach amháin i bhfeidhmiú fheidhmeanna an Bhainc agus ní dhéanfaidh an Banc í a nochtadh d'aon duine eile.

89.—Leasaítear alt 11 den Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000, i mír (d), trí “an Achta um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 nó aon rialachán arna ndéanamh faoin Acht sin agus” a scriosadh. Leasú ar alt 11 den Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000.

90.—Leasaítear an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000— Leasú ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

(a) in alt 33, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Féadfar, le rialacháin faoin alt seo, foráil éagsúil a dhéanamh i leith iarratais ar chead forbartha a dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann i gcásanna ina bhféadfadh nochtadh faisnéise i ndáil leis an iarratas lena mbaineann dochar a dhéanamh do shlándáil na forbartha nó na talún lena mbaineann, go seachtrach nó go himheánach, nó aon rochtain neamhúdaraíthe ag aon duine ar an talamh nó ón talamh a éascú, agus féadfar leis na rialacháin sin foráil a dhéanamh lena modhnófar oibriú alt 38 i ndáil le hiarratais sna cásanna sin.”,

agus

(b) in alt 142, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Féadfar, le rialacháin faoin alt seo, foráil éagsúil a dhéanamh i leith achomhairc i ndáil le hiarratais ar chead forbartha a dhéanfaidh Banc Ceannais na hÉireann i gcásanna dá dtagraítear in alt 33(5), agus féadfar leis na rialacháin sin foráil a dhéanamh lena modhnófar oibriú ailt 132 agus 146 i ndáil le hachomhairc den sórt sin.”.

91.—Leasaítear alt 56 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, i bhfo-alt (5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c): Leasú ar alt 56 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003.

“(c) is duine arna ainmniú nó arna hainmniú lena cheapadh nó lena ceapadh amhlaidh ag Cónaidhm Árachais na hÉireann (nó ag aon chomharba dá cuid) duine amháin díobh, agus

(d) is fostaí de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann arna ainmniú nó arna hainmniú lena cheapadh nó lena ceapadh amhlaidh ag Gobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann duine amháin díobh.”.

92.—Leasaítear an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008 trí alt 7 a aisghairm. Leasú ar an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008.

Cd.13 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Leasú ar alt 38 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010. **93.**—Leasaítear alt 38 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) I gcás go soláthróidh an tAire dreasú airgeadais faoi fho-alt (1) a bheidh i bhfoirm íocaíochta nó as a n-eascróidh íocaíocht, déanfar an íocaíocht as an bPríomh-Chiste nó as toradh fáis an Phríomh-Chiste.”.

Leasú ar alt 6 den Acht fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013. **94.**—Leasaítear alt 6 den Acht fá Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc, 2013 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) (a) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘Acht 1879’ an *Bankers’ Books Evidence Act 1879*.

(b) Más rud é—

(i) go mbeidh cóip de thaifead i leabhar baincírí (de réir bhrí alt 9(2) d’Acht 1879) le tabhairt ar aird i bhfianaise,

(ii) go mbeidh an leabhar i gcoimeád nó faoi rialú leachtaitheoir speisialta nó CÉRB, agus

(iii) go dtabharfaidh an leachtaitheoir speisialta nó oifigeach nó fostaí de chuid an leachtaitheora speisialta, nó duine eile a bheidh údaraithe go cuí chuige sin ag an leachtaitheoir speisialta, nó oifigeach nó fostaí de chuid CÉRB fianaise (ó bhéal nó le mionnscríbhinn)—

(I) go gcreideann sé nó sí go fírinneach go raibh an leabhar nó an taifead á choimeád i ngnáthchúrsa ghnó an bhainc, agus

(II) go bhfuil an leabhar i gcoimeád nó faoi rialú an leachtaitheora speisialta nó CÉRB,

ansin measfar gur comhlíonadh an ceanglas maidir le cruthúnas atá in alt 4 d’Acht 1879.

(c) Beidh éifeacht le hAcht 1879 i ndáil le leabhair agus taifid CÉRB amhail is—

(i) dá mba thagairtí do na nithe seo a leanas tagairtí san Acht sin do bhanc nó do bhaincírí—

(I) leachtaitheoir speisialta, nó

(II) CÉRB,

(ii) dá mba thagairtí do ghnáthleabhair agus do ghnáth-thaifid leachtaitheora speisialta nó CÉRB, de réir mar a bheidh, nó do ghnáthleabhair agus do ghnáth-thaifid CÉRB atá i gcoimeád nó faoi rialú leachtaitheoir speisialta, tagairtí san Acht sin do leabhair bhaincírí, agus

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Cd.13 A.94

- (iii) dá mba thagairtí do leachtaitheoir speisialta nó d'oifigeach nó d'fhostaí de chuid leachtaitheora speisialta, nó do dhuine eile a bheidh údaraithe go cúí chuige sin ag leachtaitheoir speisialta, nó d'oifigeach nó d'fhostaí de chuid CÉRB, tagairtí san Acht sin d'oifigeach do bhanc.”

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.* [2013.]

Alt 4.

SCEIDEAL 1
AISGHAIM AGUS CÚLGHAIM

Alt 4(1).

CUID 1
AISGHAIM

| Ítim (1) | Uimhir agus bliain (2) | Gearrtheideal (3) | Méid na haisghairme (4) |
|-------------|---------------------------|--|----------------------------|
| 1 | Uimh. 3 de 1989 | An tAcht Árachais, 1989 | Alt 3(2C) |
| 2 | Uimh. 16 de 1989 | Acht an Bhainc Ceannais, 1989 | Alt 87(3) |
| 3 | Uimh. 17 de 1989 | An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 | Alt 119(5) |
| 4 | Uimh. 21 de 1989 | An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989 | Alt 66(2) |
| 5 | Uimh. 37 de 1990 | An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990 | Alt 18(3) |
| 6 | Uimh. 24 de 1994 | An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 | Alt 41(3) |
| 7 | Uimh. 11 de 1995 | An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 | Alt 79(3) |
| 8 | Uimh. 24 de 1995 | An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 | Alt 14(3) |
| 9 | Uimh. 8 de 1997 | Acht an Bhainc Ceannais, 1997 | Alt 27K |
| 10 | Uimh. 15 de 1997 | An tAcht um Chomhar Creidmheasa, 1997 | Alt 171(5) |
| 11 | Uimh. 37 de 1998 | An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998 | Alt 43(3) |
| 12 | Uimh. 32 de 2001 | An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 | Alt 6(4) |
| 13 | Uimh. 47 de 2001 | An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001 | Alt 97 |
| 14 | Uimh. 2 de 2003 | An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 | Alt 5(3) |
| 15 | Uimh. 12 de 2005 | An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005 | Alt 21(4) |
| 16 | Uimh. 19 de 2007 | An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 | Alt 76 |
| 17 | Uimh. 23 de 2010 | An tAcht um Athchóirí an Bhainc Ceannais, 2010 | Cuid 5 |

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Sc.1

CUID 2

Alt 4(2).

CÚLGHAIRM

| Ítim (1) | Uimhir agus bliain (2) | Lua (3) | Méid na cúlghairme (4) |
|-------------|---------------------------|---|-----------------------------|
| 1 | I.R. Uimh. 727 de 2004 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ilchuideachtaí Airgeadais), 2004 | Rialachán 28(3) |
| 2 | I.R. Uimh. 13 de 2005 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Idirghabháil Árachais), 2005 | Rialachán 38(3) |
| 3 | I.R. Uimh. 380 de 2006 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Athárachas), 2006 | Rialachán 79(3) |
| 4 | I.R. Uimh. 60 de 2007 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2007 | Rialachán 164 agus 190(2) |
| 5 | I.R. Uimh. 383 de 2009 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Íocaíochta), 2009 | Rialachán 113(2) agus (3) |
| 6 | I.R. Uimh. 183 de 2011 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Airgead Leictreonach), 2011 | Rialachán 75(2) agus (3) |
| 7 | I.R. Uimh. 352 de 2011 | Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrúis Inaistrithe), 2011 | Rialachán 132(10) agus (11) |

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.* [2013.]

Alt 5.

SCEIDEAL 2

LEASUITHE AR ACHTANNA AN BHAINC CEANNAIS

Alt 5(1).

CUID 1

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CHEANNAIS, 1942

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|---|
| 1 | Alt 2 | <p>(a) I bhfo-alt (1), an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “achtacháin ainmnithe”:</p> <p>“ciallaíonn ‘achtacháin ainmnithe’, faoi réir fho-alt (2A), na hachtacháin a shonraítear i gCuid 1 de Sceideal 2 agus na hionstraimí reachtúla arna ndéanamh faoi aon cheann de na hachtacháin sin.”</p> <p>(b) An fo-alt seo a leanas a chur isteach:</p> <p>“(6) Mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, déanfar tagairtí san Acht seo do sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais a léamh mar thagairtí a fholaíonn duine a bhí ina sholáthraí rialáilte seirbhíse airgeadais nó ina soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais an tráth iomchuí.”</p> |
| 2 | Alt 18D(2) | I mír (a), “nó in éineacht le duine amháin nó níos mó a bhfuil eolas iomchuí acu i dtaobh aon cheann de na nithe a shonraítear in alt 24(1) (nó in éineacht leo araon)” a chur isteach i ndiaidh “de chuid an Bhainc”. |
| 3 | Alt 24(2) | <p>(a) I mír (c), “a líonadh,” a chur in ionad “a líonadh, nó”.</p> <p>(b) I mír (d), “mar chomhalta den sórt sin,” a chur in ionad “mar chomhalta den sórt sin.” agus an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na míre sin:</p> <p>“(e) go gcomhlíonfaidh sé nó sí feidhm rialaithe réamhcheadaitheach (de réir na brí a thugtar le halt 22 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010) nó go mbeidh scairshealbhan i soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais aige nó aici, ar scairshealbhan suntasach é i dtuairim an Aire,</p> <p>(f) gur breithníodh ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í (sa Stát nó in áit eile) nó go ndearna sé nó sí imshocraíocht lena chreidiúnaithe nó lena creidiúnaithe, nó</p> <p>(g) gur ciontaíodh é nó í i gcion (sa Stát nó in áit eile) agus gur gearradh mar phianbhreith air nó uirthi téarma príosúnachta a chur isteach i leith an chiona.”</p> |
| 4 | Alt 32B(2) | I mír (a), “2016” a chur in ionad “2011”. |
| 5 | Cuid IIIA | <p>Roimh alt 32L, an méid seo a leanas a chur in ionad cheanteideal na Caibidle:</p> <p>“Caibidil 3A <i>Cuntasacht</i>”.</p> |

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmíú), 2013.*

Sc.2

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) | | | | | | | | | | | | | | | | |
|------------------|---|---|------------------|------------------|---|------------------|------------------|--|-------|-----------------|---|-----------|------------------|--|-----------------|------------------|---|---|
| 6 | Alt 32L(3) | “agus” ag deireadh mhír (a) a scriosadh agus an mhír seo a leanas a chur isteach: “(aa) an Banc i ndáil le feidhmíú a chumhachtaí faoi <i>Chuid 2 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmíú), 2013, agus</i> ”. | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 7 | Alt 33AK(5) | “2010, nó” a chur in ionad “2010.” i mír (ao) agus an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh na míre sin: “(ap) chun aon chríche a bhaineann le feidhmeanna an Bhainc, an Aire, an Ghobharnóra nó an Cheannasaí Rialála Airgeadais nó bainisteora speisialta faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach), 2011.”. | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 8 | Alt 33AN | Sa mhíniú ar “sáraigh”, an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): “(b) cabhrú nó neartú le duine, nó comhairle a thabhairt do dhuine, nó a thabhairt ar dhuine, sárú a dhéanamh, agus”. | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 9 | Alt 57BC | An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7): “(8) Féadfaidh an tAire ó am go ham cibé suimeanna a airleacan chun na Comhairle, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, a chinnfidh an tAire chun na feidhmeanna a thugtar don Chomhairle leis an Acht seo maidir le haoisliúntas a chomhlíonadh.”. | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 10 | Sceideal 2, Cuid 1 | <p>(a) An méid seo a leanas a chur in ionad mhír 38:</p> <p>“</p> <table border="1"> <tr> <td>38</td> <td>Uimh. 23 de 2010</td> <td>An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010</td> <td>Codanna 3 agus 4</td> </tr> </table> <p>”.</p> <p>(b) An méid seo a leanas a chur isteach:</p> <p>“</p> <table border="1"> <tr> <td>Uimh. 27 de 1992</td> <td>An tAcht um Aistrithe Airgeadais, 1992</td> <td>Alt 4</td> </tr> <tr> <td>Uimh. 2 de 2005</td> <td>An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005</td> <td>Alt 42(6)</td> </tr> <tr> <td>Uimh. 13 de 2009</td> <td>An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009</td> <td>An tAcht iomlán</td> </tr> <tr> <td>Uimh. 26 de 2013</td> <td><i>Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmíú), 2013</i></td> <td>An tAcht iomlán seachas ailt 83 go 87 agus 89 go 94</td> </tr> </table> <p>”.</p> | 38 | Uimh. 23 de 2010 | An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 | Codanna 3 agus 4 | Uimh. 27 de 1992 | An tAcht um Aistrithe Airgeadais, 1992 | Alt 4 | Uimh. 2 de 2005 | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 | Alt 42(6) | Uimh. 13 de 2009 | An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009 | An tAcht iomlán | Uimh. 26 de 2013 | <i>Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmíú), 2013</i> | An tAcht iomlán seachas ailt 83 go 87 agus 89 go 94 |
| 38 | Uimh. 23 de 2010 | An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 | Codanna 3 agus 4 | | | | | | | | | | | | | | | |
| Uimh. 27 de 1992 | An tAcht um Aistrithe Airgeadais, 1992 | Alt 4 | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Uimh. 2 de 2005 | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 | Alt 42(6) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Uimh. 13 de 2009 | An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí), 2009 | An tAcht iomlán | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Uimh. 26 de 2013 | <i>Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmíú), 2013</i> | An tAcht iomlán seachas ailt 83 go 87 agus 89 go 94 | | | | | | | | | | | | | | | | |

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

| Ítim | An fhoráil dá ndéantar difear | An leasú | | | | |
|------------------------|---|---|---|---|---------------------|--|
| (1) | (2) | (3) | | | | |
| 11 | Sceideal 2, Cuid 2 | (a) An méid seo a leanas a chur in ionad mhír 36: | | | | |
| | | “ | | | | |
| | | 36 | I.R. Uimh. 48 de 2011 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forais Chreidmheasa a Atheagrú agus a Fhoirceannadh), 2011 | An ionstraim iomlán | |
| | | ” | | | | |
| | | (b) An méid seo a leanas a chur isteach: | | | | |
| | | “ | | | | |
| | | I.R. Uimh. 799 de 2007 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Faisnéis i dtaobh an íocóra a bheith ag gabháil le haistrithe cistí), 2007 | An ionstraim iomlán | | |
| | | I.R. Uimh. 247 de 2010 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gníomhaireachtaí Rátála Creidmheasa), 2010 | An ionstraim iomlán | | |
| I.R. Uimh. 352 de 2011 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfeistíochta in Urrús Inaistrithe), 2011 | An ionstraim iomlán | | | | |
| I.R. Uimh. 340 de 2012 | Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Díol Folamh), 2012 | An ionstraim iomlán | | | | |
| ” | | | | | | |

CUID 2

Alt 5(1).

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1971

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar dífeáil (2) | An leasú (3) |
|-------------|---------------------------------------|--|
| 1 | Alt 2(1) | (a) I mír (d) den mhíniú ar “comhlacht gaolmhar” “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. (b) An míniú seo a leanas a chur isteach: “ciallaíonn ‘an Coiste Baincéireachta Eorpach’ an coiste a bunaíodh de bhun Chinneadh 2004/10/CE ón gCoimisiún ⁶ .” |
| 2 | Alt 7 | I bhfo-alt (1), “thar ceann aon duine eile” a scriosadh. |
| 3 | Alt 10 | An leagan cuí gramadaí de “údarú faoi alt 9A(2)” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. |
| 4 | Alt 12 | (a) I bhfo-alt (1), “agus sealbhóirí údaruithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “sealbhóirí ceadúnas”. (b) I bhfo-alt (2)— (i) “nó údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnas”, agus (ii) “don Choiste Baincéireachta Eorpach” a chur isteach i ndiaidh “don Choimisiún Eorpach”. (c) I bhfo-alt (3)— (i) “agus sealbhóirí údaruithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “sealbhóirí ceadúnas”, agus (ii) an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d): “(dd) an Coiste Baincéireachta Eorpach;”. |
| 5 | Alt 17 | (a) “nó údaraithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “sealbhóirí ceadúnas”, gach áit a bhfuil sé. (b) I bhfo-alt (1), “nó sealbhóirí éagsúla údaruithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “sealbhóirí ceadúnas éagsúla”. |
| 6 | Alt 18 | “nó údaraithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnas” agus “nó an t-údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnas”. |
| 7 | Alt 19 | (a) I bhfo-alt (1)— (i) “nó údaraithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnas”, (ii) “nó an t-údarú” a chur isteach i ndiaidh “an ceadúnas”. (b) I bhfo-alt (2) “nó údaruithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnas”. |

⁶IO Uimh. L3, 7.1.2004, lch. 36

Sc.2

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.* [2013.]

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|---|
| 8 | Alt 20 | An leagan cuí gramadaí de “nó údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. |
| 9 | Alt 21 | An leagan cuí gramadaí de “nó údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. |
| 10 | Alt 22 | An leagan cuí gramadaí de “nó údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. |
| 11 | Alt 25 | An leagan cuí gramadaí de “nó údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. |
| 12 | Alt 26 | (a) I bhfo-ailt (1), (2), (3) agus (6), an leagan cuí gramadaí de “údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. (b) I bhfo-alt (4), “nó údaruithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnas”. |
| 13 | Alt 27(2) | I mír (a), “nó údaraithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnais”. |
| 14 | Alt 28(1) | “nó údaraithe faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh “ceadúnais”. |
| 15 | Alt 31 | An leagan cuí gramadaí de “nó údarú faoi alt 9A” a chur isteach i ndiaidh an leagain chomhfhreagraigh de “ceadúnas” gach áit a bhfuil sé. |

Alt 5(1).

CUID 3

LEASÚ AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS, 1997

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|---|
| 1 | Alt 32A(5)(b) | “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |

CUID 4

Alt 5(1).

LEASUITHE AR AN ACHT UM ATHCHÓIRIÚ AN BHAINC CEANNAIS, 2010

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|--|
| 1 | Alt 3 | An méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “oifigeach údaraithe”: “ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh faoi <i>Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> .” |
| 2 | Alt 23 | (a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): “(1) Ní cheapfaidh soláthraí rialáilte seirbhíse airgeadais duine chun feidhm rialaithe réamhcheadaitheach a chomhlíonadh mura mbeidh ceapachán an duine chun an fheidhm a chomhlíonadh ceadaithe i scríbhinn ag an mBanc.” (b) I bhfo-alt (6)(b), “(a) go (h)” a chur in ionad “(a) go (g)”. |
| 3 | Alt 25(3) | An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c): “(ca) gur mhainnigh an duine, is duine a ceapadh chun feidhm rialaithe réamhcheadaitheach a chomhlíonadh, nochtadh a dhéanamh don Bhanc faoi <i>alt 38(2) d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> nó go ndearna sé nó sí nochtadh den sórt sin agus a fhios aige nó aici go raibh sé bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha.” |
| 4 | Alt 43(2) | An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c): “(ca) gur mhainnigh an duine, is duine a ceapadh chun feidhm rialaithe réamhcheadaitheach a chomhlíonadh, nochtadh a dhéanamh don Bhanc faoi <i>alt 38(2) d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> nó go ndearna sé nó sí nochtadh den sórt sin agus a fhios aige nó aici go raibh sé bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha.” |
| 5 | Alt 52 | (a) An méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2): “(2A) Féadfaidh an Banc, dá rogha féin, duine atá cáilithe go hoiriúnach (lena n-áirítear duine nach oifigeach nó fostaí de chuid an Bhainc) a cheapadh chun feidhm (nó aon chuid d’fheidhm) de chuid an Bhainc faoin gCuid seo a chomhlíonadh, seachas aon fheidhm arb éard atá inti rialacháin a dhéanamh nó cóid a eisiúint, má mheasann an Banc gur gá nó gur cuí déanamh ahlaidh chun a chinntiú go gcomhlíonfar feidhmeanna an Bhainc faoin gCuid seo go héifeachtúil agus go héifeachtach.” |

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--|--|
| | | <p>(b) I bhfo-alt (3)—</p> <p>(i) “, (2) agus (2A)” a chur in ionad “agus (2)”,</p> <p>(ii) “aon cheann de na fo-ailt sin” a chur in ionad “ceachtar de na fo-ailt sin”, agus</p> <p>(iii) “, don Cheannasaí Rialála Airgeadais nó don Bhanc” a chur in ionad “nó don Cheannasaí Rialála Airgeadais”.</p> |
| 6 | Alt 54 (a cuireadh isteach leis an Acht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche, 2012) | <p>An t-alt seo a leanas a chur isteach ina ionad:</p> <p>“Comhoibriú le húdarás Bhallstáit nó údarás tríú tír.</p> <p>54.— (1) San alt seo, ciallaíonn ‘údarás Bhallstáit nó údarás tríú tír’ údarás i ndlíne seachas dlínse an Stáit atá údaraithe go cuí chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá cosúil le haon fheidhm amháin nó níos mó d’fheidhmeanna reachtúla an Bhainc.</p> <p>(2) Ar iarraidh a fháil ó údarás Bhallstáit nó ó údarás tríú tír déanamh amhlaidh i ndáil le haon ní, féadfaidh an Banc—</p> <p>(a) faisnéis a éileamh i dtaobh an ní ar cheangail an Banc, nó a bhféadfadh go gceanglódh an Banc, faisnéis a sholáthar nó doiciméid a thabhairt ar aird maidir leis faoi aon fhoráil den reachtaíocht a bhaineann le seirbhísí airgeadais, nó</p> <p>(b) a údarú d’oifigeach údaraithe amháin nó níos mó aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí a fheidhmiú chun an ní a imscrúdú.</p> <p>(3) Le linn breith a thabhairt i dtaobh an bhfeidhmeoidh sé aon cheann dá chumhachtaí faoi fho-alt (2) nó nach bhfeidhmeoidh, féadfaidh an Banc na nithe seo a leanas, go háirithe, a chur i gcuntas:</p> <p>(a) an dtabharfaí cúnaimh comhréireach i dtír nó i gcríoch an údarás Bhallstáit nó an údarás tríú tír d’údarás arna údarú go cuí sa Stát chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá ar aon dul le feidhmeanna a fheidhmíonn an t-údarás Bhallstáit nó an t-údarás tríú tír;</p> <p>(b) an mbaineann an cás le sárú ar dhlí, nó le sárú ar cheanglas eile, nach bhfuil aon dlí ná ceanglas atá dlúth-chomhthreomhar leis ann sa Stát nó an bhfuil forfheidhmiú dlínse nach n-aithnítear sa Stát i gceist leis;</p> <p>(c) a thromaí atá an cás, agus a thábhachtaí atá sé do dhaoine sa Stát;</p> <p>(d) an cuí thairis sin é ar mhaithe le leas an phobail an cúnaimh a iarrrtar a thabhairt.</p> |

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|--|
| | | <p>(4) Féadfaidh an Banc breith a thabhairt nach bhfeidhmeoidh sé aon cheann dá chumhachtaí faoi fho-alt (2), mura ngeallfaidh an t-údarás Ballstáit nó an t-údarás tríú tír go n-íocfaidh sé cibé ranníoc faoi chomhair chostas an fheidhmithe sin is cúil leis an mBanc.</p> <p>(5) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (3) ná (4) má mheasann an Banc gur gá a chumhacht a fheidhmiú chun aon oibleagáid a chomhlíonadh a bhunaítear leis na Conarthaí a rialaíonn an tAontas Eorpach nó a eascraíonn fúthu.</p> <p>(6) Má údaraíonn an Banc oifigeach údaraithe chun críocha fho-alt (2)(b), féadfaidh an Banc a ordú don oifigeach údaraithe a cheadú d'ionadaí de chuid an údaráis Ballstáit nó de chuid an údaráis tríú tír freastal ar aon agallamh a sheoltar chun an ní lena mbaineann a imscrúdú, agus páirt a ghlacadh ann.</p> <p>(7) Ní thabharfar ordachán faoi fho-alt (6) mura deimhin leis an mBanc, maidir le haon fhaisnéis a gheobhaidh údarás Ballstáit nó údarás tríú tír mar thoradh ar an agallamh, go mbeidh sí faoi réir oibleagáidí maidir le neamhnochtadh faisnéise atá cosúil leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an mBanc in alt 33AK d'Acht 1942.</p> <p>(8) Ní cheanglófar ar dhuine, chun aon chumhacht faoin alt seo a fheidhmiú, freagra a thabhairt ar aon cheist a d'ionchoireadh an duine.”.</p> |

CUID 5

Alt 5(1).

LEASUITHE AR ACHT AN BHAINC CEANNAIS AGUS NA BHFORAS
CREIDMHEASA (RÉITEACH), 2011

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|--|
| 1 | Alt 14 | An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4): “(4) Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith cion faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.”. |
| 2 | Alt 18(2) | “faoi na treoracha maoirseachta” a chur in ionad “faoi na hachtacháin maoirseachta”. |

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.* [2013.]

SCEIDEAL 3

LEASUITHE AR ACHTANNA ÁIRITHE EILE

Alt 5(2).

CUID 1

LEASUITHE AR AN ACHT UM IDIRGHABHÁLAITHE INFHEISTÍOCHTA, 1995

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|---|
| 1 | Alt 2(1) | Sa mhíniú ar “oifigeach údaraithe”, “faoi <i>Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> ” a chur in ionad “faoi <i>Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010</i> ”. |
| 2 | Alt 20(6) | “faoi <i>Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> ” a chur in ionad “faoi <i>Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010</i> ”. |

Alt 5(2).

CUID 2

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHOMHAR CREIDMHEASA, 1997

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|--|
| 1 | Alt 90 | I bhfo-ailt (1) agus (3), “faoi <i>Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> ” a chur in ionad “faoi <i>Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010</i> ”. |
| 2 | Alt 91 | An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): “(1) Má cheanglaítear air nó uirthi déanamh amhlaidh trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ag an mBanc aon tráth— (a) déanfaidh comhar creidmheasa, (b) déanfaidh aon duine atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach, ina chomhalta nó ina comhalta, ina chúntóir saorálach nó ina cúnatóir saorálach nó ina ghníomhaire nó ina gníomhaire de chuid comhair creidmheasa nó ina leachtaitheoir ar chomhar creidmheasa, agus (c) déanfaidh aon duine eile a bhfuil aon leabhair nó doiciméid a bhaineann le comhar creidmheasa ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina chumhacht nó faoina cumhacht, cibé leabhair nó doiciméid a bhaineann leis an gcomhar creidmheasa agus atá i seilbh nó faoi chumhacht an chomhair creidmheasa nó an duine sin, agus cibé faisnéis a bhaineann le gnó an chomhair creidmheasa, a shonrófar san fhógra agus a theastóidh le réasún ón mBanc i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoin Acht seo, a thabhairt don Bhanc.”. |

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Sc.3

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|---|---|
| 3 | Alt 93(1) | An méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b): “(b) tá le ‘gníomhaire’ an bhrí chéanna atá leis in alt 21 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.”. |
| 4 | Alt 95 | I bhfo-alt (1), “, tar éis d’oifigeach údaraithe aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 a fheidhmiú,” a chur in ionad “, tar éis iniúchadh faoi alt 90.”. |
| 5 | Alt 95A (a cuireadh isteach leis an Acht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialálaithe Coigríche, 2012) | I bhfo-alt (1), “tar éis d’oifigeach údaraithe aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 a fheidhmiú,” a chur in ionad “tar éis iniúchadh faoi alt 90”. |
| 6 | Alt 96(1) | “tar éis d’oifigeach údaraithe aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 a fheidhmiú,” a chur in ionad “tar éis iniúchadh faoi alt 90”. |
| 7 | Alt 186(3) | “nó le Cuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013,” a chur isteach i ndiaidh “leis an Acht seo”. |

CUID 3

Alt 5(2).

LEASUITHE AR AN ACHT UM CHÚITEAMH D’INFHEISTEoirí, 1998

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|--------------------------------------|---|
| 1 | Alt 9 | (a) An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): “(1) San alt seo, ciallaíonn “Acht 2013” “Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.”. (b) “faoi Chuid 3 d’Acht 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 d’Acht 2010” gach áit a bhfuil sé. |
| 2 | Alt 33(2) | “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |

Sc.3 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013.* [2013.]

Alt 5(2).

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS (SCÉIM RÁTHAÍOCHTA
TAISCÍ), 2009

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|-------------|---|---|
| 1 | Alt 9 | An méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3): “(3) Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith cion faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.” |

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

SCEIDEAL 4

Alt 5.

LEASUITHE AR IONSTRAIMÍ REACTÚLA ÁIRITHE

CUID 1

Alt 5(3).

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (MARGÁI IN IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS), 2007

(I.R. Uimh. 60 de 2007)

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|----------|-----------------------------------|---|
| 1 | Rialachán 3(1) | Sa mhíniú ar “oifigeach údaraithe”, “faoi Chuid 5 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |
| 2 | Rialachán 6(7) | “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |
| 3 | Rialachán 14(1)(b) | “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |
| 4 | Rialachán 147(1)(g)(ii) | “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |

CUID 2

Alt 5(3).

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (MAIRSEACHT FHORLÍONTACH AR GHRÚPAÍ ÁRACHAIS AGUS ATHÁRACHAIS), 2007

(I.R. Uimh. 366 de 2007)

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar (2) | An leasú (3) |
|----------|----------------------------|---|
| 1 | Rialachán 3(1) | Sa mhíniú ar “oifigeach údaraithe”, “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |
| 2 | Rialachán 9(7) | “faoi Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013” a chur in ionad “faoi Chuid 5 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010”. |

Sc.4 [Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

Alt 5(3).

CUID 3

LEASUITHE AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (FAISNÉIS I DTAOBH AN ÍOCÓRA A BHEITH AG GABHÁIL LE HAISTRITHE CISTÍ), 2007

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|----------|-----------------------------------|--|
| 1 | Rialachán 1 | An míniú seo a leanas a chur isteach: “ciallaíonn ‘oifigeach údaraithe’ oifigeach údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh faoi <i>Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013;</i> ”. |
| 2 | Rialachán 4 | An méid seo a leanas a chur in ionad Rialachán 4: “4. D’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán ón bParlaimint agus ón gComhairle, féadfaidh oifigeach údaraithe aon cheann de na cumhachtaí a thugtar dó nó di faoi <i>Chuid 3 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> a fheidhmiú.”. |

Alt 5(3).

CUID 4

LEASÚ AR RIALACHÁIN NA gCOMHPHOBAL EORPACH (FORAIS CHREIDMHEASA A ATHEAGRÚ AGUS A FHOIRCEANNADH), 2011

(I.R. Uimh. 48 de 2011)

| Ítim (1) | An fhoráil dá ndéantar difear (2) | An leasú (3) |
|----------|-----------------------------------|---|
| 1 | Rialachán 2(2) | An fhomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (x): “(xi) ordachán arna thabhairt ag an mBanc faoi <i>Chuid 7 d’Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013</i> ina mbeidh dearbhú á rá gurb é atá beartaithe leis, nó le cuid de, staid airgeadais forais creidmheasa a chaomhnú nó a athbhunú, i gcás gur féidir leis an ordachán difear a dhéanamh do chearta tríú páirtithe atá ann roimh theacht in éifeacht don ordachán.”. |

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

SCEIDEAL 5

Alt 41.

SÁSAMH MAR GHEALL AR SHÁRÚ AR *alt 41(1)*

Gearáin le coimisinéir um chearta.

1. (1) Féadfaidh fostaí (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, le toiliú an fhostaí) nó, le toiliú an fhostaí, féadfaidh aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí gearán a thíolacadh do choimisinéir um chearta á rá gur sháraigh fostóir an fhostaí *alt 41(1)* i ndáil leis an bhfostaí.

(2) I gcás go ndéanfar gearán faoi *fhomhír (1)*, déanfaidh an coimisinéir um chearta—

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil ón gcoimisinéir agus aon fhianaise atá iomchuí maidir leis an ngearán a thíolacadh don choimisinéir,
- (b) breith i scríbhinn a thabhairt i ndáil leis, agus
- (c) an bhreith a chur in iúl do na páirtithe.

(3) Maidir le breith ó choimisinéir um chearta faoi *fhomhír (2)*, déanfar ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas léi:

- (a) a dhearbhuú go raibh nó nach raibh bonn leis an ngearán;
- (b) a cheangal ar an bhfostóir cur chuige sonraithe a ghlacadh agus, i gcás gur dífhostú de réir bhrí *alt 37(3)* an pionósú, féadfaidh athfhostú nó athfhrúiliú a bheith ar áireamh sa chur chuige sin;
- (c) a cheangal ar an bhfostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí ar cúiteamh é de cibé méid (más ann) is cóir agus is cothromasach ag féachaint do na himthosca go léir ach gan dul thar luach saothair 2 bhliain i leith fhostaíocht an fhostaí arna ríomh de réir rialacháin faoi alt 17 den Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977.

(4) Déanfar na tagairtí i *gclásail (b)* agus *(c) d'fhomhír (3)* d'fhostóir a fhorléiriú, i gcás go n-athróidh úinéireacht ghnó an fhostóra tar éis don sárú lena mbaineann an gearán tarlú, mar thagairtí don duine a thiocfaidh chun bheith i dteideal na húinéireachta sin de bhua an athraithe.

(5) Faoi réir *fhomhír (7)*, ní thabharfaidh coimisinéir um chearta aird ar ghearán faoin mír seo má thíolactar dó nó di é tar éis dheireadh na tréimhse 6 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán.

(6) D'ainneoin *fhomhír (5)*, féadfaidh coimisinéir um chearta aird a thabhairt ar ghearán faoin mír seo a thíolactar dó nó di tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfomhír (5)* (ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin) más deimhin leis nó léi gur imthosca eisceachtúla ba chúis leis an mainneachtain an gearán a thíolacadh laistigh den tréimhse sin.

(7) I gcás gur mífhaisnéis ón bhfostóir is cúis le fostaí do dhéanamh moille gearán a thíolacadh faoin mír seo, forléireofar

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

fomhír (5) amhail is dá mba thagairt don dáta a tháinig an mhífhaisnéis ar iúl an fhostaí an tagairt do dháta an tsáraithe.

(8) Tíolacfar gearán trí fhógra ina thaobh a thabhairt i scríbhinn do choimisinéir um chearta agus beidh cibé sonraí san fhógra, agus beidh sé i cibé foirm, a shonróidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ó am go ham.

(9) Tabharfaidh an coimisinéir um chearta lena mbaineann cóip d'fhógra faoi *fhomhír (8)* don pháirtí eile lena mbaineann.

(10) Déanfar imeachtaí faoin mír seo os comhair coimisinéir um chearta a sheoladh ar shlí seachas go poiblí.

(11) Déanfaidh coimisinéir um chearta cóip de gach breith a thabharfaidh an coimisinéir faoi *fhomhír (2)* a thabhairt don Chúirt Oibreachais.

Achomhairc in aghaidh breitheanna ó choimisinéir um chearta.

2. (1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais in aghaidh breith ó choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(2)* agus, má dhéanann an páirtí amhlaidh, déanfaidh an Chúirt Oibreachais—

- (a) deis a thabhairt do na páirtithe éisteacht a fháil uaithe agus aon fhianaise atá iomchuí maidir leis an achomharc a thíolacadh di,
- (b) cinneadh i scríbhinn a dhéanamh i ndáil leis an achomharc lena ndéanfar an bhreith a dhaingniú, a athrú nó a chur ar ceal, agus
- (c) an cinneadh a chur in iúl do na páirtithe.

(2) Déanfaidh an páirtí lena mbaineann achomharc faoin mír seo a thionscnamh trí fhógra i scríbhinn don Chúirt Oibreachais, laistigh de 6 seachtaine (nó cibé tréimhse is faide ná sin a chinnfidh an Chúirt Oibreachais sna himthosca áirithe) ón dáta a cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl don pháirtí, ar fógra é ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an Chúirt Oibreachais faoi *chlásail (e)* agus *(f)* (a mhéid a bhaineann sé leis an *gclásal sin (e)*) *d'fhomhír (4)* agus ina ndéanfar go bhfuil sé ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe.

(3) Tabharfaidh an Chúirt Oibreachais cóip d'fhógra faoi *fhomhír (2)* d'aon pháirtí eile lena mbaineann a luaithe is indéanta tar éis don Chúirt Oibreachais an fógra a fháil.

(4) Cinnfidh an Chúirt Oibreachais na nithe seo a leanas agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil leo:

- (a) an nós imeachta i ndáil leis na nithe go léir a bhaineann le hachomhairc a thionscnamh agus leis an gCúirt Oibreachais d'éisteacht achomhairc faoin mír seo;
- (b) na tráthanna agus na hionaid a n-éistfear achomhairc den sórt sin;
- (c) ionadaíocht na bpáirtithe in achomhairc den sórt sin;

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Sc.5

- (d) foilsiú cinntí ón gCúirt Oibreachais agus fógra a thabhairt ina dtaobh;
- (e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi *fhómhír (2)*;
- (f) aon nithe a leanfaidh as na nithe dá dtagraítear i *gclásail (a)* go *(e)* nó a ghabfaidh leo.

(5) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais ceist dlí a eascróidh in imeachtaí os a comhair faoin mír seo a tharchur chuig an Ard-Chúirt chun go ndéanfaidh an Ard-Chúirt cinneadh ina leith agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(6) Féadfaidh páirtí in imeachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais faoin mír seo achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt in aghaidh cinneadh ón gCúirt Oibreachais ar phonc dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

Míreanna 1 agus 2: forálacha forlíontacha.

3. (1) Beidh cumhacht ag an gCúirt Oibreachais, ar aon achomharc a tharchuirfear chuici faoi *mhír 2* a éisteacht, fianaise a ghlacadh faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus, chun na críche sin, féadfaidh sí a chur faoi deara go ndéanfaidh daoine a bheidh ag freastal mar fhinnéithe ag an éisteacht sin mionn a ghlacadh nó dearbhasc a dhéanamh.

(2) Féadfaidh an Chúirt Oibreachais, trí fhógra i scríbhinn sa chéill sin a thabhairt d'aon duine, a cheangal ar an duine sin freastal ag cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san fhógra agus—

- (a) fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní a ndearnadh achomharc ina leith chun na Cúirte Oibreachais faoi *mhír 2*, nó
- (b) aon doiciméad a shonrófar san fhógra i ndáil leis an ní agus a bheidh i seilbh nó faoi chumhacht an duine a thabhairt ar aird.

(3) Beidh na pribhléidí agus na díolúintí céanna ag finné in éisteacht achomhairc os comhair na Cúirte Oibreachais atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte.

(4) Más rud é—

- (a) nach ndearna an fostóir lena mbaineann breith ó choimisinéir um chearta i ndáil le gearán faoin Sceideal seo a chur i gcrích de réir a téarmaí, agus
- (b) go ndeachaigh an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe in éag agus nach ndearnadh aon achomharc den sórt sin nó, má rinneadh achomharc den sórt sin, gur tréigeadh é,

féadfaidh an fostaí lena mbaineann (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir an fhostaí, le toiliú an fhostaí) nó, le toiliú an fhostaí, féadfaidh aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí an gearán a thabhairt os comhair na Cúirte Oibreachais agus déanfaidh an Chúirt Oibreachais cinneadh a mbeidh an éifeacht chéanna leis atá leis an mbreith, gan an fostóir lena mbaineann ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht.

[Uimh. 26.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [2013.] agus Forfheidhmiú), 2013.*

(5) Tabharfar gearán os comhair na Cúirte Oibreachais faoi *fhomhír (4)* trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chúirt Oibreachais ina mbeidh cibé sonraí (más ann) a chinnfidh an Chúirt Oibreachais.

(6) Déanfaidh an Chúirt Oibreachais, ar mhodh is dóigh léi is cuí, sonraí a fhoilsiú i dtaobh aon chinneadh a dhéanfaidh sí faoi aon cheann de *chlásail (a)* go *(f) d'fhomhír (4)* de *mhír 2* (nach cinneadh maidir le hachomharc áirithe faoin mír sin) agus faoi *fhomhír (5)*.

Cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú.

4. (1) Má mhainníonn fostóir cinneadh ón gCúirt Oibreachais i ndáil le gearán faoi *mhír 1* a chur i gcrích de réir a théarmaí laistigh de 28 lá ón dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, déanfaidh an Chúirt Chuarda ordú, ar iarratas chuici chuige sin—

(a) ón bhfostaí lena mbaineann (nó, i gcás fostaí nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir an fhostaí, le toiliú an fhostaí), nó

(b) le toiliú an fhostaí, ó aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí,

gan an fostóir ná aon fhianaise (seachas i ndáil leis na nithe réamhráite) a éisteacht, á ordú don fhostóir an cinneadh a chur i gcrích de réir a théarmaí.

(2) Maidir leis an tagairt i *bhfomhír (1)* do chinneadh ón gCúirt Oibreachais, is tagairt í do chinneadh nach mbeidh, ar dhul in éag don tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh ina choinne, aon achomharc den sórt sin déanta i ndáil leis nó, más rud é go ndearnadh achomharc den sórt sin, gur tréigeadh é, agus léifear an tagairt san *fhomhír* sin don dáta a chuirfear an cinneadh in iúl do na páirtithe, i gcás go dtréigfear achomharc den sórt sin, mar thagairtí do dháta an tréigin sin.

(3) In ordú faoin mír seo lena bhforálfar go n-íocfar cúiteamh, féadfaidh an Chúirt Chuarda, más dóigh léi gur cuí sna himthosca go léir déanamh amhlaidh, a ordú don fhostóir lena mbaineann ús ar an gcúiteamh a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann (de réir an ráta in aghaidh na bliana a bheidh sonraithe de thuras na huaire in alt 26 den *Debtors (Ireland) Act 1840*) do gach lá nó cuid de lá dar tosach 28 lá tar éis an lae a chuirfear cinneadh na Cúirte Oibreachais in iúl do na páirtithe agus dar críoch an lá díreach roimh an lá a dhéanfar ordú na Cúirte Cuarda.

(4) Aon iarratas faoin mír seo chun na Cúirte Cuarda, déanfar é chuig an mbreitheamh den Chúirt Chuarda don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbaineann nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, trádáil, gnó nó slí bheatha.

Forálacha a bhaineann le foirceannadh agus féimheacht.

5. (1) Le linn dáileadh a dhéanamh ar shócmhainní cuideachta a bheidh á foirceannadh, áireofar ar na fiacha a bheidh le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile faoi alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, an cúiteamh go léir is iníoctha de bhua breith faoi *mhír 1(2)(b)* nó de bhua cinneadh faoi *mhír 2(1)(b)* ag an gcuideachta le fostaí, agus beidh éifeacht leis an Acht sin dá réir sin. Ní bheidh gá le cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtabharfar tosaíocht faoin bhfomhír seo ach amháin i gcásanna ina bhforálfar dá mhalairt le rialacha arna ndéanamh faoin Acht sin.

[2013.] *Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú [Uimh. 26.] agus Forfheidhmiú)*, 2013.

Sc.5

(2) Le linn dáileadh a dhéanamh ar mhaoin féimhigh nó féichiúnaí comhshocraíochta, áireofar ar na fiacha a bheidh le híoc i dtosaíocht ar gach fiach eile faoi alt 81 den Acht Féimheachta, 1988, an cúiteamh go léir is iníochta le fostaí de bhua breith faoi *mhír 1(2)(b)* nó de bhua cinneadh faoi *mhír 2(1)(b)* ag an bhféimheach nó ag an bhféichiúnaí comhshocraíochta, agus beidh éifeacht leis an Acht sin dá réir sin. Ní bheidh gá le cruthúnas foirmiúil ar na fiacha dá dtabharfar tosaíocht faoin bhfomhír seo ach amháin i gcásanna ina bhforálfar dá mhalairt faoin Acht sin.

Leasú ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984.

6. Leasaítear alt 6 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984—

(a) i bhfo-alt (2)(a)—

(i) i bhfomhír (xxviii), trí “agus” a scriosadh i ndiaidh “den Sceideal sin,”

(ii) i bhfomhír (xxix), trí “den Acht sin, agus” a chur in ionad “den Acht sin.”, agus

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (xxix):

“(xxx) aon mhéid a cheanglaítear ar fhostóir a íoc de bhua breith ó choimisinéir um chearta faoi *mhír 1(2)(b)* de *Sceideal 5* a ghabhann le *hAcht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013* nó cinneadh ón gCúirt Oibreachais faoi *mhír 2(1)(b)* den Sceideal sin.”,

(b) i bhfo-alt (2)(b), trí “, (xxix) nó (xxx)” a chur in ionad “nó (xxix)”,

(c) i bhfo-alt (2)(c), trí “, (xxix) nó (xxx)” a chur in ionad “nó (xxix)”, agus

(d) i bhfo-alt (9), sa mhíniú ar “dáta iomchuí”, trí “, (xxix) nó (xxx)” a chur in ionad “nó (xxix)”.